



An Coimisiún um
Rialáil Cumarsáide

Commission for
Communications Regulation



Ráiteas Straitéise um Chumarsáid Leictreonach **2021 go 2023**

Séanadh Dlíthiúil

Ní doiciméad dlí ceangailteach é an doiciméad seo agus níl, ach oiread, aon chomhairle dlí, tráchtála, airgeadais, teicniúil ná comhairle de aon chineál eile ann. Níl an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide faoi cheangal aige, ná ní gá go leagtar amach ann an dearcadh deifnídeach amach agus amach atá ag an gCoimisiún maidir le hábhair áirithe. Sa mhéid go bhféadfadh aon neamhleanúnachas a bheith idir a bhfuil sa doiciméad seo agus cur i bhfeidhm mar is cuí a fheidhmeanna agus a chumhachtaí, agus dualgais á gcomhlíonadh agus cuspóirí ábhartha á mbaint amach faoin dlí, tá inneachar den chineál sin gan dochar do sheasamh dlíthiúil an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide. Dá bhrí sin, níor cheart brath go míchuí ar a bhfuil sa doiciméad seo.

An t-ábhar

1. Achoimre Feidhmiúcháin

7

2. Réamhrá

13

Cúlra	13
Ár dTimpeallacht Oibriúcháin	13
Ár Misean.....	15
Ár bhFís	15
Ár Straitéis sna Cúig Bliana amach romhainn.....	16

3. Comhthéacs ár Straitéise

19

An Comhthéacs Eacnamaíoch.....	19
An Timpeallacht Gheilleagrach	19
Eacnamaíocht na Cumarsáide Leictreonaí.....	19
Teipeanna Margaidh.....	19
An Comhthéacs Dílíthiúil.....	20
An Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach	20
Treochtaí agus Dúshlán	21
Nascacht Fheabhsaithe agus Teicneolaíochtaí Nua	21
Eispéireas an Tomhaltóir	22
Teacht chun Cinn na Margaí Cóngaracha agus Gaolmhara.....	22
Todhchaí Athraitheach na Rialacháin san Earnáil	22

4. Iomaíocht & Infheistíocht

25

Réamhrá	25
Iomaíocht i Margaí Seasta agus Soghluaiste.....	26
ECN / ECS agus tírdhreach iomaíoch na hÉireann	26
Iomaíocht ar líonraí fosaithe	27
Iomaíocht ar líonraí móibíleacha.....	28
Staid na hiomaíochta sna margaí miondíola	29
Infheistíocht in ECN / ECS	29
An Iomaíocht agus an Infheistíocht.....	29
Iomaíocht Miondíola.....	29
Margaí Mórdhíola agus Rialáil ar Rochtain	30
Rialachán Rochtana – an Creat SMP.....	31
Rialáil a tharraingt siar go tráthúil.....	33
Infheistíocht agus Cinnteacht Rialála.....	33
Líonraí Oidhreachta.....	36
Ionchuir Riachtanacha: Acmhainn Speictrim agus Uimhrithe.....	37
Speictream.....	37
Uimhreacha.....	40

5. Cosaint Thomhaltóirí

42

Díobháil do Thomhaltóirí	43
Ceisteanna agus gearáin ó thomhaltóirí	43
Taighde, Faisnéis Mhargaidh agus Staidéar Iompraíochta.....	45

Painéil Chomhairleacha agus Rannpháirtíocht	45
Bailiú Faisnéise, Monatóireacht ar Chomhlíonadh agus Imscrúduithe	45
Ag dul i ngleic le dochar tomhaltóirí	45
Turas an Tomhaltóra	46
Céim 1 - Ar lorg tairiscint seirbhíse	47
Céim 2 - Clárú le haghaidh seirbhíse	49
Céim 3 - An tSeirbhís a Úsáid	50
Staid 4 - Ag fágáil an Chonartha / Ag Athrú	51
Seirbhís Uilíoch - Rochtain inacmhainne ar sheirbhísí bunúsacha	53
Gearáin agus Cúiteamh Tomhaltóirí	54
Cumarsáid agus Rannpháirtíocht	55

6. Nascacht & Teacht Aniar an Líonra 58

Réamhrá	58
Nádúr Riachtanach na Nascachta	60
Cuimsiú Digiteach agus Clúdach Líonra	60
Teacht Aniar, Iontaofacht agus Slándáil Líonra (NRRS)	62
Bonneagar Digiteach Riachtanach	62
Ag Tacú le hIdirghabhálacha	63
Státchabhair agus Seirbhís Uilíoch	64
Clúdach Soghluaiste	65
Feidhmiú céimneach an Líonra Sheasta	65
Slándáil Líonra & Teacht Aniar	66

7. Comhlíonadh agus Forfheidhmiú 69

Forbhreathnú	69
Timpeallachtaí Forfheidhmithe Éagsúla	70
Comhlíonadh agus forfheidhmiú i gcomhthéacs na bainistíochta speictrim	70
Comhlíonadh agus forfheidhmiú i gcomhthéacs na rialáil mórdhíola	70
Comhlíonadh agus forfheidhmiú i gcomhthéacs chosaint tomhaltóirí	71
Cultúr an Chomhlíonta	71
Samhail Rialachais Rialála Eircom	72
Monatóireacht Ghníomhach	73
Forfheidhmiú Spriocdhírthe	73
Díspreagadh Éifeachtach	74
Dlí Iomaíochta Ex-Post	76

8. Eagraíocht ComReg 78

Forbhreathnú	78
ComReg mar rialtóir eolasach	79
Rannpháirtíocht agus Abhchóideacht Geallshealbhóirí	80
Rannpháirtíocht leis an Tionscal	81
Rannpháirtíocht le Tomhaltóirí agus leis an bpobal i gcoitinne	81
Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta	82
Ár Sainordú agus Ár Ról	82
Rialáil don Ré Dhigiteach	83
Ár nEagraíocht	84

Gluais 89

Réamhrá

Níl aon dabht ach go ndearna paindéim Covid-19 athmhúnlú ar an tsochaí dhomhanda, agus gur tháinig athrú ar an chaoi a n-oibrímid mar dhaoine aonair, mar theaghlaigh, mar oibrithe agus mar ghnólachtaí. Chomh maith le bheith ina bhagairt dár sláinte agus dár gcóras sláinte, bhí tionchar dochreidte ag Covid-19 ar Éirinn – ón neamhchinnteacht a bhain le cursaí eacnamaíochta go dtí an leithlisiú sóisialta. In ainneoin na ndúshlán a shamhlódh duine a bheith dosháraithe, léirigh sochaí na hÉireann go bhfuil teacht aniar suntasach inti agus muid ag tabhairt faoin ngeilleagar a atógáil don todhchaí.

Bhí ról lárnach ag earnáil na cumarsáide leictreonaí ó thaobh an teacht aniar seo a chothú, agus í ag tacú leis seirbhísí a bhí riachtanach dúinn agus a chuir ar ár gcumas fanacht nasctha le chéile ar bhealaí nua. Le linn na paindéime, d'éirigh leis na h-oibreoirí teileachumarsáide, den chuid is mó, déileáil leis an mborradh a bhí faoin trácht líonra gan mórán cur isteach ar an tseirbhís. Ní bheidh ar a gcumas é seo a dhéanamh feasta mura ndéantar infheistíocht bhreise i líonraí iontaofa agus i seirbhís níos fearr do chustaiméirí, go háirithe i gcás na n-úsáideoirí deiridh sin nach bhfuil nascacht leordhóthanach acu chun tairbhe a bhaint as na seirbhísí nua cianfhoghlama, teilea-oibre, ríomhthráchtála agus ríomhshláinte a tháinig chun cinn mar fhreagairt ar an bpaindéim.

Agus é ag feidhmiú mar rialtóir don earnáil chumarsáide, déanann ComReg a dhícheall a chinntiú go n-oibríonn na margaí cumarsáide leictreonaí ar mhaithe le gach úsáideoir deiridh – go háirithe úsáideoirí leochaileacha – agus go ndéantar infheistíocht éifeachtúil a spreagadh i gcásanna ina bhféadfadh an iomaíocht a bheith easnamhach. Leis an gCód

nua um Chumarsáid Leictreonach Eorpach, beidh fáil ar chreat rialála nuashonraithe lena neartóimid ár n-uirlisí iomaíochta agus comhlíonta i bhfianaise na bhforbairtí nua ó thaobh teicneolaíochta agus margaidh. Táimid ag tnúth freisin le cur i bhfeidhm na reachtaíochta príomha chun cur lenár gcumhachtaí forfheidhmiúcháin, mar atá leagtha amach i gClár an Rialtais, agus is díol sásaimh é an méadú a cuireadh le déanaí ar acmhainní ComReg chun a chinntiú go mbeidh ar ár gcumas ár gclár oibre a sheachadadh go héifeachtach.

Leagtar amach sa cháipéis seo ár Straitéis ardleibhéil Cúig Bliana don earnáil cumarsáide leictreonaí agus an clár oibre a leanfar as seo go ceann dhá bhliain chun an Straitéis a chur i bhfeidhm. Athdhearbhaíonn an Straitéis ár bhfís, ár miseán, agus ár luachanna, agus leagtar tuilleadh béime ar a thábhachtaí atá an teacht aniar don earnáil agus an gá atá le hinfheistíocht leanúnach ar ard chaighdeán.

Ní i bhfolús a chruthaítear straitéis éifeachtach agus ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár bpáirtithe leasmhara as a rannpháirtíocht ghníomhach i bhforbairt na Straitéise seo. Táimid ag tnúth le bheith in ann leanúint leis an idirphlé seo agus de bheith ag cur na físe atá againn don earnáil chun cinn – go mbeidh teacht go forleathan ag tomhaltóirí agus gnóthaí in Éirinn ar sheirbhísí cumarsáide agus ar fheidhmchláir a bheidh slán, inacmhainne agus ar ardchaighdeán, a thacóidh lena riachtanais shóisialta agus eacnamaíochta.

Garrett Blaney

An Cathaoirleach

Jeremy Godfrey

An Coimisinéir

Robert Mourik

An Coimisinéir



1

**Achoimre
Feidhmiúcháin**

1. Achoimre Feidhmiúcháin

- 1.1** Cúig bliana ó shin, bheadh sé deacair an t-athrú ollmhór a tháinig ar earnáil na cumarsáide leictreonaí a thuar, ach an oiread le tionchar na ndúshlán domhanda, dála paidéim Covid-19. I láthair na huaire, tá ról ríthábhachtach ag earnáil na cumarsáide leictreonaí mar a bhaineann le tacú le tomhaltóirí agus le gnóthaí a bheith ag maireachtáil, ag obair agus i mbun cumarsáide fad atá an tsochaí agus an geilleagar ag dul i dtaithe ar na dúshlán a bhaineann leis an bpaidéim.
- 1.2** Gné lárnach ó thaobh borradh a theacht i shaol sóisialta agus eacnamaíoch na hÉireann as ea rochtain a bheith ar líonraí agus ar sheirbhísí cumarsáide atá ar ardchaighdeán agus ar féidir braith orthu. Is fiú €3.5 billiún in aghaidh na bliana margadh cumarsáide miondíola na hÉireann anois¹ agus tomhaltóirí ag baint úsáide as réimse leathan táirgí agus seirbhísí, lena n-áirítear fóin bhaile, seirbhísí leathanbhanda baile agus seirbhísí fón póca. Sa lá atá inniu ann tá os cionn 72% de theaghlaigh na hÉireann ag úsáid seirbhís leathanbhanda sa bhaile and níos mó ná 5 bhilliún gigibheart de shonraí á úsáid acu in aghaidh na bliana, sin ardú breis agus 200% in imeacht cúig bhliana.
- 1.3** Tá ról tábhachtach ó thaobh ár ngeilleagar a mhúnlú agus an geilleagair digiteach a chumasú ag na Seirbhísí Cumarsáide Leictreonacha (**'ECS'**) agus na Líonraí Cumarsáide Leictreonacha (**'ECN'**), dá ngairtear le chéile 'earnáil an ECS'. Agus muid ag féachaint chun cinn, níl aon duine in ann na nuálaíochtaí teicneolaíochta agus sóisialta go léir a rachaidh i bhfeidhm ar an mbealach a mbeimid ag maireachtáil agus
- ag obair, a thuar. Mar sin féin, is cosúil gur féidir a bheith cinnte go mbeidh ról níos lárnaí ag earnáil an ECS. Sna cúig bliana amach romhainn feicfeadh athrú ó bhonn san earnáil, de réir mar a thabharfaidh an infheistíocht thráchtála i snáithín, cur chun feidhme na líonraí móibíleacha agus an infheistíocht phoiblí tríd an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda, i bhfoisceacht go mbeannaí Dia duit muid, faoin mbliain 2026, do lán chlúdach ó líonraí fosaithe agus ó líonraí soghluaiste d'ardchaighdeán.
- 1.4** San áireamh sa Chód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (**'CCEE'**), an creat rialála nua don earnáil atá ag croílár thionscnamh Mhargadh Aonair Digiteach an Aontais Eorpaigh, tá roinnt cumhachtaí agus uirlisí rialála nua do ComReg. San EECC freisin tá an nascacht ina príomhchuspóir nua, – infheistíochtaí a chothú i Líonraí Fíor-Ardacmhainne (**'VHCN'**). Tá roinnt beartas tugtha isteach ag an Aontas freisin chun an Cuspóir Nascachta a chomhlánú, lena n-áirítear An Bosca Uirlisí um Nascachta² agus Moltaí³ ag iarraidh ar Bhallstáit an Aontais borradh a chur faoi infheistíocht in VHCN agus san infreastruchtúr nascachta.

1 B'ionann ioncam iomlán miondíola mhargadh cumarsáide na hÉireann don bhliain 2020 (Ráithe 1-4), Foinse: ComReg QKDR

2 <https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/connectivity-toolbox>

3 <https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/news/commission-recommendation-common-union-toolbox-reducing-cost-deploying-very-high-capacity>

Ról ComReg

- 1.5** Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) ar 1 Nollaig 2002, nuair a tháinig sé in ionad Oifig an Stiúrthóra um Rialáil Teileachumarsáide (**'ODTR'**), a bhí ann ó 1997. Is é ComReg an comhlacht reachtúil atá freagrach as rialáil a dhéanamh ar ECS, ECN agus ar shaoaráidí bainteach leo agus ar earnáil an phoist in Éirinn.⁴ Tá réimse leathan freagrachtaí orainn sna hearnálacha atá á rialú agus á bhfeidhmiú againn faoi reachtaíocht na hÉireann agus reachtaíocht an AE sna réimsí seo.
- 1.6** Cé go bhfuil athrú tagtha, le 20 bliain anuas, ar an ról atá ag na rialacháin, is é an bunphrionsabal céanna atá i gceist i gcónaí – iomaíocht a éascú, go príomha trí rochtain ar an ngréasán a rialáil sa chás go mbíonn baic ann, tomhaltóirí a chosaint agus an nuálaíocht san earnáil a spreagadh. Nuair a chuirtear cinnteacht agus comhsheasmhacht rialála ar fáil, cabhraíonn sé lena chinntiú go mbíonn an spreagadh ceart ann le hinfheistíocht a mhealladh. Dá bhrí sin, sa ról atá againn bíonn orainn déileáil le saincheisteanna casta dlí, eacnamaíochta agus teicneolaíochta, agus a chinntiú go mbíonn ár gcinntí curtha i bhfeidhm go tráthúil, go nglactar iad go cothrom agus go mínítear iad go soiléir.

Ár Straitéis

- 1.7** Faoin Acht um Rialáil Cumarsáide 2002 (arna leasú), tá sé de dhualgas orainn doiciméad Ráiteas Straitéise a fhoilsiú gach dhá bhliain. Shocraíomar peirspictíocht cúig bliana a ghlacadh agus an straitéis seo á forbairt don tréimhse 2021-2026. Tugann an tréimhse ama cúig bliana seo deis dúinn díriú ar fhorbairtí agus ar nuálaíochtaí meántéarmacha a mbeidh tionchar acu ar ról na rialáil amach anseo.
- 1.8** Tugann Ár Straitéis CES cúig bliana, atá leagtha amach sa cháipéis seo, achoimre ar ár bhFís, ár Ról, ár Misean agus ár dtosaíochtaí Straitéiseacha, lena n-áirítear Spriocanna,

don tréimhse 2021-2026. Feidhmíonn an cháipéis seo freisin mar Ráiteas Straitéise don tréimhse 2021-2023 agus leagtar amach ann na tionscadail agus na cláir éagsúla oibre a dtabharfaimid fúthu chun an chéad dá bhliain dár Straitéis Cúig Bliana ECS a chur i bhfeidhm. Foilseoimid Ráiteas Straitéise eile in 2023, ráiteas a chuimseoidh athbhreithniú meántéarma ar ár Straitéis Cúig Bliana ECS.

Ár bhfís don earnáil chumarsáide don chéad chúig bliana eile

- 1.9** Is í an fhís atá againn ná earnáil ina mbeidh rochtain inacmhainne, ar ardchaighdeán agus forleathan ag tomhaltóirí agus ag gnótháí in Éirinn ar *sheirbhísí agus ar fheidhmchláir chumarsáide shlána a thacóidh lena riachtanais shóisialta agus eacnamaíocha.*

Ár ról agus ár misean

- 1.10** Leagann ár ról agus ár misean amach an méid a dhéanann ComReg chun fíis na hearnála a bhaint amach. Mar rialtóir eacnamaíoch, is é an ról atá againn *a chinntiú go bhfeidhmíonn na margáí cumarsáide ar mhaithe leis na húsáideoirí deiridh agus leis an tsochaí.* Tá an margadh atá rialaithe go maith ar cheann de na huirlisí is tábhachtaí dá bhfuil againn agus muid ag iarraidh ár bhfís d'earnáil na cumarsáide a bhaint amach.
- 1.11** Dá bhrí sin, is é ár misean go *réiteoimid an bealach, trí rialáil éifeachtach agus ábhartha, don fhorbairt ar earnáil chumarsáide iomaíoch in Éirinn, earnáil a mheallfaidh infheistíocht, a spreagfaidh nuálaíocht, agus a thabharfaidh an chumhacht do thomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach.*

⁴ Lena n-áirítear Teileachumarsáid, radchumarsáidí agus seirbhísí tarchurtha craolta.

An Comhthéacs

1.12 Tá roinnt treochtaí domhanda agus maicreacnamaíocha ann ar dócha go ndéanfaidh siad an geilleagar, an tionscal agus iompar na dtomhaltóirí i gcoitinne a mhúnlú sna deich mbliana atá amach romhainn. Ina measc seo tá:

- **Éiginnteacht eacnamaíoch:** ag eascairt as tionchar phaindéim Covid-19, Breatimeacht agus de bharr cúrsaí trádála agus cánachais idirnáisiúnta a bheith ag athrú.
- **Digitíú:** Tá an t-éiceachóras digiteach ag athrú go sciobtha de réir mar atá tomhaltóirí ag brath níos mó ar ECN / ECS, agus ar sheirbhísí agus ar ardáin ar líne/digiteacha.
- **An Inbhuanaitheacht:** D'fhéadfadh na hearnála ECS ról tábhachtach a imirt ó thaobh geilleagar níos inbhuanaithe a chruthú. Tá athrú ag teacht ar lorg carbóin na hearnála freisin, de réir mar atá feidhm á bhaint as líonraí nua.

1.13 Ina theannta sin, má scrúdaítear forbairt na hearnála don todhchaí is léir go bhfuil roinnt treochtaí earnála ann atá ábhartha agus a rachaidh i bhfeidhm ar an earnáil sna deich mbliana amach romhainn. Orthu seo tá:

- **Nascacht & Teicneolaíochtaí Nua,** lena n-áirítear infheistíocht i líonraí tráchtála, an Plean Náisiúnta Leathanbhanda agus na teicneolaíochtaí 5G.
- **Éileamh ar Líonra, Slándáil Líonra agus Teacht Aniar:** tá i bhfad níos mó éilimh ar ECN toisc níos mó daoine a bheith ag obair go cianda. Glactar leis go dtiocfaidh tuilleadh saincheisteanna chun cinn a bhaineann le slándáil, sláine agus teacht aniar an ghréasáin agus na húsáideoirí deiridh ag brath níos mó ar ECN / ECS.
- **Eispéireas an Tomhaltóra:** de réir mar a bheidh líonraí agus seirbhísí nua á gcur ar fáil leanfaidh an fás atá ag teacht ar an úsáid a bhaineann na tomhaltóirí as ECS, as na teicneolaíochtaí atá bainteach leis agus ar nglacadh atá acu leo. Mar sin féin, ní gá

go mbeadh taithí na dtomhaltóirí ag forbairt ar an leibhéal céanna i gcás gach cineál tomhaltóra nó i gcás gach ceantar tíreolaíoch.

- **Margaí Gaolmhara leo:** beidh tionchar ag teacht chun cinn na margaí agus na n-éiceachóras gaolmhara, lena n-áirítear margaí ionchuir (e.g. trealamh ECN / ECS), margaí comhlántacha (e.g. sás láimhe soghluaiste), margaí iarteachtacha agus an t-éiceachóras digiteach, ar an nglacadh a bheidh le ECN / ECN, an úsáid a bhainfear as agus an taithí a bheidh air.
- **Todhchaí an Rialacháin:** beidh tionchar ag an EECC agus ag athruithe/tograí reachtacha eile ar an gcaoi a rialaíonn ComReg earnáil an ECS agus d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar scóip ár ról agus ár sainchúram freisin.

Cuspóir Straitéiseach ComReg

1.14 Is ón ár gcumhachtaí rialála a thagann na huirlisí atá ar fáil dúinn chun ár ról agus ár misean a chur i gcrích. I gcás gach ceann de na réimsí sin, tá forbairt déanta againn ar ráiteas maidir lenár gcuspóir straitéiseach agus na spriocanna a thacaíonn leis an gCuspóir Straitéiseach.

Iomaíocht & Infheistíocht

1.15 Is é an treoirphrionsabal atá againn ná má bhíonn iomaíocht inbhuanaithe ann, go gcuireann na margaí na torthaí is fearr ar fáil ó thaobh infheistíochta agus praghais, cáilíochta, rogha agus nuálaíochta de, rud atá ar deireadh thiar ar mhaithe leis na tomhaltóirí. Cabhraíonn an idirghabháil rialála thráthúil a dhéanann ComReg lena chinntiú go bhfeidhmíonn na margaí cumarsáide leictreonaí éagsúla go héifeachtach, go ndéantar infheistíocht éifeachtúil agus go mbíonn acmhainní atá gann, dála speictream agus uimhreacha, á mbainistiú go cuí. De réir mar a thagann athrú ar an chúrsaí iomaíochta in Éirinn, athraíonn raon feidhme an rialacháin. Ciallaíonn sé seo, mar shampla, gur féidir le ComReg díriú ar rialáil rochtana sna margaí réamhtheachtacha

a dtarlaíonn baic iontu go seasta agus ar rialáil ó thaobh imeachta in gcásanna eile, nuair a oireann sin. Is é an cuspóir straitéiseach i dtaca leis an ról seo ná **gur earnáil iomaíoch í earnáil na cumarsáide leictreonaí in Éirinn agus go sholáthraíonn sí infheistíocht, nuálaíocht agus rogha atá éifeachtúil.**

1.16 Faoin gCuspóir seo, tá roinnt gníomhaíochtaí beartaithe ag ComReg:

- Monatóireacht ar na margáí ábhartha miondíola, mórdhíola agus na margáí gaolmhara, lena n-áirítear Margadh na bhFón Póca in Éireann agus na margáí digiteacha (e.g. ardáin tairsí).
- Cinntí maidir le hAthbhreithniú Margaidh a dhéanamh go tráthúil, ag tabhairt ár bpríomh-anailísí margaidh cothrom le dáta thar an tréimhse 5 bliana.
- Deimhneacht rialála a chinntiú (lena n-áirítear comharthaí tráthúil maidir le praghsáil agus rátaí toraidh) chun infheistíocht éifeachtúil a éascú.
- Dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara chun go mbeidh an t-aistriú ó líonraí oidhreacht dea-eagraithe.
- Príomhthionscadail speictrim agus uimhrithe atá idir lámha faoi láthair a thabhairt chun críche, lena n-áirítear ceant MBSA2, athbhreithniú ar na Naisc Sheasta agus an Soláthar ar an Aer.

Cosaint Tomhaltóirí

1.17 Is éard atá i gceist le Cosaint Tomhaltóirí rialacha a leagan síos d'fhonn a chinntiú gur féidir le tomhaltóirí rochtain a fháil ar bhunsheirbhísí agus go bhfuil an t-eolas a theastaíonn uathu acu chun plé leis an margadh go muiníneach. Ag gach céim de Thuras an Tomhaltóra, cabhraíonn gníomhartha ComReg lena chinntiú go gcosnaítear tomhaltóirí ar dhíobháil, go mbíonn tuiscint acu ar a gcearta, iad eolasach i dtaobh na seirbhísí atá á dtairiscint dóibh agus rochtain acu ar raon d'uirlisí maidir le faisnéis mhargaidh. Mar gheall ar na cearta nua do thomhaltóirí, a tugadh isteach faoin CETE, tá

dualgais nua rialála i gceist do sholáthraithe seirbhíse, rud thabharfaidh níos mó cosanta do thomhaltóirí agus iad ag nascleanúint agus ag úsáid ECN agus ECS. Is é an cuspóir straitéiseach a bhaineann leis an ról seo ná **go mbeidh ar cumas tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide leictreonaí a roghnú agus a úsáid go muiníneach.**

1.18 Faoin gCuspóir seo, tá roinnt gníomhaíochtaí beartaithe ag ComReg:

- Monatóireacht ar na hoibleagáidí nua atá le comhlíonadh ag an Tionscal, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le Achoimre ar Fhaisnéis Conartha agus Comhairle maidir leis an Taraif is Fearr.
- Uirlisí úsáideacha a bhaineann le heolas i dtaobh na margáí a sholáthar, lena n-áirítear Uirlisí Comparáide agus Léarscáil Chumhdaigh.
- Plé go gníomhach le tomhaltóirí chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí a bhíonn ag tomhaltóirí.

Nascacht & Teacht Aniar Líonra

1.19 Agus muid ag brath an oiread sin anois ar na hardáin dhigiteacha, na meáin ar líne agus an chian-obair tá nascacht fhorleathan, leanúnachas agus ardchaighdeán níos tábhachtaí ná riamh. De réir mar a d'fhás ár spleáchas ar ECN / ECS, thosaíomar ag brath níos mó ar fheidhmiú cuí ár líonraí agus ár seirbhísí. Is é ról ComReg sa réimse seo tuiscint iomlánaíoch a bheith aige ar easnaimh nascachta agus ar shlándáil líonra agus ar fhadhbanna ó thaobh teacht aniar a bhfuil an tír ag dul i ngleic leo agus na huirlisí rialála atá ar fáil dúinn a úsáid chun aghaidh a thabhairt, mar rialtóir eolach agus feasach, ar na heasnaimh sin agus tacú le dreamanna eile (e.g. idirghabháil Stáitchabhrach de chuid na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide) a bhfuil uirlisí ábhartha acu. Is é an cuspóir straitéiseach a bhaineann leis an ról seo **go mbeadh rochtain fhorleathan ag na húsáideoirí deiridh ar líonraí, seirbhísí agus feidhmchláir chumarsáide a bheadh ar ardchaighdeán agus slán.**

1.20 Faoin gCuspóir seo, tá roinnt gníomhaíochtaí beartaithe ag ComReg:

- Cur lenár dtuiscint ar na fadhbanna nascachta agus cuimsithe dhigitigh a chuireann as do na húsáideoirí deiridh agus an chaoi le dul i ngleic leo seo.
- Léarscáileanna tíreolaíocha de na líonraí leathanbhanda a chur le chéile, ina measc clúdach líonra atáthar ag tuar.
- Cuidiú leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí stáit eile (trí chomhairle theicniúil a sholáthar srl), nuair is gá (m.sh i gcás nithe a bhaineann leis an BNP),
- Tionscadal um Teachnt Aniar Líonra, ag díriú ar shaincheisteanna a d'fhéadfadh teachnt chun cinn i gcomhpháirteanna éagsúla d'eilimintí an líonra ECN.

Comhlíonadh agus Forfheidhmiú

1.21 Ní bhíonn oibleagáidí rialála éifeachtach mura gcomhlíonann an dream atá á rialú iad. Tá straitéis éifeachtach comhlíontachta agus forfheidhmithe mar bhonn agus mar thaca ag na trí chuspóir straitéiseacha a tháinig roimhe seo. Creideann ComReg go gcuidíonn córas éifeachtach agus láidir díspregadh chomh maith le cumhachtaí rialála le nósmaireacht dhearfach i leith na comhlíontachta a fhorbairt laistigh d'earnáil an ECS. Déanaimid monatóireacht leanúnach ar chur i bhfeidhm na n-oibleagáidí rialála chun a chinntiú go bhforbraíonn na margáí mar is ceart agus déanaimid iarracht gníomh forfheidhmiúcháin dírithe ar sprioc a chur i bhfeidhm ar bhealach a chuirfidh, a oiread agus is féidir, le héifeachtacht an chórais rialála. Is é an cuspóir straitéiseach a bhaineann leis an ról seo **go gcomhlíonadh an dream atá á rialú na ceanglais rialála.**

1.22 Faoin gCuspóir seo, tá roinnt gníomhaíochtaí beartaithe ag ComReg:

- Monatóireacht réamhghníomhach ar oibleagáidí rialála na soláthraithe ECN / ECS.


- Leanúint leis an athbhreithniú ar éifeachtacht Chomhaontú Socraíochta RGM agus féachaint an dteastaíonn níos mó gníomhaíochtaí rialála.
- Leanúint de bheith ag obair leis an Rialtas chun a chinntiú go bhfuil córas forfheidhmiúcháin éifeachtach ag ComReg.

Eagraíocht ComReg

1.23 Is earnáil chasta í earnáil na cumarsáide leictreonaí agus tá sí ag athrú go tapa, agus ag éirí níos bunúsaí ó thaobh fheidhmiú shochaí agus chúrsaí gnó na hÉireann. Cur ar ár gcumas tabhairt faoinár ról agus dul i dtaithe ar chúrsaí ionchais atá ag athrú, caithfimid leanúint ar aghaidh ag cinntiú **gur rialtóir éifeachtach, softwreagrúil agus ábhartha atá ionainn.** Déanaimid é seo trí bheith inár rialtóir eolasach, a bhaineann úsáid as sonraí ardchaighdeán agus as teicnící anailíse dea-chleachtais chun bonn eolais a chur faoinár gcinntí rialála. Saineolaithe oilte atá ar fhoireann na heagraíochta agus tá próisis éifeachtúla eagrúcháin agus shainordaithe a fhreastalaíonn ar riachtanais na hearnála mar bhonn agus mar thaca ag a gcuid oibre.

1.24 Faoin gCuspóir seo, tá roinnt gníomhaíochtaí beartaithe ag ComReg:

- Leanúint de bheith ag fáil tuiscint níos fear ar na margáí, ar na tomhaltóirí, ar na teicneolaíochtaí agus ar réimsí rialála atá ábhartha dár ról.
- Teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear fóraim tionscail, comhdhálacha, ár suíomh gréasáin féin, agus ár ngníomhaíochtaí for-rochtana.
- Oibriú le comhlachtaí rialála eile agus leis an Rialtas chun rialáil a fhorbairt do na margáí agus na hardáin dhigiteacha.
- Ról ComReg a fhorbairt mar a bhaineann le eIDAS agus an Rialachán maidir le Saorshreabhadh Sonraí.



2

Réamhrá

2. Réamhrá

Cúlra

2.1 Bíonn tionchar ag na seirbhísí cumarsáide leictreonacha (**'ECS'**) – dála an leathanbhanda, an fón póca, agus na seirbhísí teileafóin fosaithe (baile) – ar ár saol ar bhealaí nua gach aon lá. I láthair na huair, agus an tír fós ag déileáil le paindéim Covid-19, tá ról lárnach ag an gcumarsáid a dhéanaimid go leictreonach i ngach a bhíonn ar bun againn agus ó thaobh an chaoi a ndéanaimid na rudaí sin. Chuir an nuálaíocht, na teicneolaíochtaí nua agus na seirbhísí digiteacha athrú ó bhonn ar ár saol sóisialta agus eacnamaíoch. Is ar éigean go bhfuil aon chuid dár saol nach bhfuil faoi thionchar ár gcumas nascadh go digiteach, idir an chaoi a bhfanfaimid i dteagmháil le cairde agus gaolta, an bealach a bhfaighimid ár gcuid siamsaíochta, an chaoi a n-oibrímid agus a ndéanaimid ár ngnó agus an bealach atá againn le dul i dteagmháil leis na seirbhísí poiblí (m.sh. oideachas agus sláinte).

2.2 Le cúig bliana anuas, lean oibreoirí ar aghaidh ag déanamh go leor infheistíochta in ECS agus i líonraí cumarsáide leictreonacha (**'ECN'**). Faoi láthair tá 1.47 milliún foirgneamh in Éirinn in ann rochtain a fháil ar líonra Fíor-Ardacmhainne (**'VHCN'**) atá ábalta seirbhís leathanbhanda níos mó ná 500Mbps a sheachadadh.⁵Sna cúig bliana atá amach romhainn, mar thoradh ar infheistíocht leanúnach, cuirfear ar fáil gar go leor do chhlúdach seasta uileláithreach VHCN. Nuair a bheidh an infheistíocht bhreise déanta sa chhlúdach líonra soghluaiste agus sa chhlúdach gan sreang tiocfaidh feabhas freisin ar an gchlúdach 4G agus tosóidh siad ag soláthar seirbhísí 5G ar bhonn níos forleithne ar fud na tíre.

2.3 Mar gheall ar an taithí a fuairamar de bharr phaindéim Covid-19 leagadh béim ar an tábhacht straitéiseach a bhaineann leis an infheistíocht seo. Tá dlús curtha leis an

gclaonadh i dtreo an digitiú. Chomh maith le tionchar a imirt ar na hearraí agus ar na seirbhísí a úsáidimid agus ar an mbealach a n-úsáidimid iad, tá iarmhairtí sóisialta as cuimse ann freisin a bhfuil tionchar acu, mar shampla, ar an gcaoi a n-oibrímid agus ar an áit a n-oibrímid, ar an áit a mairimid agus ar inbhuanaitheacht ár ngeilleagair. Ní raibh tábhacht an nascacht riamh cheana chomh follasach.

Ár dTimpeallacht Oibriúcháin

2.4 Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) an 1 Nollaig 2002 agus is é an comhlacht reachtúil é atá freagrach as rialáil a dheanamh ar an earnáil ECSr agus ar an earnáil phoist in Éirinn⁶. Tá réimse leathan freagrachtaí orainn sna hearnálacha atá á rialú agus á bhfeidhmiú faoi Reachtaíocht na hÉireann agus an AE sna réimsí sin. Baineann an Ráiteas Straitéise seo le rialáil ECN agus ECS⁷.

2.5 Tríd is tríd, táimid freagrach as iomaíocht a éascú, na tomhaltóirí a chosaint agus an nuálaíocht a spreagadh. Mar chuid dár ról bíonn orainn déileáil le saincheistanna casta a bhaineann leis an dlí, an eacnamaíocht agus an teicneolaíocht, agus is gá dúinn a chinntiú go nglactar ár gcinntí go cothrom agus go mínítear go soiléir iad dár bpáirtithe leasmhara.

2.6 Tá saintréithe eacnamaíocha na margáí éagsúla miondíola agus mórdíola ECS lárnach don dinimic atá san earnáil ina hiomláine. Mar shampla, toisc go mbaineann an infheistíocht phríobháideach le cúrsaí tráchtála d'fheadfadh nach gcuirfí líonraí cumarsáide leictreonacha ar ardchaighdeán ar fáil ach i gceantair áirithe (m.sh. ceantair uirbeacha) agus ag an am céanna, in áiteanna eile (m.sh. ceantair

⁵ Chun críocha an doiciméid seo, tagraíonn VHCN do líonraí a thairgeann luasanna íoslódála níos mó ná 500Mbps.

⁶ Lena n-áirítear teileachumarsáid, radchumarsáidí agus seirbhísí tarchurtha craolta.

⁷ Baineann an Ráiteas Straitéise seo le rialáil ECN agus ECS. Foilsíonn ComReg Ráiteas Straitéise Poist ar leith gach dhá bhliain.

faoin tuath) nach ndéanfaí cothabháil ar an mbungréasán toisc na costais a bheith níos airde.

2.7 Tá na saintréithe eacnamaíocha agus na teipeanna margaidh sin ina mbac ó thaobh chumas an ghnáthphróisis iomaíoch na torthaí leasa shóisialaigh is fearr a bhaint amach. Is é an cuspóir atá leis an rialáil eacnamaíoch in earnáil an ECS ná iarracht a dhéanamh teipeanna sa mhargadh a cheartú nó a chúiteamh tríd an idirghabháil chuí. Baineann go leor d'fheidhmeanna reachtúla agus de chumhachtaí dlíthiúla ComReg le clistí bunúsach sa mhargadh.

2.8 Úsáideann ComReg na cumhachtaí dlí éagsúla atá ar fáil dó chun gníomhaíochtaí agus iompraíochtaí na dtionscail ábhartha atá ag feidhmiú in Éirinn a rialáil. I measc na dtionscail sin tá soláthraithe seirbhíse a thairgeann seirbhísí mórdhíola agus/nó miondhíola in earnáil an ECS, dála Eircom Limited, Virgin Media Ireland Limited, Vodafone Ireland Limited, Sky Ireland Limited, BT Ireland, Three Ireland⁸, NBI Infrastructure DAC agus raon soláthraithe eile ECN / ECS agus soláthraithe Seirbhísí Ardráta.⁹

2.9 Tá roinnt príomhghrúpaí, eagraíochtaí agus comhlachtaí eile ann a bhfuil ról acu i bhforbairt na hearnála ECS in Éirinn, lena n-áirítear:

- 'Úsáideoirí Deiridh', lena n-áirítear Tomhaltóirí, Lucht gnó a úsáideann ECN / ECS miondhíola.
- Earnáil na tionsclaíochta, Soláthraithe Seirbhíse, agus Infheisteoirí a thairgeann ECN / ECS nó atá ag infheistiú i margadh na hÉireann.
- Grúpaí Ionadaíocha, lena n-áirítear grúpaí tomhaltóirí agus grúpaí ó earnáil na tionsclaíochta.

- An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (**'DECC'**), ranna eile Rialtais, comhlachtaí poiblí eile, agus rialtóirí ar earnálacha eile.

- An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (**'CCPC'**) a bhfuil cumhachtaí comhreathacha iomaíochta againn leo agus rialtóirí eacnamaíocha eile a mbíimid ag comhoibriú leo trí Líonra na Rialálaithe Eacnamaíocha (**'ERN'**)¹⁰.

- Gníomhaireachtaí agus Comhlachtaí an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an Coimisiún Eorpach agus Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (**'BEREC'**).

- Comhlachtaí idirnáisiúnta eile, dála Comhdháil Eorpach na Riarachán Poist agus Teileachumarsáide (**'CEPT'**) agus an tAontas Teileachumarsáide Idirnáisiúnta (**'ITU'**).

2.10 Agus an Straitéis seo á hullmhú, bhí ComReg aireach i dtaobh iompraíochtaí, beartais, pleananna, cláir oibre agus tograí éagsúla na bpáirtithe leasmhara seo, lena n-áirítear:

- Iompraíocht na dTomhaltóirí ó thaobh glacadh le, roghnú agus úsáid ECS, ECN agus na teicneolaíochtaí agus na seirbhísí gaolmhara.
- Pleananna agus tograí infheistiúchta arna bhfoilsíú ag an earnáil.
- Pleananna, tograí, beartais agus straitéisí ábhartha arna gcur chun cinn ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus ag ranna eile Rialtais, Clár 2020 an Rialtais agus cáipéisí straitéise/beartais a chuir comhlachtaí poiblí eile ar aghaidh.
- Pleananna, Comhairliúcháin, Treoir i leith dea-chleachtais agus Tuairimí Coiteanna a bhí curtha ar aghaidh ag comhlachtaí agus ag gníomhaireachtaí an Aontais, ag comhlachtaí agus gníomhaireachtaí idirnáisiúnta eile agus ag rialtóirí eacnamaíocha in earnálacha eile.

⁸ Lena n-áirítear Three Ireland (Hutchison) agus Three Ireland Services (Hutchison) Limited

⁹ Coinníonn ComReg clár leictreonach de na soláthraithe 'Gnóthaí Údaraithe' agus na soláthraithe 'Seirbhísí Ardráta' ar a láithreán gréasáin.

¹⁰ Tá Líonra na Rialtóirí Eacnamaíocha comhdhéanta den Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí ('CCPC'), an Coimisiún um Rialáil Fónais ('CRU'), Údarás Craolacháin na hÉireann ('BAI'), Banc Ceannais na hÉireann, An tÚdarás Náisiúnta Iompair ('NTA') agus ComReg.

2.11 I mí Dheireadh Fómhair 2020 d'eisigh ComReg Glao poiblí ar Ionchuir¹¹ chun cabhrú leis an Straitéis ECS Cúig Bliana seo a ullmhú. Foilsíodh comhairliúchán poiblí ar dhréacht-Straitéis CÚIG Bliana an ECS i mí an Mhárta 2020¹². Úsáideann ComReg na freagraí ón nGlao ar Ionchuir agus as an gComhairliúchán d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonann an Straitéis CÚIG Bliana ECS riachtanais na bpáirtithe leasmhara éagsúla, na hearnála féin agus foireann ComReg.

Ár Misean

- 2.12** Mar rialtóir eacnamaíoch, is é an ról atá againn a chinntiú go bhfeidhmíonn na margaí cumarsáide ar mhaithe leis na húsáideoirí deiridh agus leis an tsochaí. Tá bunú margadh atá dea-rialaithe ar cheann de na huirlisí is tábhachtaí atá againn ó thaobh oibriú i dtreo na físe atá againn d'earnáil na cumarsáide.
- 2.13** Is é ár misean sna cúig bliana amach romhainn ná go n-éireoidh linn, trí rialáil éifeachtach agus ábhartha, éascaíocht a dhéanamh ar fhorbairt earnáil cumarsáide iomaíoch in Éirinn, earnáil a mheallfaidh infheistíocht, a spreagfaidh nuálaíocht, agus a thabharfaidh cumhacht do thomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach.

Luachanna ComReg

- Ionracas
- Neamhchlaontacht
- Éifeachtacht
- Trédhearcacht

2.14 Chun gur féidir linn feidhmiú go héifeachtach mar rialtóir eacnamaíoch, tá sé tábhachtach go mbeadh na páirtithe leasmhara muiníneach go mbíonn ár bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh againn go neamhspleách, bunaithe ar fhianaise agus ar anailís ardchaighdeáin, nach mbímid claonta i dtreo aon rannpháirtí sa mhargadh

agus nach bhfuilimid faoi scáth an ruda ar a dtugtar “ghabháil rialála”. Cuireann ár luachanna – atá gan athrú freisin ón ráiteas straitéise deireanach – ar chumas na bpáirtithe leasmhara an mhuinín seo a bheith acu asainn.

Ról agus Misean ComReg

Is é ról ComReg a chinntiú go bhfeidhmíonn na margaí cumarsáide ar mhaithe leis na húsáideoirí deiridh agus leis an tsochaí.

Trí rialáil éifeachtach agus ábhartha, déanaimid an fhorbairt ar earnáil cumarsáide iomaíoch in Éirinn a éascú, earnáil a mheallann infheistíocht, a spreagann nuálaíocht, agus a thugann cumhacht do thomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach.

Ár bhFís

2.15 Mar léiriú ar ár sainchúram agus ár misean dlíthiúil, tá fís glactha chugainn féin againn don earnáil chumarsáide. Tuigimid nach féidir an fhís seo a chur i gcrích aisti féin agus go dteastóidh meascán d'idirghabhálacha beartais de chuid an Rialtais, idirghabhálacha rialála, agus gníomhartha de chuid na hearnála. Mar sin féin, creidimid gur cheart go mbeadh ár straitéis á treorú ag fís den toradh a bhfuil sé mar aidhm againn cabhrú lena chur i gcrích.

¹¹ ComReg Doc 20/91

¹² ComReg Doc 21/32

2.16 Cúig bliana ó shin, bheadh sé deacair an t-athrú ó bhonn a tháinig ar earnáil na cumarsáide agus an chaoi ar tháinig sí faoi thionchar na ndúshlán domhanda, dála phaindeim Covid-19, a thuar. Ar an gcaoi céanna, agus muid ag féachaint chun cinn go dtí 2030, bheadh sé dodhéanta na nuálaíochtaí teicneolaíocha agus sóisialta uilig a rachaidh i gcion ar an tslí a mbeimid ag maireachtáil agus ag obair, a shamhlú. Mar sin féin, is féidir a bheith cinnte go leor go mbeidh ról níos tábhachtaí ná riamh ag ECS agus ag ECN sa saol eacnamaíoch agus sóisialta araon.

Ár bhfís don earnáil chumarsáide


Go mbeadh rochtain inacmhainne, ardchaighdeán agus forleathan ag tomhaltóirí agus gnólachtaí in Éirinn, ar sheirbhísí agus ar fheidhmchláir chumarsáide shlána a thacaíonn lena riachtanais shóisialta agus eacnamaíocha.

Ár Straitéis sna Cúig Bliana amach romhainn

2.17 Tá straitéis ComReg curtha ar an eolas ag an tuiscint atá aige ar na príomhthreochtaí agus na príomhdhúshláin atá roimh an earnáil sna cúig bliana amach romhainn, an comhthéacs rialála agus an creat dlíthiúil atá ag athrú agus ár rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara. Shocraigh ComReg dearcadh cúig bliana a ghlacadh agus an straitéis cumarsáide leictreonach seo á forbairt don tréimhse 2021-2026, chun gur féidir díriú ar fhorbairtí agus ar nuálaíochtaí meántéarmacha a rachaidh i bhfeidhm ar ról na rialachán amach anseo.

2.18 Faoin Acht Cumarsáide 2002 (arna leasú), tá sé de dhualgas orainn doiciméad Ráitis Straitéise a fhoilsiú gach dhá bhliain. Feidhmíonn ár **Straitéis Cúig Bliana ECS**, a leagtar amach sa cháipéis seo, mar an Ráiteas Straitéise um Chumarsáid Leictreonach dár gcuid le haghaidh 2021-2023 agus leagtar amach ann an bealach a gcuirfimid an chéad dá bhliain dár Straitéis CÚIG Bliana ECS i bhfeidhm. Sa cháipéis seo leagtar amach spriocanna éagsúla don eagraíocht agus na cláir oibre ar leith a bhfuil rún againn tabhairt fúthu sa tréimhse 2021 go 2023. Foilseoidimid Ráiteas Straitéise eile in 2023, ina gcuirfear san áireamh athbhreithniú meántearma ar ár Straitéis ECS Cúig Bliana. Léirítear an struchtúr seo go grafach i bhFíor 1 thíos.


Fíor 1: Straitéis CÚIG Bliana ECS ComReg



2.19 Tagann na straitéisí atá ar fáil do ComReg chun a shainordú agus a fíis don earnáil a bhaint amach ó na cumhachtaí rialála atá aige. Is féidir iad seo a achoimriú i gceithre phríomhchatagóir: **iomaíocht éifeachtach a chur chun cinn agus infheistíocht a éascú, na tomhaltóirí a chosaint, nascacht fhorleathan a chinntiú, agus a chinntiú go gcomhlíonann an dream atá á rialáil na rialacha.**



Tá ár gcumas na huirlisí seo a úsáid ag brath ar na scileanna agus na hacmhainní atá ag an eagraíocht. I gcás gach ceann de na réimsí sin, thugamar ráiteas maidir leis an bhforbairt ar an gcuspóir straitéiseach agus na spriocanna a thacaíonn leis an gcuspóir straitéiseach. Tá na cuspóirí straitéiseacha seo leagtha amach i dTábla 1 thíos. Léirítear inár gcreat straitéiseach, atá léirithe i bhFíor 2 thíos, an ceangal idir na huirlisí a bhfuil fáil againn orthu agus ár ról agus ár misean.

Fíor 2: Creat Straitéiseach ComReg



Tábla 1 – Cuspóirí Straitéiseacha ComReg

Cuspóirí Straitéiseacha ComReg	
CS 1: Iomaíocht & Infheistíocht	Earnáil iomaíoch a sholáthraíonn infheistíocht, nuálaíocht agus rogha éifeachtúil
CS 2: Cosaint na dTomhaltóirí	Tá tomhaltóirí in ann seirbhísí cumarsáide leictreonacha a roghnú agus a úsáid go muiníneach
CS 3: Nascacht & Teacht Aniar Líonra	Tá rochtain fhorleathan ag úsáideoirí deiridh ar líonraí, seirbhísí agus feidhmchláir chumarsáide atá ar ardchaighdeán agus slán
CS 4: Comhlíonadh & Forfheidhmiú	Comhlíonann an dream atá á rialú na ceanglais rialála
CS 5: An Eagraíocht	Is rialtóir éifeachtach, solúbtha, sofhreagrúil agus ábhartha muid



3

**Comhthéacs ár
Straitéise**

3. Comhthéacs ár Straitéise

- 3.1** Tugtar achoimre sa chaibidil seo ar an gcomhthéacs eacnamaíoch agus dlí inar ullmhaigh ComReg a Straitéis ECS Cúig Bliana, mar aon le léargas ginearálta ar na treochtaí agus na dúshláin éagsúla a mbeidh tionchar acu ar an earnáil agus ar an gcineál rialacháin a bheidh ann sna cúig bliana amach romhainn. Tá anailís iomlán tugtha ar an gcomhthéacs agus ar threochtaí éagsúla in Aguisín na Cáipéise (ComReg Doc 21/70a).

An Comhthéacs Eacnamaíoch

An Timpeallacht Gheilleagrach

- 3.2** Bíonn tionchar ag a dtiteann amach sa gheilleagar i gcoitinne ar earnáil na cumarsáide leictreonaí. Chuir paindéim Covid-19 an-dlús leis an digitiú ar fud an gheilleagair agus tá méadú tagtha ar úsáid ECS agus ECN agus ar an gcaoi a bhfuil daoine ina dtuilleamaí. Ag an am céanna, mar gheall ar an tionchar dochreidte a bhí ag Covid-19 ar an ngeilleagar i gcoitinne, tá éiginnteacht ag baint lena bhfuil i ndán, sa mheántearma, do gheilleagar na hÉireann. Toisc gur geilleagar beag oscailte atá againn in Éirinn ciallaíonn sé freisin gur féidir le hathruithe idirnáisiúnta eile agus forbairt an gheilleagair dhomhanda tionchar suntasach a imirt ar ár ngeilleagar. Beidh na tionchair fhadtéarmacha ó thaobh fáis ag brath ar, i measc rudaí eile, an lorg a fhágfar ar chumas táirgíochta an gheilleagair sa tír seo agus ar fud an domhain.
- 3.3** Baineann treochtaí níos ginearálta atá sa gheilleagar domhanda leis an earnáil seo freisin. Is cuid de chuideachtaí móra iad go leor de na soláthraithe ECN / ECS atá in Éirinn, a bhfuil seirbhísí a sholáthar acu i roinnt tíortha. D'fhéadfadh go mbeadh an infheistíochtaí in ECN agus ECS in Éirinn ag brath ar cé chomh maith agus atá ag éirí leis na cuideachtaí seo in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

Eacnamaíocht na Cumarsáide Leictreonaí

- 3.4** Tá na saintréithe eacnamaíocha a bhaineann leis na margaí ECS ina mbunriachtanais don dinimic san earnáil. Toisc gur ar bhonn tráchtála a fheidhmíonn an infheistíocht phríobháideach d'fhéadfadh sé titim amach gur i gceantair ina mbeadh daonra dlúth agus iontu sin amháin a chuirfí líonraí ardchaighdeán toisc go mbeadh an t-ioncam féideartha ó na húsáideoirí deiridh sna ceantair seo níos airde ná an costas. Anuas air sin, ní móide, go ndéanfaí cothabháil ar chaighdeán na mbungréasán sna ceantair ina mbeadh sé costasach, agus gan mórán iomaíochta ann dá réir. D'fhéadfadh freisin go mbeadh an praghas tráchtála a ghearrfaí ar ECN / ECS róchostasach do chuid de na húsáideoirí deiridh a dteastódh uathu na seirbhísí seo a cheannach.

Teipeanna Margaidh

- 3.5** Cuireann teipeanna a tharlaíonn sa mhargadh isteach ar chumas an ghnáthphróisis iomaíoch na torthaí is fearr a bhaint amach. Is é cuspóir na rialála eacnamaíche iarracht a dhéanamh teipeanna sa mhargadh a cheartú nó a chúiteamh trí idirghabhálacha cuí a dhéanamh. Téann go leor d'fheidhmeanna agus de chuspóirí reachtúla ComReg siar go dtí cliseadh i margadh lena n-áirítear cumhacht an mhargaidh, gnéithe seachtracha a bheith i gceist, neamhshiméadracht ó thaobh eolais agus claonadh iompraíochta.

An Comhthéacs Dlíthiúil

- 3.6** Tugann sainchúram agus cumhachtaí ComReg deis dó idirghabháil a dhéanamh i margaí éagsúla ECS (de réir mar is cuí) chun cabhrú lena chinntiú go mbeidh na margaí sin ag bhfeidhmiú go héifeachtach ar mhaithe leis an tsochaí agus leis na húsáideoirí deiridh. Cé nach bhfuil aon athrú tagtha ar an réasúnaíocht bhunúsach atá leis an rialáil, tá raon feidhme an tsainchúraim rialála agus an creat dlíthiúil ag forbairt de réir mar atá na margaí agus na teicneolaíochtaí sin ag forbairt.
- 3.7** Chun tuilleadh sonraí a fháil faoi reachtaíocht de chuid na hÉireann agus an AE a rialaíonn gníomhaíochtaí ComReg, tabhair cuairt ar comreg.ie/about/legislation

An Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach

- 3.8** An 17 Nollaig 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa leis an gCód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (**'EECC'**), nó díreach "an Cód",¹³ lena cuirtear creat reachtach nua ar fáil do na margaí ECS. Feictear an Cód mar phársa reachtaíochta atá lárnach chun sochaí Gigibheartach na hEorpa a bhaint amach agus a chinntiú go mbeidh gach saoránach de chuid an Aontais rannpháirteach go hiomlán sa gheilleagar digiteach agus sa tsochaí dhigiteach. Tá ceithre chuspóir luaite ag an EECC - iomaíocht a chur chun cinn; cuidiú le forbairt an mhargaidh inmheánaigh; leasanna shaoránaigh an Aontais a chur chun cinn; agus cur chun cinn rochtain fhorleathan ar agus glacadh le líonraí fíor-ardacmhainne (**'VHCN'**) (**'VHCN'**) - seasta agus gan sreang araon.
- 3.9** Tá an bhéim ar an nascacht sa EECC le feiceáil i straitéis ComReg agus tagann sé a bheag nó a mhór le fíis ComReg d'earnáil na cumarsáide leictreonaí, go mbeadh fáil go forleathan ag tomhaltóirí agus gnóthaí in Éirinn ar sheirbhísí agus ar fheidhmchláir chumarsáide inacmhainne, ardchaighdeáin, slána a thacódh lena riachtanais shóisialta agus eacnamaíocha.

3.10 Agus an Cód nua á thabhairt isteach ar fud an AE trí threoir nua aonair, caithfear an treoir seo a thrasú sa dlí náisiúnta i ngach Ballstáit, agus fágfar faoi gach Ballstát ar leith é tabhairt faoin bpróiseas trasuite sin. In Éirinn, is ar an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide atá an phríomhfhreagracht an Cód nua a thrasú i ndlí intíre na hÉireann. Mar chuid den phróiseas trasú go dtí seo bhí rannpháirtíocht fhairsing agus leanúnach ar bun le príomhpháirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear ComReg, an tionscal, Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí, Ranna Rialtais eile agus an Coimisiún Eorpach.

3.11 Bhí sé i gceist go mbeadh an Cód trasuite ag na Ballstáit faoin 21 Nollaig 2020. Tuigtear do ComReg gur dócha anois go ndéanfar an Cód a thrasú sa dlí náisiúnta níos déanaí in 2021¹³. Idir an dá linn, ní mór do sholáthraithe na cumarsáide leictreonaí leanúint de bheith ag comhlíonadh a ndualgais, tá ComReg ag rialáil na hearnála cumarsáide leictreonaí faoi na cumhachtaí reatha atá aige, agus ní thiocfaidh aon athrú ar na meicníochtaí sásaimh do chustaiméirí go dtí go dtabharfar isteach reachtaíocht nua. Tá an tAcht um Rialáil Cumarsáide 2002 fós i bhfeidhm (gan a thuilleadh athraithe/leasaithe), agus tá an tsraith Rialachán um Chumarsáid Leictreonach 2011 i bhfeidhm go dtí go dtugtar isteach tuilleadh reachtaíochta, lena leasófar nó lena n-aisghairfear iad.

3.12 Foilsíodh Treoir Rialála ComReg maidir le Cearta Úsáideoirí Deiridh an Chóid Eorpaigh um Chumarsáid Leictreonach den chéad uair ar 10 Samhain 2020 agus foilsíodh an chéad nuashonrú ar 23 Nollaig 2020. An 4 Nollaig 2020, d'fhoilsigh an Roinn dréachtrialacháin i dtaca le forálacha an Chóid maidir le cearta na n-úsáideoirí deiridh.

3.13 Maidir le cathain a meastar a tharlóidh an trasú, chuir an Roinn é seo in iúl le déanaí:

Tá cinneadh déanta ag an Roinn gur trí reachtaíocht phríomha ba cheart éifeacht a thabhairt do thrasú fhorálacha forfheidhmithe an Chóid.

¹³ Is féidir an chumarsáid reatha is déanaí ón Roinn maidir leis an gCód a fháil ar a láithreán gréasáin anseo: www.gov.ie/en/publication/339a9-european-electronic-communications-code-eecc/

Mar sin féin, tá sé fós ar intinn ag an Roinn go ndéanfaí cuid mhaith den trasuí trí ionstraim reachtúil... Tá Cinn Billí á n-ullmhú ag an Roinn faoi láthair do Scéim Ghinearálta don reachtaíocht phríomha atá beartaithe. Sa chás go mbíonn an Scéim Ghinearálta faofa ag an Rialtas, tá sé i gceist ag an Roinn comhairliúcháin poiblí a réachtáil maidir leis an Scéim. Rachfar i gcomhairle leis an gcuid eile den ionstraim reachtúil ag an am sin freisin. Meastar go mbeidh sé seo indéanta i rith thréimhse an tsamhraidh.¹⁴

- 3.14** Déantar tuilleadh plé ar na bearta sonracha atá san áireamh sa EECC sa doiciméad seo agus in Aguisín: 1 An Comhthéacs Eacnamaíoch agus Dílíthiúil.

Treochtaí agus Dúshláin

- 3.15** Téann cúrsaí éagsúla sóisialta, eacnamaíocha, reachtacha agus teicneolaíochta i bhfeidhm ar fhorbairt na hearnála cumarsáide leictreonaí. Bíonn tionchar dearfach ag cuid acu sin ar na margáí agus iad ag feidhmiú mar chatalaíoch chun an teicneolaíocht agus an cuimsiú digiteach a chur chun cinn, cé go gcothaíonn cuid eile acu dúshláin. Tá ceithre phríomhthreocht aitheanta ag ComReg, ar dócha go rachaidh siad i bhfeidhm ar an earnáil agus a mbeidh dúshláin rialála ag baint leo sna cúig bliana amach romhainn:

- Nascacht Fheabhsaithe agus Teicneolaíochtaí Nua
- Eispéireas an Tomhaltóra
- Teacht chun Cinn na Margáí Cóngaracha agus Gaolmhara
- Todhchaí Athraitheach na Rialacháin san Earnáil

- 3.16** Tugtar achoimre thíos ar na ceithre chúinse seo agus pléitear iad níos mine in Aguisín: 2 Threocht & Dúshláin.

Nascacht Fheabhsaithe agus Teicneolaíochtaí Nua

- 3.17** Beidh ról níos tábhachtaí ar fud na tíre, sna 5 bliana amach romhainn, ag na córais ardluais ECN rud a chabhróidh leis an nuálaíocht agus an digitíú sna earnálacha éagsúla ar fad de shochoaí na hÉireann. Idir 2011 agus 2019, d'infheistigh na hoibreoirí líonraí tráchtála €5.5 billiún chun raon a líonraí fosaithe agus a líonraí soghluaiste a leathnú amach agus iad dírithe ar theicneolaíochtaí na líonra snáithín a leathnú amach agus na líonraí atá ann cheana féin a uasghrádú. Mar sin féin, in ainneoin an dul chun cinn seo a bheith déanta, de bharr go mbaineann leathadh amach an líonra go fírinneach le cúrsaí tráchtála d'fhéadfadh sé nach dtarlódh an cur i bhfeidhm ar bhonn céimneach i gceantair sa tír ina bhfuil daonra íseal. Is é an Plean Náisiúnta Leathanbhanda,¹⁵ (**'PNL'**) an tionscnamh atá ag an rialtais chun a chinntiú go mbeidh snáithín ardluais ar fáil don bhaile (**'FTTH'**) is é sin seirbhísí leathanbhanda do gach áitreabh in Éirinn. Tríd an idirghabháil státchabhrach seo, tá Rialtas na hÉireann, trí Leathanbhanda Náisiúnta Éireann (**'PÉ'**),¹⁶ ag déanamh infheistíochta chun go mbeidh rochtain ar leathanbhanda FTTH ag na háitribh seo.

- 3.18** Cé gur féidir le líonraí nua luasanna íoslódála níos tapúla, aga folaigh níos ísle, agus leithead banda níos mó a sholáthar, tiocfaidh tuilleadh éilimh ar shonraí dá mbarr freisin, go háirithe toisc gur dóigh go nglacfar go forleathan le líonraí snáithín agus 5G amach anseo. Chomh maith le cumhdach agus iontaofacht a chinntiú tiocfaidh feabhas ar shlándáil agus ar spleáchas i ndáil le líonraí agus nascacht amach anseo. Braitheann slándáil líonra ní hamháin ar ghnéithe teicniúla na slándála, ach braitheann sé chomh maith ar dhearadh, ar chur chun feidhme agus ar oibriú an líonra.

¹⁴ Féach fonóta 13 thuas.

¹⁵ Eurostat

¹⁶ In 2008 bhronn Rialtas na hÉireann conradh ar Three Ireland chun leathanbhanda a chur ar fáil do na ceantair seo faoin Scéim Náisiúnta Leathanbhanda (NBS) do cheantair thuaithe. Cé gur tháinig deireadh leis an scéim seo i mí Lúnasa 2014, tá go leor úsáideoirí tuaithe fós ag brath ar an tseirbhís leathanbhanda mhóibíleach a chuireann Three Ireland ar fáil ar bhonn tráchtála.

Eispéireas an Tomhaltóra

4.60 Tá an próiseas comhchuibhithe idirnáisiúnta don speictream raidió ina phríomhspreagthóir don infheistíochta toisc go n-éascaíonn sé barainneacht scála i ndéantúsaíocht trealaimh raidió. Is rud tábhachtach é, ó thaobh na hinfheistíochta de, go mbíonn an-tiochar ag an bpróiseas comhchuibhithe idirnáisiúnta ar na treochláir teicneolaíochta a ghlacann na soláthróirí trealaimh raidió.

4.61 Is iomaí gné atá i gceist leis an bpróiseas sin, lena n-áirítear caighdeáin teicneolaíochta a chomhchuibhiú in eagraíochtaí dála ETSI 3GPP, agus comhchuibhiú ar na leithdháiltí speictrim raidió agus coinníollacha teicniúla in eagraíochtaí ar nós an tAontas Teileachumarsáide Idirnáisiúnta ('ITU'), BEREC, An Grúpa Beartais um Speictream Raidió ('RSPG') agus Comhdháil na Riarachán Post agus Teileachumarsáide Eorpach ('CEPT').

⁴¹ Féach Straitéis Bainistíochta Speictrim ComReg do 2019 go 2021 (Cáipéis 18/118) le haghaidh smaointeoireacht reatha ComReg ar roinnt saincheisteanna bainistíochta speictrim i mbéal an phobail

⁴² Tagraíonn **leithdháileadh** speictrim d'ainmniú bandaí minicíochta ar leith lena n-úsáid ag cineál amháin seirbhísí radachumarsáide, nó níos mó ná cineál amháin sa chás gur chuí sin, faoi choinníollacha sonraithe. Tugann na rialacháin idirnáisiúnta raidió sainmhíniú ar sheirbhísí radachumarsáide -mar shampla ar thrí cinn de 35 seirbhís radachumarsáide atá sainithe tá: Na Seirbhísí Seasta, an tSeirbhís Satailíte Craolta agus an tSeirbhís Áiseanna Meitéareolaíochta.

⁴³ Tagraíonn **sannadh** speictrim do na gníomhaíochtaí bainistíochta speictrim sin a bhaineann le cearta úsáide minicíochta raidió a eisiúint agus a údarú. In Éirinn teastaíonn údarú ó ComReg chun trealamh raidió a bheith i do sheilbh / a bheith in úsáid agat agus d'fhéadfadh sé a bheith i bhfoirm ceadúnais nó díolúine ó cheadúnas faoi na hAchtanna Raidió -Theileagrafaíochta 1926-2009.

- 4.62** Díríonn na gníomhaíochtaí comhchuibhithe ar úsáid speictrim raidió a chur chun cinn, agus tá ról gníomhach ag ComReg, in éineacht le DECC, i bhfórait idirnáisiúnta chun a chinntiú, a oiread agus is féidir, go bhfreastalaíonn cinntí a bhaineann leis an gcreat rialála idirnáisiúnta um speictream raidió ar riachtanais shonracha na hÉireann.
- 4.63** Cuidíonn an rannpháirtíocht sa phróiseas comhchuibhithe idirnáisiúnta le ComReg na forbairtí ábhartha a chur san áireamh agus gníomhú ina leith agus é ag cur na bhfeidhmeanna bainistíochta speictrim i bhfeidhm in Éirinn
- 4.64** Tá roinnt tionscadal speictrim a bhfuil ComReg tiomanta dóibh cheana féin sa tréimhse atá amach romhainn, lena n-áirítear an dara dámhachtain don speictream ilbhanda (**MBSA2**), Naisc Sheasta agus Satailítí:
- ◉ **MBSA2:** Nuair a chríochnófar an dámhachtain MBSA2 scaoilfear 470 MHz de chearta speictream comhchuibhithe sa 700 MHz Duplex, 2.1 GHz, 2.3 GHz agus 2.6 GHz Bands. Is ionann é sin agus méadú 46% ar an speictream comhchuibhithe a shanntar chun seirbhísí leathanbhanda gan sreang a sholáthar⁴⁴.
 - ◉ **Naisc Sheasta:** D'eagraigh ComReg comhairliúchán chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras ceadúnaithe Nasc Seasta reatha, agus tá sé ar intinn aige cinneadh deiridh a eisiúint in 2022, agus ina dhiaidh sin d'fhéadfadh go dtiocfadh roinnt sruthanna oibre chun cinn chun bandaí nua a oscailt, roinnt bandaí a dhúnadh, úsáidí a athdhearbhú, srl⁴⁵.
 - ◉ **Satailítí:** Tá spéis léirithe athuair i gcnuasaigh beaga satailíte a úsáid i go híseal i bhfithis an domhain (OFÁnna) chun rochtain ar idirlín a sholáthar.
- ◉ Chun a chinntiú go mbeidh an creat reachtach cuí ag Éirinn, ghlac ComReg ordú díolúine aonair le déanaí chun gach teirminéal le haghaidh seirbhísí satailíte a chlúdach. Leis seo beidh cead ag aon teirminéal úsáideora a chomhlíonann coinníollacha an ordaithe díolúine é a úsáid in Éirinn. Le linn thréimhse na Straitéise seo, déanfaidh ComReg athbhreithniú ar a chóras ceadúnais do na stáisiúin talún satailíte⁴⁶.
- 4.65** Feidhmíonn ComReg córas ceadúnaithe speisialta chun nuálaíocht agus forbairt a bhaineann le teicneolaíochtaí nó seirbhísí nua raidió a spreagadh. Tá dhá chineál ceadúnais ar fáil, ceann a chlúdaíonn tástálacha teicneolaíochta agus ceann a bhaineann le trialacha seirbhíse a mbíonn baint ag tríú páirtithe nó ag an bpobal leo. Tá sé i gceist leis an dá cheadúnas tacú le gníomhaíochtaí taighde agus forbartha atá nua i ndáiríre agus níl baint acu leis an tseachadadh tráchtála ar sheirbhísí cumarsáide leictreonacha. Má bhreathnaítear ar liosta na gceadúnas Tástála agus Trialach a eisíodh roimhe seo, is féidir teacht ar eolas i dtaobh cuid den dream a d'úsáid na ceadúnais seo agus na teicneolaíochtaí agus na seirbhísí nuálacha a tástáladh nó a triailadh in Éirinn⁴⁷.
- 4.66** Tá sé i gceist ag ComReg dul i gcomhairle maidir le Ráiteas Straitéise nua um Bainistíocht Speictrim Raidió 2022 go 2024 agus é a fhoilsiú, rud a chabhróidh le plean oibre ComReg a shainiú le linn na tréimhse dhá bhliain seo.

⁴⁴ Féach <https://www.comreg.ie/industry/radio-spectrum/spectrum-awards/proposed-multi-band-spectrum-award/>

⁴⁵ Doiciméad ComReg 20/109

⁴⁶ Féach <https://www.comreg.ie/publication/information-notice-on-the-permitted-licence-exemptions-for-terminals-for-satellite-services>

⁴⁷ Féach <https://www.comreg.ie/industry/radio-spectrum/licensing/search-licence-type/wireless-test-trial/>

Explanatory Box 1: Licence Exempted Devices

In Éirinn tagann seilbh agus úsáid trealamh raidió faoin Acht Raidió-Theileagrafaíochta 1926, arna leasú. Faoin reachtaíocht seo, teastaíonn ceadúnas arna eisiúint ag ComReg chun a bheith i seilbh trealamh raidió-theileagrafaíochta ('WT') agus é a úsáid, ach amháin má tá díolúine ag an trealamh ón ngá atá le ceadúnas.

Gléasanna Gearr-Raoin

Áitíonn Gléasanna Gearr-Raoin ("SRDanna") raon bandaí minicíochta ó mhinicíochtaí an-íseal (kHz) go minicíochtaí micreathonnacha (GHz). Mar gheall ar a gcumhacht íseal agus go n-úsáidtear iad go háitiúil, i gcás na SRDanna meastar go ginearálta nach féidir leo mórán cur isteach a dhéanamh. Deimhnítear é seo le staidéir anailíse comhoiriúnachta fairsinge a fhéachann ar na córais uilig atá ann cheana sna bandaí atá á mbreithniú. Dá bhrí sin, faigheann na SRDanna díolúine de ghnáth ón ngá atá le ceadúnais aonair, faoi réir coinníollacha teicniúla áirithe a chomhlíonadh. Clúdaíonn SRDanna raon ollmhór feistí éagsúla amhail teilifóin gan sreang, aláirí, suaitheadh allamuigh agus córais gaireas Doppler ("FDDA"), micreafóin gan sreang, feidhmchláir frith-imbhuailtí héileacaptair agus líonraí ceantair áitiúla gan sreang ("WLANanna").

WiFi6

Chun tacú le WiFi6, tá comhchuibhiú déanta ar bhanda nua, 5945 – 6425 MHz, sa CEPT agus déanfar é a chomhchuibhiú go gairid le treoir ar fud an AE. B'éigean áit a thabhairt don teicneolaíocht nua seo slíotán i mbanda a mbaineann na naisc sheasta an-úsáid as ar fud na hÉireann agus oibreoidh WiFi6 ar bhonn neamh-chur isteach agus neamhchosanta sa bhanda chun na seirbhísí a bhfuil ceadúnais acu a chosaint. Tá ComReg ag ullmhú chun an treoir sin a chur i bhfeidhm tríd an mbanda seo a chur le liosta na ngléasanna gearr-raoin a bhfuil díolúine tugtha dóibh ó cheadúnas.

Tá réimse eile d'fheistí a bhfuil CEPT ag smaoineamh ar dhíolúine ceadúnais a thabhairt dóibh amach anseo lena n-áirítear, mar shampla, clibeanna rianaithe sócmhainní, radar promhaidh a bhaineann le tionsclaíocht agus feistí éagsúla ultra-leathanbhanda a úsáidtear i go leor feidhmchlár.

Uimhreacha

4.67 Tá sé de chúram ar ComReg an Scéim Uimhrithe Náisiúnta a bhainistiú, lena n-áirítear coinníollacha a leagan síos don cheart a bhaineann le huimhreacha a úsáid. Is é ról ComReg cothromaíocht a bhaint amach idir an gá atá ann an acmhainn náisiúnta fhinideach seo a chaomhnú agus a chinntiú go bhfuil soláthar leordhóthanach uimhreacha ann i gcónaí chun tacú le héilimh na gcustaiméirí agus na soláthraithe seirbhíse atá ann cheana agus an dream atá nua. Ní mór a chinntiú i gcás aon choinníollacha nua i dtaca lena n-úsáid atá ag tacú le hiomaíocht agus leis an nuálaíocht go mbeidh cosaint tugtha do tomhaltóirí i gcónaí ar aon mhí-úsáid a bhainfí as uimhreacha.

4.68 Is dócha go mbeidh na huimhreacha fós ar na haitheantóirí uilíocha is coitianta idir seo agus 2026 agus i bhfad níos faide anonn. Tá muintín as uimhreacha toisc go ndéantar iad a chomhordú ar an leibhéal náisiúnta (ag ÚNRanna) agus ar an leibhéal idirnáisiúnta (ag an ITU).

4.69 Éilíonn an CTE go dtabharfadh ComReg raon d'uimhreacha tiomnaithe isteach le haghaidh seirbhísí M2M a cheadaíonn úsáid taobh amuigh den limistéar (i.e. buan thar lear). Thug ComReg an raon uimhreacha tiomnaithe M2M seo isteach in 2018, de bharr gur thuar ComReg go dtiocfadh fás as cuimse ar na naisc M2M agus go raibh sé soiléir go dteastaíonn úsáid taobh amuigh den limistéar ón margadh. Oibreoidh ComReg i bpáirt le haon ghrúpaí oibre de chuid BEREC agus CEPT atá ag féachaint le haghaidh a thabhairt ar aon deacrachtaí atá fós ann a chuirfeadh bac ar réitigh nascachta M2M / IoT ar bhonn domhanda a sholáthar.

4.70 Maidir leis an sprioc thuas, tabharfaidh ComReg faoin na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- ◉ **Feabhsuithe ar an ardán Uimhrithe Neamhgheografach (NGN) a chur i bhfeidhm:** Le linn 2021, cuirfear deireadh le húsáid trí raon ar leith d'uimhreacha (1850, 1890 agus 076). Ón 1 Eanáir 2022, ní fhanfaidh ach an uimhir Saorghlao 1800 agus an Ráta Caighdeánach NGN 0818. Cinnteoidh na hathruithe seo go mbeidh ardán NGN ag Éirinn a oirfidh don fheidhm agus a bheidh éasca le tuiscint, agus go mbeidh margadh iomaíoch ann le haghaidh seirbhísí NGN.
- ◉ **Seirbhísí OTT agus uimhreacha 'scamall' a chur san áireamh sa nuashonrú ar na Coinníollacha maidir le hUimhreacha a úsáid:** Déanann ComReg nuashonrú ar na Coinníollacha maidir le hUimhreacha a Úsáid gach 2-3 bliana, chun athruithe a bhaineann le reachtaíocht, teicneolaíochtaí nua agus forbairtí sa mhargadh a chur san áireamh. Tá níos mó úsáide á bhaint as na h-uimhreacha ag na hardáin mhóra ar líne, uaireanta ar bhonn sealadach, chun gnéithe a bhaineann le 'cliceáil ar ghlaó' a sholáthar agus chun feabhas a chur ar an bpríobháideacht don úsáideoir deiridh. Léireofar sa chéad nuashonrú eile in 2021 roinnt athruithe ar an reachtaíocht uimhrithe sa CTE.
- ◉ **Straitéis a fhorbairt chun soláthar thar an líonra (OTA) a chur chun cinn:** Ceanglaíonn an CEE ar na Ballstáit soláthar thar líonra ('OTA') a chur chun cinn chun malartú idir soláthraithe a éascú, agus béim á leagan ar an athrú idir soláthraithe seirbhíse M2M. Tá soláthar OTA ag brath ar theicneolaíocht 'leabaithe' SIM ('eSIM'). Choimisiúnaigh ComReg sainstaidéar go luath in 2021 chun tacú le straitéis a fhorbairt ar mhaithe le soláthar OTA a chur chun cinn in Éirinn. Chomh maithe leis sin tá ComReg ag iarraidh dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta araon mar chuid den staidéar.



5

**Cosaint
Tomhaltóirí**

5. Cosaint Tomhaltóirí

5.1 Ba cheart go gcuirfeadh margaí a fheidhmíonn go maith an oiread buntáistí agus is féidir ar fáil do thomhaltóirí. Mar sin féin, ní tharlaíonn sé i gcónaí go sholáthraíonn na margaí na torthaí is fearr do thomhaltóirí. Fiú amháin nuair a bhíonn rialáil déanta ar an margadh mórdhíola ní gá go gciallódh sé sin go mbeadh freastal sách maith á dhéanamh ar gach tomhaltóir sna margaí miondíola iartheachtacha nó go mbeifí á gcosaint. Ina theannta sin, is féidir le teipeanna

sa margaidh dála neamhshiméadracht faisnéise bac a chur ar thomhaltóirí ó thaobh roghanna lán-eolasacha a dhéanamh. D'fhéadfadh fadhbanna teacht chun cinn freisin nuair nach gcloíonn soláthraithe seirbhíse le cearta na dtomhaltóirí nó nuair nach mbíonn na córais atá acu chun déileáil le gearáin agus sástacht na dtomhaltóirí in ann cabhrú leis na tomhaltóirí⁴⁸.

Cuspóir Straitéiseach 2:

Is féidir le tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach.

Cén chuma atá air seo?

- Bíonn an eolas a theastaíonn ó thomhaltóirí ar fáil go héasca
- Bíonn rogha soláthraithe seirbhíse ag tomhaltóirí ach bíonn soláthraí amháin ar a laghad ar fáil chun seirbhísí bunúsacha (uilíocha) a chur ar fáil
- Cosnaítear na húsáideoirí deiridh atá leochaileacha agus faoi mhíchumas
- Bíonn an próiseas sínithe trédhearcach agus simplí ach ag an céanna sábháilte
- Is féidir le tomhaltóirí athrú anonn gan aon chur isteach ar sheirbhís, pionóis mhíchuí nó tréimhsí fógra
- Faigheann tomhaltóirí an tseirbhís ar chláraigh siad dó
- Tuigeann tomhaltóirí a mbillí agus bíonn billí eisthe i gcear
- Bíonn teacht ag tomhaltóirí ar chúram tomhaltóra agus ar chúiteamh go tráthúil

⁴⁸ Baineann ról tomhaltóirí ComReg agus cosaintí gaolmhara, i gcásanna áirithe, le fiontair bheaga nó le micrifhiontair, ní le haghaidh eagraíochtaí brabúis chomh maith le tomhaltóirí. I gcás ina n-úsáidtear an téarma tomhaltóir(i) sa chaibidil seo, d'fhéadfadh go gciallódh sé úsáideoirí deiridh eile freisin.

5.2 Leagtar amach sa Chaibidil seo ár spriocanna straitéiseacha mar a bhaineann le tomhaltóirí a chosaint agus a chur ar an eolas agus an chuspóir ardleibhéil againn a chinntiú gur féidir le tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide **a roghnú agus a úsáid go muiníneach.**

5.3 Déanaimid cur síos ar nasc-leanúint an tomhaltóirí tríd an margadh, nó “Turas an Tomhaltóra”, i gceithre chéim leathana, mar a leagtar amach in alt 5.15 thíos.

5.4 Ag gach céim de Thuras an Tomhaltóra, féachaimid lena chinntiú go mbíonn a ndóthain eolais ag gach tomhaltóir, lena n-áirítear tomhaltóirí faoi mhíchumas, faoina gcearta mar thomhaltóirí agus go mbíonn an t-eolas ar fad a theastaíonn uathu acu le cinntí eolasacha a dhéanamh. Ina theannta sin, tá bearta nua á dtabhairt isteach ag an CTE chun feabhas a chur ar an gcosaint atá ag tomhaltóirí. Áirítear lenár ról freisin breithniú a dhéanamh ar Sheirbhís Uilíoch d’earnáil an ECS chun a chinntiú go mbeidh seirbhísí áirithe a bhaineann leis an gcumarsáid leictreonach sheasta ar fáil do thomhaltóirí ar phraghas réasúnta. Ar deireadh, tá ról againn maidir le cúiteamh do thomhaltóirí, láimhseáil gearán agus córas nua um Réiteach Malartach ar Aighnis.

5.5 Sa chaibidil seo, leagaimid amach an réimse beart cosanta do thomhaltóirí agus na bealaí/na huirlisí faisnéise a bheidh á n-úsáid againn sa tréimhse amach romhainn chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a dhéanfadh dochar do thomhaltóirí agus chun a chinntiú gur féidir le tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach.

Díobháil do Thomhaltóirí

5.6 Is é an ról atá ag ComReg mar a bhaineann leis an tomhaltóir ná an tomhaltóir a chosaint agus a chur ar an eolas ionas go sárófar díobhálacha, agus gur féidir leo seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach. Sa chomhthéacs sin, is é ár gcuaspóir **go n-aithníonn agus go dtuigeann ComReg díobhálacha do thomhaltóirí.**

Tá roinnt bealaí ag ComReg chun díobhálacha a d’fhéadfadh tarlú agus a tharla do thomhaltóirí a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu trí úsáid a bhaint as a sraith uirlisí rialála um chosaint tomhaltóirí, lena n-áirítear:

- Ceisteanna agus gearáin ó thomhaltóirí;
- Taighde Margaidh;
- Painéil Chomhairleacha agus Rannpháirtíocht; agus
- Bailiú Faisnéise, Monatóireacht ar Chomhlíonadh agus Imscrúduithe.

Ceisteanna agus gearáin ó thomhaltóirí


5.7 Bíonn deacrachtaí ag líon suntasach de na tomhaltóirí i rith an ama agus iad ag baint leasa as ECN / ECS agus PRS. Tugann ár n-anailís ar theagmhálacha a rinneadh lenár Líne Thomhaltóirí léargas ar roinnt treochtaí suntasacha. Léirítear⁴⁹ i bhFíor 6, thíos, méid coibhneasta na bhfiosrúchán agus na ngearán a bhí faighte le 5 bliana anuas. Tugtar i bhFíor 7 miondealú coibhneasta ar ghearáin i dtaobh ECN / ECS bunaithe ar an gcineál gearán a bhí i gceist. Bhí fadhbanna le billí, conarthaí agus seirbhísí fós ar na príomhdheacrachtaí mar a bhain le ECN / ECS do na tomhaltóirí, agus tá méadú suntasach tagtha le tamall anuas ar fhadhbanna le huimhreacha a aistriú anonn agus faisnéis a mhalartú. Tá ceisteanna a bhain le PRS, go háirithe síntiúis, ina gcéatadán suntasach de na teagmhálacha ar fad a bhí déanta.

Spríoc 2.1


Aithníonn agus tuigeann ComReg díobhálacha do thomhaltóirí.

⁴⁹ Tuairiscíonn ComReg staitisticí maidir leis an líne do thomhaltóirí ar bhonn ráithiúil. Tá fáil air ag: www.comreg.ie/publications/

Fíor 6: Miondealú ar Shaincheisteanna a Logáladh (Fiosruithe/Gearáin), 2016 - 2020⁵⁰



Fíor 7: Fiosruithe/Gearáin Iomlán ECN / ECS agus PRS le chéile, 2016 go 2020⁵¹



51 Staitisticí Líne Tomhaltóirí ComReg

52 Staitisticí Líne Tomhaltóirí ComReg

Taighde, Faisnéis Mhargaidh agus Staidéar Iompraíochta

5.8 Is táirgí agus seirbhísí casta iad na táirgí agus na seirbhísí a dhíoltar in earnáil an ECS. D'fhéadfadh go mbeadh deacracht ag cuid de na tomhaltóirí cinntí stuama a dhéanamh mar gheall ar an gcastacht sin, rud a thabharfadh le tuiscint nach bhfuil na margaí ag feidhmiú go héifeachtach. Ina theannta sin, uaireanta bíonn tionchar ag claonadh iompraíochta ar chinntí a ghlacann na dtomhaltóirí. D'fhéadfadh claontaí den chineál sin tionchar a imirt ar roghanna na dtomhaltóirí, ar a gcreideann tomhaltóirí agus ar an gcinneadh a dhéanann siad. Is minic a bhaineann soláthraithe seirbhíse úsáid as na claontachtaí seo de chuid na dtomhaltóirí chun brú éigin a chur orthu iad féin a iompar ar bhealaí a oibríonn ar mhaithe leis an soláthraí seirbhíse ó thaobh a shainleas tráchtála de (e.g. trí thomhaltóirí a bhogadh suas an slabhra luacha). Déanann ComReg taighde rialta chun léargas a fháil ar iompar, roghanna agus eispéiris na dtomhaltóirí. Tá tuilleadh sonraí tugtha i gCaibidil 8.

Painéil Chomhairleacha agus Rannpháirtíocht

5.9 Óstálann ComReg painéil chomhairleacha go rialta chun léargas a fháil ar fhadhbanna na dtomhaltóirí lena n-áirítear deacrachtaí a bhíonn ag úsáideoirí deiridh a bhfuil riachtanais inrochtaineachta acu. Bunaíodh an Painéal Comhairleach **Tomhaltóirí** ('CBT') de réir Alt 12 den Acht Cumarsáide 2002. Is é cuspóir CBT comhairle a chur orainn maidir le forbairtí, nuálaíochtaí agus réimsí atá ina n-ábhar imní do thomhaltóirí agus atá ábhartha do ról ComReg. Reáchtálann ComReg ceardlanna faoin míchumas go tréimhsiúil freisin chun ábhair agus ceisteanna ar leith a bhaineann le rochtain a fhiosrú. Tugann sé seo tuiscint dúinn ar an dochar a d'fhéadfadh fadhb le rochtain a dhéanamh, fadhb a bhféadfadh ról a bheith againn maidir le dul i ngleic léi⁵².

5.10 Buailéann ComReg freisin le tomhaltóirí agus leis an bpobal trí imeachtaí agus gníomhaíochtaí for-rochtana agus foghlaimíonn sé faoi fhadhbanna agus ábhair imní a thagann chun cinn tríd an gcainéal seo. Tá tuilleadh sonraí leagtha amach níos déanaí sa Chaibidil seo.

Bailiú Faisnéise, Monatóireacht ar Chomhlíonadh agus Imscrúduithe

5.11 Déanann ComReg monatóireacht rialta ar chleachtais na soláthraithe seirbhíse (e.g. an t-eolas a chuireann siad ar fáil do chustaiméirí; conarthaí; agus a bpróisis ghnó) chun tuiscint a fháil ar na díobhála do thomhaltóirí a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Bainimid é sin amach trí rúnsiopadóireacht, trí eolas a bhailiú go díreach ó thomhaltóirí agus ó sholáthraithe seirbhíse, agus tríd na gníomhaíochtaí agus imscrúduithe monatóireachta a bhaineann lenar gcomhlíontacht. Déanann soláthraithe seirbhíse teagmháil le ComReg freisin i dtaobh cleachtais sa mhargadh a bhíonn tugtha faoi deara acu agus a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do thomhaltóirí. Cabhraíonn na léargais seo le bonn eolais a chur faoinár bhfeachtais faisnéise, ar bheartais idirghabhála agus ar ghníomhartha forfheidhmiúcháin.

Ag dul i ngleic le dochar tomhaltóirí

5.12 Sa tréimhse amach romhainn leanfaimid orainn ag forbairt agus ag úsáid na léargais a tháinig ó na foinsí seo chun ár dtuiscint ar dhíobháil do thomhaltóirí a dhoimhniú agus idirghabhálacha rialála a dhearadh chun iad a mhaolú. Bainimid úsáid as na léargais seo ar dhíobháil do thomhaltóirí chun cabhrú le grúpaí tomhaltóirí a d'fhéadfadh a bheith leochaileach nó a bhféadfadh go mbeadh tacaíocht uathu i margaí ECS a aithint, agus chun cabhrú linn bonn eolais a chur faoin gcaoi a n-úsáidimid ár bhfoireann d'uirlisí rialála chun go mbeidh siad chomh héifeachtach agus is féidir. D'fhéadfadh leochaileacht teacht chun cinn mar gheall ar fhadhbanna ar nós easpa rochtana ar ECN / ECS, easpa eolais nó faisnéise, cúinsí pearsanta, claontachtaí iompraíochta, teipeanna margaidh a bheith i gceist, srl.

52 Tá CBT comhdhéanta d'ionadaithe ó Chumann Tomhaltóirí na hÉireann, ón Údarás Náisiúnta Míchumais, ó Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair agus ó Chambers Ireland

5.13 Chun aghaidh a thabhairt ar aon chásanna ina raibh díobháil déanta do thomhaltóirí, lena n-áirítear úsáideoirí deiridh a bheadh leochaileacha agus faoi mhíchumas, is féidir le ComReg a chumhachtaí a úsáid chun idirghabháil nó beart tacaíochta a shonrú a chinnteodh go n-oibríonn na margaí go maith do gach tomhaltóir agus go gcosnaítear aon úsáideoirí deiridh atá faoi mhíchumas. Sa chomhthéacs sin, tá sé mar sprioc ag ComReg go mbeadh **cearta agus cosaintí na dtomhaltóirí, lena n-áirítear tomhaltóirí leochaileacha agus tomhaltóirí faoi mhíchumas, leordhóthanach chun aon díobháil do thomhaltóirí a mhaolú.**

5.14 Sna míreanna seo a leanas, glaoitear amach ag céimeanna éagsúla de Thuras an Tomhaltóra, díobhálacha sonracha a bhain do thomhaltóirí agus, nuair a d'fheil sé sin a dhéanamh, leagtar béim ar na gníomhartha ar leith a chuir ComReg i bhfeidhm chun na díobhálacha sin a mhaolú. Sa tréimhse atá amach romhainn tá ComReg chun a mhachnamh a dhéanamh faoi an mbeadh sé cuí bearta a chur i bhfeidhm, ón iad a fheabhsú nó a fhorbairt chun an díobháil do thomhaltóirí a mhaolú.


Fíor 8: Turas an Tomhaltóra

Turas an Tomhaltóra

5.15 Déanann ComReg cur síos ar nascleanúint an tomhaltóra sa mhargadh, nó “Turas an Tomhaltóra”, i gceithre chéim leathana, a thaispeántar i bhFíor 8 thíos:

- Ag féachaint
- Ag síniú
- Ag baint úsáide as
- Ag athrú anonn

5.16 Is é an cuspóir atá ag ComReg a chinntiú go gcosnaítear na tomhaltóirí trí gach céim de Thuras an Tomhaltóra agus chun é seo a bhaint amach úsáideann ComReg na huirlisí rialála atá aige chun idirghabháil a dhéanamh agus chun cabhrú le tomhaltóirí de réir mar a thagann deacrachtaí chun cinn agus gníomhaíonn sé ar bhealach níos ginearálta má aithníonn sé fadhbanna atá tagtha chun cinn nó a d'fhéadfadh teacht chun cinn a dhéanfadh díobháil do thomhaltóirí. Más cuí sin a dhéanamh, tarraingítear aird agus tugtar aghaidh ar dhíobhálacha sonracha do thomhaltóirí tríd na chumhachtaí agus na sruthanna oibre éagsúla atá ag ComReg.



Spríoc 2.2

Is leor na cearta agus na cosaintí do thomhaltóirí, lena n-áirítear do thomhaltóirí leochaileacha agus do thomhaltóirí faoi mhíchumas, chun díobháil do thomhaltóirí a mhaolú.

Céim 1 - Ar lorg tairiscint seirbhíse

5.17 Tá an margadh do tháirgí agus seirbhísí ECN / ECS casta agus tá na roghanna atá ar fáil do thomhaltóirí leathan agus éagsúil. Gan treoir ná tacaíocht chun rogha eolasach a dhéanamh, d'fhéadfadh sé nach mbeadh roinnt tomhaltóirí, lena n-áirítear tomhaltóirí faoi mhíchumas, in ann cinneadh a dhéanamh, nó d'fhéadfaidís cinneadh a chur ar an méar fhada, agus b'fhéidir nach ndéanfaidís cinneadh ar bith. Má chuirtear treoir agus faisnéis i láthair ar bhealach atá so-aimsithe, úsáideach, inchomparáide, agus a thugann léargas cruinn ar an táirge nó an tseirbhís, cabhróidh sé le tomhaltóirí cinntí eolasacha a dhéanamh. Ina theannta sin, tá cumhachtaí ag ComReg rialacha a leagan síos maidir leis an mbealach a gcuirtear faisnéis áirithe faoi tháirgí agus seirbhísí i láthair an tomhaltóra.

Spríoc 2.3

Tacaíonn faisnéis shoiléir, chruinn agus cothrom le dáta le tomhaltóirí, lena n-áirítear úsáideoirí deiridh leochaileacha agus faoi mhíchumas, le linn an Turais Tomhaltóra.

5.18 Tá ComReg tiomanta do 'chomhairle agus tacaíocht iontaofa' a chur ar fáil chun a chinntiú gur féidir le tomhaltóirí cinntí eolasacha a dhéanamh. Déanaimid é seo trí theanga atá éasca le tuiscint a úsáid inár bplé le tomhaltóirí agus leis an bpobal. Is é spríoc ComReg mar a bhaineann le faisnéis agus treoir atá so-aimsithe agus úsáideach a sholáthar ná

go dtacódh faisnéis shoiléir, chruinn agus cothrom le dáta le linn an Turais Tomhaltóra le gach tomhaltóir, lena n-áirítear úsáideoirí deiridh a bheadh leochaileacha agus faoi mhíchumas.

5.19 Tá roinnt foinsí faisnéise úsáideacha ar fáil do thomhaltóirí atá ag déanamh cinneadh i dtaobh rud a cheannach. Príomhfhoinsí atá i dhá cheann díobh seo – (1) Faisnéis a chuireann na Soláthraithe Seirbhíse ar fáil agus (2) Faisnéis a chuireann ComReg ar fáil.

5.20 Faisnéis ó na Soláthraithe Seirbhíse: Trí fhaisnéis thrédhearcach, chruinn agus tráthúil a bheith ar fáil maidir leis an bpróiseas 'athrú anonn' ba cheart go mbeadh níos mó muiníne ag tomhaltóirí agus iad ag athrú agus go mbeadh siad níos toilteanaí tairiscintí nua sa mhargadh a lorg. Ina theannta sin, tá tomhaltóirí i dteideal Achoimre Conartha, lena n-áirítear é a bheith ar fáil i bhformáid a mbeadh teacht go héasca air ag úsáideoirí deiridh a bheadh faoi mhíchumas, chun a chinntiú go bhfuil aird á thabhairt ar a riachtanais rochtana agus i bhfianaise na cothromaíochta rochtana d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas atá beartaithe faoin gCód. Agus conradh á aontú acu le haghaidh seirbhísí atá díolta astu féin agus seirbhísí atá díolta i mbearta araon, leagtar amach san Achoimre Chonartha príomhthearmaí na tairisceana seirbhíse go soiléir sothuigte agus tá sé beartaithe go mbeidh sé níos fusa do thomhaltóirí comparáid a dhéanamh idir na seirbhísí atá á dtairiscint ag soláthraithe éagsúla. Féadfaidh na soláraithe faisnéis maidir le hathrú anonn a chur san áireamh san Achoimre Conartha freisin. Cabhraíonn an Achoimre Conartha freisin le tomhaltóirí tairiscintí a mheas ina gcuid ama féin agus sula síníonn siad conradh. As seo amach, cinnteoidh ComReg go gcuirfean an t-eolas cuí ar fáil go héasca do thomhaltóirí, lena n-áirítear⁵³.

- ◉ **Faisnéis Réamhchonarthach:** Cinnteoidh ComReg go gcuirfean Faisnéis Réamhchonarthach ar fáil do thomhaltóirí maidir le: fad an chonartha, aon chostas a bhainfeadh le hathrú anonn, cúiteamh agus socruithe aisíocaíochta má tharlaíonn moill

nó mí-úsáid le linn athruithe, eolas maidir leis an gcaoi le n-athrú, faisnéis faoin mbealach le haisíocaíocht a fháil gcás réamhíocaíocht a bhí déanta agus iad ag athrú, agus sonraí faoi aon táillí a bhainfeadh le deireadh a chur le conradh (lena n-áirítear an costas díghlasáil a dhéanamh ar shás láimhe).

- **Achoimre ar an gConradh:** Sa tréimhse amach romhainn déanfaimid monatóireacht ar an margadh chun a chinntiú go gcuirfear faisnéis Achoimre Conartha ar fáil do thomhaltóirí ag an gcéim chuí de réir mar is gá agus go mbeidh sí i bhformáid a mbeidh fáil uirthi go héasca ag úsáideoirí deiridh atá faoi mhíchuma.
- **Comhairle maidir leis an Taraif is Fearr:** Dóibh siúd a bhfuil conradh acu cheana féin, beidh an Chomhairle maidir leis an Taraif is Fearr a sholáthraíonn soláthraithe seirbhíse le linn an chonartha, ina huirlis úsáideach freisin chun cabhrú le tomhaltóirí rogha a dhéanamh idir na tairiscintí atá ar fáil⁵⁴.

5.21 Faisnéis ó ComReg: Cuireann ComReg réimse d'uirlisí agus de fhaisnéis ar fáil chun cabhrú le tomhaltóirí comparáid a dhéanamh idir tairiscintí agus feabhas a chur ar a gcuid tuisceana ar tháirgí ECN / ECS agus ar na cearta i dtaca leo. Trínár gcóras rannpháirtíochta leis na tomhaltóirí, a phléitear níos déanaí sa chaibidil seo, cuirimid eolas maidir lena gcearta ar fáil do thomhaltóirí. Sa tréimhse atá amach romhainn beidh na nithe seo a leanas san áireamh san obair dár gcuid oibre a bhaineann leis an sprioc áirithe seo:

- **Cúram Custaiméirí:** Ba cheart go mbeadh Soláthróirí Seirbhíse in ann déileáil go héifeachtach leis na ceisteanna agus na deacrachtaí a bhíonn ag a gcuid custaiméirí féin. Oibreoimid chun a chur ina luí ar sholáthróirí feabhas a chur ar an mbealach a bpléann siad lena gcuid custaiméirí trí fheabhas a chur ar an trédhearcacht a bhaineann le caighdeán na Seirbhíse agus a chinntiú go bhfuil siad ag dul i ngleic le deacrachtaí sistémacha agus na bunchúiseanna atá leo. Cabhróidh Líne Tomhaltóirí ComReg le

tomhaltóirí lena gcuid ceisteanna agus gearán, agus leanfaimid orainn ag cabhrú le tomhaltóirí a dteastaíonn comhairle agus tacaíocht uathu.

- **Suíomh gréasáin na dtomhaltóirí: Trínár suíomh gréasáin, tá sé mar aidhm againn eolas atá éasca le tuiscint a thabhairt do thomhaltóirí faoi cheisteanna atá i mbéal an phobail agus a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a rogha nó ar a n-úsáid ó thaobh ECN / ECS de.** Leanfaimid orainn ag forbairt bealaí le heolas a chur i láthair sa chaoi go bhfuil sé éasca teacht air agus go bhfuil sé intuigthe agus seasta. Déanann ár láithreán gréasáin óstáil ar ár nUirlisí Comparáide, Léarscáil Clúdaigh Allamuigh agus Seiceálaí Seirbhíse PRS.
- **Uirlisí Comparáide ComReg: Ligeann ár n-uirlis chomparáide do thomhaltóirí comparáid a dhéanamh idir costais na dtairiscintí atá sa mhargadh ó thaobh na bhfón póca,** an fón baile, leathanbhanda agus an teilifís. Tá an uirlis chomparáide seo ar fáil ag <https://www.comreg.ie/compare>. Sa tréimhse atá amach romhainn, cinnteoidimid go mbeidh gnéithe agus feidhmeanna breise i gceist le h uirlis Chomparáide ComReg, lena n-áirítear eolas i dtaobh gnéithe ar nós costas iomlán, na luasanna atá i gceist sa chonradh, liúntais sonraí agus faisnéis thábhachtach eile a theastódh ó thomhaltóirí agus seirbhís á roghnú acu. Tá sé beartaithe againn freisin próiseas creidiúnaithe a fhorbairt, le go bhféadfadh láithreán ghréasáin a mbeadh uirlisí comparáide tráchtála acu a chomhlíonann na riachtanais cuí, in ann creidiúnú a fháil ó ComReg dá n-uirlis comparáide.
- **Léarscáil um Chumhdach Lasmuigh:** Cuirimid léarscáil maidir leis an gclúdach soghluaiste lasmuigh ar fáil ar ár láithreán gréasáin (agus trí aip) chun gur féidir le tomhaltóirí an clúdach fóin póca lasmuigh atá ag na soláthraithe seirbhíse a sheiceáil in áiteanna éagsúla ar fud na tíre. Tá an léarscáil seo ar fáil ag: <https://coveragemap.comreg.ie>. Sa tréimhse atá amach romhainn foilseoidimid léarscáileanna clúdaigh soghluaiste lasmuigh mar a bhaineann le 5G

⁵⁴ Airteagal 105(3) den CNE

agus beimid ag dul i gcomhairle leis an tionscal maidir leis an modheolaíocht atá beartaithe chun teicneolaíochtaí 5G a chur san áireamh (e.g. tairseacha cumhdaigh 5G). Táimid ag súil leis na léarscáileanna seo a fhoilsiú, tar éis dúinn oibriú i bpáirt an tionscail, i Q4 2021. Tá sé beartaithe againn freisin tuilleadh eolais agus treorach a chur ar fáil maidir le tosca eile a d'fhéadfadh a bheith ag imirt tionchair ar a dtaithe ar an bhfón soghluaiste. Ina theannta sin, táimid ag smaoineamh freisin ar léarscáil maidir leis an gclúdach leathanbhanda a chur ar fáil do thomhaltóirí ar ár láithreán gréasáin.

- **Seiceálaí Seirbhíse Ardráta:** Ligeann ár seiceálaí seirbhíse PRS do thomhaltóirí ainm agus uimhir PRS a bhfuil rún acu é a úsáid nó a bhfuair siad bille ina leith a sheiceáil. Tá fáil air ag servicechecker.comreg.ie

Céim 2 - Clárú le haghaidh seirbhíse

5.22 Agus an t-eolas agus an treoir ábhartha faighte acu maidir leis na tairiscintí a bhfuil fáil orthu, d'fhéadfadh go nglacfaidh tomhaltóir cinneadh conradh a shíniú le haghaidh seirbhíse nó conradh a dhéanamh leis an soláthraí seirbhíse atá roghnaithe acu.

5.23 Is é ár ndearcadh go mbraitheann iomaíocht éifeachtach in earnáil an ECS ar chumas agus ar toil na dtomhaltóirí, i measc nithe eile, athrú ó sholáthraí seirbhíse nó ó phlean/beart de bharr margadh níos fearr a bheith ar fáil sa mhargadh. Dá bhrí sin, is é ár gcuispóir go mbeadh a laghad bac agus is féidir ar thomhaltóirí a gcearta a fheidmiú agus iad ag clárú le haghaidh seirbhíse.

5.24 Tar éis staidéar a dhéanamh ar an Achoimre ar an gConradh a chuir soláthraí seirbhíse ar fáil agus tar éis dó smaoineamh ar na roghanna agus an fhaisnéis ábhartha ar fad, ba cheart do thomhaltóir a dteastaíonn uaidh athrú teagmháil a dhéanamh leis an soláthraí seirbhíse nua. Socróidh an soláthraí seirbhíse nua an t-athrú ansin agus cuirfear deireadh leis an gconradh atá ag an tomhaltóir faoi láthair. Níor chóir go dtarlódh aon bhriseadh i seirbhíse agus is féidir uimhreacha teileafóin a aistriú ó sholáthraí seirbhíse amháin go dtí soláthraí seirbhíse eile.

5.25 Cuireann ComReg treoir do thomhaltóirí ar fáil ar ár láithreán gréasáin chun cabhrú le tomhaltóirí a dteastaíonn uathu athrú. Bunaithe ar eolas agus ar an taithí atá ag ComReg ar na fadhbanna a dhéanfaidh díobháil do thomhaltóirí sa mhargadh, agus ar chosaintí breise a thugann an CTE, tá sé mar aidhm ag ComReg na baic a bheadh ar thomhaltóirí a laghdú, lena n-áirítear rogha a bheith tugtha d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas. Sa chomhthéacs sin, sa tréimhse amach romhainn, cuirfear na nithe seo a leanas san áireamh i measc na bpríomh ghnéithe a mbeimid ag díriú orthu sa réimse seo⁵⁵:

- An Clárú;
- Conarthaí Marthanacha;
- Tairiscintí Cuachta; agus
- Moill ar Shuiteálacha.

5.26 Tá tuilleadh eolais faoi na nithe sin leagtha amach i dTábla 4 thíos.

Sprioc 2.4

Níl mórán baic ar thomhaltóirí déanamh de réir a dtola agus iad ag clárú le haghaidh seirbhíse.

⁵⁵ <https://www.comreg.ie/consumer-information/mobile-phone/switching-providers/>

Céim 3 – An tSeirbhís a Úsáid

Tábla 4: Réimsí fócais

An Clárú

Oibreimid lena chinntiú go mbíonn na próisis sínithe so-aimsithe agus go mbíonn eolas cruinn ag tomhaltóirí a thabharfadh tuiscint iomlán dóibh ar an bpróiseas agus ar an gconradh atá á shíniú acu agus go mbíonn conarthaí cothrom. Tá cumhachtaí againn mar a bhaineann le conarthaí ina mbíonn téarmaí éagóracha agus tá iarracht déanta againn cumhachtaí comh-forfheidhmithe a fháil faoin Treoir um Chleachtais Tráchtála Éagóracha ionas go bhféadfaimid ról a imirt ó thaobh deireadh a chur le díolacháin a chuirfeadh duine amú agus le cleachtais thráchtála éagóracha eile inár n-earnáil.

Conarthaí Marthanacha

Oibreimid lena chinntiú go bhfaigheann tomhaltóirí a gconarthaí nuair a chláraíonn siad agus nuair a fhaigheann siad uasghrádú go háirithe ar an bhfón nó ar líne agus go dtugtar cearta suaimhnithe dóibh. Déanfaimid monatóireacht chun a chinntiú go bhfuil conarthaí agus achoimrí ar chonarthaí i gcomhréir le chéile i measc na soláthraithe seirbhíse agus go bhfuil siad de réir na reachtaíochta⁵⁷.

Tairiscintí Cuachta

Ceanglaítear le hAirteagal 107 den CETE ar sholáthraithe seirbhíse forálacha áirithe maidir le cearta úsáideoirí deiridh a chur i bhfeidhm ar gach gné de chuach. Cabhróidh na forálacha sin le tomhaltóirí éasca athrú go dtí soláthraí eile agus leas a bhaint as tairiscintí⁵⁸ iomaíocha don chuach iomlán má tá sé chun a leasa é sin a dhéanamh. Déanfaidh ComReg monatóireacht ar chomhlíonadh na gceanglas sin faoin CTE.

Moill ar Shuileálacha

Forbróidh ComReg a chur chuige i dtaca le réitigh a fháil ar choinní seirbhíse agus suiteála a bhíonn cailte mar a fhoráiltear faoi Airteagal 106 den EECC.

5.27 Tar éis dóibh clárú le haghaidh seirbhís, aon suiteáil trealaimh a bhí riachtanach a chur i gcrích agus soláthraí seirbhíse a athrú, ba cheart go mbeadh na tomhaltóirí in ann an tseirbhís a úsáid. Mar sin féin, d'fhéadfadh fadhbanna teacht chun cinn ag am ar bith, lena n-áirítear le linn don tseirbhís a bheith á húsáid, in ainneoin na gcosaintí do thomhaltóirí atá i bhfeidhm. Sa chomhthéacs sin, is é sprioc ComReg **go seasfadh a soláthraithe seirbhíse le cearta na dtomhaltóirí le linn a dturais.**

Sprioc 2.5

Seasann na soláthraithe seirbhíse le cearta na dtomhaltóirí le linn a dturais.

5.28 Tá réimse de chearta agus de chosaintí ann i dtaca leis an úsáid a bhaineann tomhaltóirí as an tseirbhís ECN / ECS atá acu. Ba cheart i gcónaí caitheamh go cothrom le tomhaltóirí i gcomhréir lena gcearta mar thomhaltóirí. Sa chás nach seastar le cearta, d'fhéadfadh ComReg gníomh forfheidhmiúcháin a dhéanamh i gcoinne an tsoláthraithe seirbhíse. Tá tuilleadh sonraí maidir lenár ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin leagtha amach i gCaibidil 7.

5.29 Sa tréimhse amach romhainn, mar a bhaineann leis an sprioc sin, tabharfaidh ComReg faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- **Treoir Rialála maidir le Cearta Úsáideoirí Deiridh:** Chun cabhrú le soláthraithe seirbhíse tuiscint a fháil ar raon na gceart atá ag ann do na húsáideoirí deiridh, in 2020 d'fhoilsigh muid treoir Rialála maidir le Cearta Úsáideoirí Deiridh

an CTE. Sa tréimhse atá amach romhainn déanfaimid tuilleadh machnaimh ar ár gcur chuige maidir leis an treoir seo ar chearta nua chomh maith le foilseachán níos fearr mar a bhaineann le gníomhartha forfheidhmiúcháin⁵⁹.

- **Forálacha d'Úsáideoirí Deiridh faoi Mhíchumas:** Tá Athbhreithniú á dhéanamh ag ComReg faoi láthair ar na hoibleagáidí atá cheana féin ar Sholáthraithe Seirbhíse, lena n-áirítear Seirbhís Athsheachadta Téacsanna na hÉireann, chun a chinntiú go léiríonn na bearta a cuireadh i bhfeidhm ar mhaithe le h-úsáideoirí deiridh atá faoi mhíchumas na forbairtí sa mhargadh agus go bhfuil siad i rith an ama ag freastal ar riachtanais na dtomhaltóirí. D'fhéadfadh go rachadh ComReg i gcomhairle maidir le saincheisteanna a ndíreofar orthu mar chuid dá athbhreithniú níos leithne agus i bhfianaise na bhforálacha sa CEE a bhaineann le faisnéis inrochtana. Cinnteoidh ComReg go gcomhlíonfar riachtanais rochtana na n-úsáideoirí deiridh agus go dtacóidh sé leis na forálacha a bhaineann le cothromaíocht rochtana d'úsáideoirí deiridh atá faoi mhíchumas, mar atá beartaithe le hAirteagal 111 den CETE.
- **Seirbhísí Ardráta:** Leanfaidh ComReg de bheith ag déanamh monatóireachta ar fhorbairtí sna margaí PRS chun a chinntiú nach dtugtar ar thomhaltóirí síntiúis a íoc go míchuí agus go gcloíonn soláthraithe PRS leis na riachtanais atá leagtha amach i gCód Cleachtais PRS ComReg. Tá sé de cheart ag tomhaltóirí bac a chur ar PRS soghluaiste mura dteastaíonn siad uathu agus táimid ag smaoineamh ar cheart tuilleadh cosaintí a thabhairt isteach mar a bhaineann le billeáil tríú páirtí.
- **Monatóireacht ar ghlan-neodracht:** Leanfaidh ComReg den mhonatóireacht ar bhonn gníomhach ar chomhlíonadh i ndáil le gnéithe ar leith lena n-áirítear na cleachtais i leith na bainistíochta tráchta agus conarthaí tomhaltóirí chomh maith le monatóireacht ar chleachtais a bhaineann leis an ráta rialachais.
- **ECAS:** Leanfaidh ComReg lena chuid oibre i bhfóram ECAS na hearnála chun faisnéis maidir

le hionaid a fheabhsú agus chun cabhrú, nuair is cuí, le forálacha nua maidir leis an EECC. Forfheidhmeoidh ComReg comhlíonadh ó thaobh nascachta le ECAS.

- **Beart Cúltaca Ceallraí: De réir mar a leathnaítear an rochtain atá ar VoIP thar na líonraí leathanbhanda agus na OTT sna limistéir éagsúla den tír (mar gheall ar fheidhmiú go céimneach a bheith á dhéanamh ar an VHCN nua), aithnítear go bhféadfadh tionchar níos forleithne a bheith ag aon bhriseadh cumhachta. Smoineoidh ComReg ar athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh a glacadh in 2018 maidir le Cúltaca Ceallraí agus aon oibleagáidí cuí a bhainfeadh le húsáideoirí leochaileacha⁶⁰.**

5.30 D'ainneoin na gcearta éagsúla atá ag na húsáideoirí deiridh agus na bearta cosanta do thomhaltóirí a dtarraingítear aird orthu thuas, d'fhéadfadh baol díobhála a bheith ann i gcónaí do thomhaltóirí mura mbeadh na cosaintí sin sách maith le freastal ar riachtanais cosanta an tomhaltóra.

Staid 4 – Ag fágáil an Chonartha/ Ag Athrú

5.31 D'fhéadfaidh tomhaltóirí a shocrú go gcuirfidís deireadh le conradh ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear:

- Rinne siad cinneadh nach dteastaíonn an tseirbhís uathu a thuilleadh.
- Tá siad míshásta lena seirbhís reatha.
- Tá siad tagtha go dtí deireadh an chonartha (téarma íosta).
- Mhéadaigh a soláthraí seirbhíse an praghas nó d'athraigh siad cuid eile dá gconradh agus tugadh an ceart dóibh imeacht agus chinn siad glacadh leis an gceart sin.
- Tá siad ag bogadh áitreabh.
- Tugadh An Chomhairle Taraife is Fearr nó tairiscint uasghrádaithe dóibh agus is mian leo conradh nua a aontú lena soláthraí seirbhíse reatha.

⁵⁶ D'fhoilsigh ComReg Treoir Rialála ábhartha (<https://www.comreg.ie/publication/regulatory-guidance-on-title-iii-end-user-rights-of-the-european-electronic-communications-code-2>).

⁵⁷ Lena n-áirítear trealamh teirminéil, ábhar digiteach nó seirbhísí digiteacha agus ECN / ECS nach gcumhdaítear go díreach ar shlí eile faoi raon feidhme na bhforálacha sin maidir le cearta úsáideoirí deiridh.

⁵⁹ Doiciméad ComReg 20/111R

⁶⁰ Doiciméad ComReg 18/04 D02/18

- 5.32** Chun a chinntiú gur turas gan stró atá sa chuid seo den turas don tomhaltóirí tá an-tábhacht ag baint leis an eolas, lena n-áirítear eolas atá so-aimsithe agus leordhóthanach i dtaobh trealamh teirminéil agus an costas agus na nósanna imeachta a bhaineann le díghlasáil, táillí luathfhoirceannadh, aisíocaíochtaí, athrú go dtí soláthraí eile, conradh a chur ar ceal, deireadh a chur leis an tseirbhís, fadhbanna le billí deiridh agus láimhseáil gearán.
- 5.33** Tá sé rithábhachtach go gcuirfí an t-eolas sin ar fáil do thomhaltóirí ag na céimeanna ábhartha dá dTuras Tomhaltóirí agus ba cheart go mbeadh sé leagtha ar bhealach a bheadh éasca le haimsiú ag úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas. Measann ComReg go bhféadfadh eolas míchruinn tomhaltóirí a dhéanamh éiginnte maidir leis na céimeanna a bheadh le glacadh acu chun conradh a chur ar ceal, na táillí foirceanta luatha a d'fhéadfadh a bheith i gceist, na táillí atá dlite do threalamh teirminéil (amhail sás láimhe agus móideimí) agus an dáta cruinn a gcuirfear deireadh leis an tseirbhís. Ba cheart tomhaltóirí a chur ar an eolas freisin faoi aon bhuanorduithe nó dochair dhíreacha atá i bhfeidhm, cén uair ar cheart dóibh a bheith ag súil lena mbille deiridh, agus faoi aon aisíocaíochtaí atá dlite don tomhaltóir. Ina theannta sin, ba chóir go mbeadh aon sás láimhe soghluaiste dhíghlasáilte láithreach tar éis do na hiarmhéideanna deiridh a bheith íoctha.
- 5.34** I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh cleachtais agus deacrachtaí bac a chur ar an athrú mar go ndéanann siad an próiseas níos casta ná mar is gá (e.g. próisis chasta i gcás an athraithe, seirbhís nó uimhreacha a bheith cailte, sás láimhe soghluaiste a bheith faoi ghlas, gan aisíocaíochtaí a bheith faighte nó gan an tréimhse shuaimhnithe a bheith oiriúnach).

Spríoc 2.6

Is beag bac atá ar thomhaltóirí a rogha rud a dhéanamh agus conradh á fhágáil acu.

- 5.35** Déanann ComReg monatóireacht ar an méid athraithe a tharlaíonn sna Margaí ECS trí úsáid a bhaint as na sonraí a bhailímid ó thaighde ar thionscail agus ar mhargaidh. Trínár ngníomhartha comhlíontachta agus forfheidhmithe, cinntimid nach mbíonn tomhaltóirí faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar chleachtais éagóracha nó neamhdhleathacha a mbíonn sé mar thoradh orthu na cearta atá ag tomhaltóirí maidir le hathrú a theorannú nó lag mhisneach a chur ar dhaoine a bheadh ag smaoineamh ar athrú.
- 5.36** Dá bhrí sin, is é ár gcuspóir **gur beag bac a bheadh ar thomhaltóirí a rogha rud a dhéanamh agus conradh á fhágáil acu.**
- 5.37** Sa tréimhse amach romhainn, díreoidh ComReg ar a chinntiú go mbeidh faisnéis chruinn, sho-aimsithe ar fáil do thomhaltóirí agus go mbeidh an próisis chealaithe (chomh maith leis an bpróiseas athraithe) á gcur i bhfeidhm go cuí ag soláthraithe seirbhíse, lena n-áirítear trí fhorfheidhmiú. Beidh na nithe seo a leanas san áireamh inár gcuid oibre:
- **Fógra um Athrú Conartha:** Déanfaidh ComReg monatóireacht ar an gcur chuige atá na soláthraithe maidir le Fógraí um Athruithe Conartha a eisiúint i leith aon athruithe ar théarmaí agus coinníollacha atá á moladh acu, agus ag an am céanna cuirfidh sé comhairle ar thomhaltóirí faoi an bhfuil an ceart chun foirceannadh i gceist nó nach bhfuil, i bhfianaise an athraithe/na n-athruithe atá leagtha amach sa CEE. Féadfaidh ComReg níos mó sonrú a dhéanamh ar ceanglais chun a chinntiú go ndéanfar fógraí maidir le hathrú conartha ar bhealach atá soiléir agus sothuigte, agus ar bhealach atá buan.
 - **Fógra i leith Deireadh an Chonartha agus an Chomhairle maidir leis an Taraif is Fearn:** Sula gcuirtear síneadh go huathoibríoch le conradh, ceanglaítear ar sholáthraithe na tomhaltóirí a chur ar an eolas ar bhealach feiceálach, tráthúil, agus ar bhealach atá buan faoin dáta ar a gcríochnóidh an chonradh ar théarma seasta agus conas an conradh a fhoirceannadh (an "fógra um Dheireadh Conartha"). Ag an am céanna, ba cheart dóibh an Chomhairle maidir

leis an Taraif is Fearr i dtaca lena seirbhísí féin a sholáthar. Tar éis do shíneadh a bheith curtha le conradh agus le linn thréimhse fhada an chonartha, ba cheart an Chomhairle maidir leis an Taraife is Fearr sin a sholáthar uair sa bhliain ar a laghad.

Déanfaidh ComReg monatóireacht ar chur chuige na soláthraithe maidir le comhlíonadh na bhFógraí Rialála a cheanglaítear orthu a sheoladh chuig úsáideoirí deiridh de bhun Airteagal 105(3) den CNE. Tá a chuid breithnithe beartais tosaigh agus a thuairimí leagtha amach ag ComReg maidir le dea-chleachtas i leith conas an Chomhairle Taraife is Fearr a sholáthar agus féachfaidh sé an bhfuil gá le tuilleadh idirghabhála chun a chinntiú go mbainfear amach cuspóirí an EECC.

- **Díspreagadh i leith an Athraithe:** Leanfaidh ComReg ar aghaidh ag aithint an díspreagadh a bhaineann leis an athrú anonn agus gníomhóidh sé chun a chinntiú go gcuirtear deireadh le cleachtais a d'fhéadfadh a bheith ina gconstaicí agus tomhaltóirí ag athrú. Díreoimid ar a chinntiú go n-oibríonn na próisis athruithe atá ag an tionscail go maith do na tomhaltóirí.

Seirbhís Uilíoch - Rochtain inacmhainne ar sheirbhísí bunúsacha

5.38 Faoin EECC is é cuspóir atá leis an tSeirbhís Uilíoch a chinntiú go mbeidh rochtain ag tomhaltóirí ar sheirbhísí idirlín leathanbhanda leordhóthanach a bhfuil fáil air ar phraghas réasúnta agus ar sheirbhísí cumarsáide gutha, lena n-áirítear an bunnasc, ag suíomh fosaithe. Ní theastaíonn an tSeirbhís Uilechoiteann seo ach amháin nuair a theipeann ar an margadh iad a sholáthar agus nár éirigh leis na hidirghabhálacha ábhartha ó thaobh beartais phoiblí. Sa chomhthéacs sin, is é ár gcuspoir go mbeidh rochtain inacmhainne ag gach úsáideoir deiridh ar **sheirbhísí leordhóthanacha leathanbhanda agus gutha ag suíomh fosaithe**. Faoi láthair, tá Eircom Ltd ainmnithe mar sholáthraí na Seirbhíse Uilíche, agus soláthraíonn sé seirbhísí ghutha ag suíomh

seasta atá ina líontán sábhála a chinntiú rochtain ar ECN / ECS bunúsach.

Spríoc 2.7

Tá rochtain inacmhainne ag gach úsáideoir deiridh ar sheirbhísí leordhóthanacha leathanbhanda agus gutha ag suíomh fosaithe.

- 5.39** Léiríonn riachtanais na Seirbhíse Uilíche atá leagtha amach sa EECC dul chun cinn sa teicneolaíocht, d'fhonn a chinntiú gur féidir an Oibleagáid Seirbhíse Uilechoitinn (**'USO'**) a chur in oiriúint chun freastal ar chúinsí in Éirinn, agus chun freastal ar éilimh a bheadh ann amach anseo ar shonraí agus ar sheirbhísí cumarsáide gutha.
- 5.40** Chomh maith leis an tSeirbhís Uilíoch thuas, tá tomhaltóirí i dteideal freisin rochtain a fháil ar sheirbhísí a fhreagraíonn glaonna éigeandála. Ní mór do gach soláthraí ECN / ECS atá ar fáil go poiblí rochtain agus nasc saor in aisce a sholáthar do na seirbhísí éigeandála.
- 5.41** Tá oibleagáid ar Eircom Ltd, atá ainmnithe mar sholáthraí seirbhíse uilíche, maidir seirbhísí áirithe a sholáthar, lena n-áirítear:
 - **Nasc gutha agus seirbhís a sholáthar:** Ní mór d'Eircom gach iarratas 'réasúnta' ar nasc teileafóin ag suíomh fosaithe a chomhlíonadh. Caithfidh an tseirbhís a chuirtear ar fáil a bheith in ann glaonna teileafóin áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta a dhéanamh; cumarsáid facs; agus cumarsáid sonraí ag rátaí atá sách maith le bhféadfaí rochtain fheidhmiúil a fháil ar an idirlíon. Caithfidh Eircom rochtain ag suíomh fosaithe a chur ar fáil ar phraghas aonfhoirmeach agus ar chaighdeán atá leagtha síos.
 - **Caidhp ar phraghsanna miondíola:** Gearradh an caidhp phraghas atá i bhfeidhm faoi láthair ar Eircom ó Dheireadh Fómhair 2007 agus tugann sé cosaint i dtaca le táillí cíosa agus táillí naisc ar línte seasta. Cinntiú an caidhp phraghas nach féidir le Eircom na praghsanna a ardú níos mó ná an ráta boilscithe arna fhoilsiú

ag an bPríomh-Oifig Staidrimh. Feictear an gá agus an oiriúnacht a bhaineann leis an mbeart seo mar chuid den anailís mhargaidh ar an margadh um thionscnamh glaonna rochtana seasta ('**FACO**').

5.42 Sa tréimhse amach romhainn, mar a bhaineann leis an sprioc seo, tá roinnt gníomhaíochtaí beartaithe ag ComReg:

- **USO QoS:** Leanfaidh ComReg de bheith ag foilsiú faisnéise ar fheidhmíocht UsO Quality of Service ('QoS' Eircom) ar a láithreán gréasáin⁶¹.
- **Maoiniú USO:** Maidir le maoiniú don tseirbhís uilíoch, rinne Eircom agóid dhlíthiúil i gcoinne chinntí iarratais maoinithe USO ComReg do 2010-2015. Sa tréimhse atá amach romhainn, cosnóidh ComReg gach ceann de na cinntí iarratais ar mhaoiniú USO seo. Tá ComReg ag cur iarratas maoinithe USO 2015-2016 Eircom chun cinn freisin. Chuir Eircom in iúl do ComReg go bhfuil sé de cheart aige iarratais a dhéanamh ar mhaoiniú USO do na tréimhsí airgeadais 2016 go 2020 agus d'aon iarratais mhaoinithe bhreise a bheadh dlite sula ndéantar achomharc ar chinntí ComReg maidir leis na hiarratais éagsúla ar mhaoiniú a bhaineann leis an tréimhse 2010-2015.⁶²
- **Leathanbhanda Leordhóthanach:** Chuaigh ComReg i gcomhairle leis an DECC maidir le trasuí Fhorálacha Seirbhíse Uilechoiteanna an Chóid, agus tuigtear do ComReg go ndéanfar dul chun cinn ar an sainmhíniú ar leathanbhanda leordhóthanach ('**ABB**') agus an nós imeachta maidir le bearta inacmhainneachta a fhorchur tar éis an trasuí. Meastar go mbeidh ról ag ComReg maidir le USO (anna) a chur i bhfeidhm, más cuí.

Tugaimid dár n-aire an ceanglas faoin gCód do na Ballstáit a chinntiú go mbeadh rochtain ar sheirbhís leordhóthanach idirlín leathanbhanda ('**ABB IAS**') a bhfuil fáil air, agus ar sheirbhísí cumarsáide gutha ag suíomh fosaithe ag an gcaighdeán atá sonraithe ina gcríocha, lena n-áirítear an bunnasc ag suíomh fosaithe. Ceanglaítear leis an gCód ar na Ballstáit a chinntiú go mbeidh ABB IAS ar fáil trí USO i gcás nach féidir é sin a chinntiú faoi na gnáthchúinsí

tráchtála nó trí uirlisí beartais phoiblí eile a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm.

Taobh amuigh de sin, is é an NBP an tionscnamh atá ag an rialtas chun seirbhísí leathanbhanda ardluais a sholáthar do gach áitreabh in Éirinn. Déanfar é seo a sheachadadh trí infheistíocht ó fhiontair thráchtála mar aon le hidirghabháil ón Stát sna codanna sin den tír nach bhfuil aon phleananna ag cuideachtaí príobháideacha infheistíocht a dhéanamh iontu.

Nuair a bheidh feidhmiú ar bhonn céimneach an PNL curtha i gcrích, meastar go mbeidh rochtain ag gach áitreabh sa Limistéar Idirghabhála ar leathanbhanda ardluais. Táthar ag súil go sroichfidh an feidhmiú céimneach seo, mar aon leis an leathadh amach tráchtála a dhéanfaidh oibreoirí, formhór mór na n-áitreabh. Sa chomhthéacs sin, tar éis an trasuí déanfar measúnú ar an ngá atá le USO chun nasc agus seirbhís leordhóthanach leathanbhanda a sholáthar.

Gearáin agus Cúiteamh Tomhaltóirí

5.43 Chun go mbeidh tomhaltóirí muiníneach agus seirbhísí teileachumarsáide á roghnú agus á n-úsáid acu, ní mór dóibh próiseas réitigh a bheith acu a thugann aghaidh ar an éagothroime cumhachta atá idir an soláthraí seirbhíse agus an tomhaltóir. Sa chomhthéacs sin, is é sprioc ComReg go mbeadh córais éifeachtacha cúitimh **ag tomhaltóirí, lena n-áirítear fáil tráthúil ar phróisis láimhseála gearán maidir le ceisteanna agus gearáin.**

Sprioc 2.8

Tá córais éifeachtacha cúitimh ag tomhaltóirí, lena n-áirítear rochtain tráthúil ar phróisis láimhseála gearán chun deacrachtaí agus gearáin a réiteach.

⁶¹ Foilsithe mar Riachtanais Seirbhíse Uilíche – Rochtain a sholáthar ag Suíomh Seasta (AFL) ag Eircom Limited - Caighdeán na Sonraí Feidhmíochta Seirbhíse. Féach ComReg Doc 20/120 chun eolas a fháil ó R2 2020 agus 2019/2020

⁶² Taifead na hArd-Chúirte 2019/167 MCA. Fógra Faisnéise ComReg 21/44.

5.44 Tá sé de dhualgas ar gach Soláthraí ECN / ECS Cód Cleachtais a bheith acu maidir le Láimhseáil Gearán, ina sonraítear an chaoi a ndéileálann siad le haighnis agus na céimeanna nach mór don tomhaltóir a leanúint. Sa chás nár réitíodh gearán laistigh de 10 lá, is féidir le ComReg idirghabháil a dhéanamh chun réiteach a fháil a mheasaimid a bheith inghlactha don tomhaltóir.

5.45 Chomh maith lenár seirbhís láimhseála gearán (trí Líne Tomhaltóirí ComReg), in 2018 thugamar isteach Nósanna Imeachta Foirmiúla um Réiteach Aighnis le haghaidh gearáin ECN / ECS nár réitíodh taobh istigh de 40 lá oibre ón am a raibh an gearán curtha faoi bhráid an tsoláthraí seirbhíse. Sa chás seo, féadfaidh tomhaltóir iarratas a dhéanamh chuig ComReg chun breith a thabhairt ar aighneas.⁶³

5.46 Maidir leis an sprioc seo, le linn na tréimhse beidh na nithe seo a leanas san áireamh inár gcuid oibre:

• **Cód Cleachtais maidir le Láimhseáil**

Gearán: Measann ComReg gur cheart gearáin ó thomhaltóirí a réiteach go tapa agus go héifeachtach. Chun é sin a bhaint amach, tá sé beartaithe againn, sa tréimhse amach romhainn, tabhairt faoi na gníomhaíochtaí comhlántacha seo a leanas:

- a** Cur leis an bhfeasacht ar an gCód Cleachtais maidir le Láimhseáil Gearán.
- b** Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-íoschaighdeán atá sainithe do Chód Cleachtais na Soláthraithe Seirbhíse maidir le Láimhseáil Gearán.
- c** Na feabhsuithe agus na hidirghabhálacha is gá a dhéanamh i dtaca leis na híoschaighdeán don Chód Cleachtais maidir le Láimhseáil Gearán chun feabhas a chur ar an achar ama a thógann sé ar na soláthraithe seirbhíse aighnis a réiteach agus ar thaithí na dtomhaltóirí maidir le réiteach aighnis.
- d** Cumhachtaí breise a lorg nuair is cuí, i dtaca le cosaintí do thomhaltóirí agus forfheidhmiú na gcosaintí sin.

- **Réiteach Foirmiúil ar Aighnis:** tá sé beartaithe againn leanúint lenár gcuid oibre i réimse an Réitigh Fhoirmiúil ar Aighnis.

Cumarsáid agus Rannpháirtíocht

5.47 Tá an chumarsáid agus an rannpháirtíocht leis na tomhaltóirí ríthábhachtach chun a chinntiú go mbeidh na tomhaltóirí ar an eolas maidir lena gcearta ag gach céim de Thuras an Tomhaltóra. Sa chomhthéacs sin tá sé mar aidhm againn **a bheith inár n-abhcóidí éifeachtacha ar son na dtomhaltóirí.**

5.48 Áirítear lenár ngníomhaíochtaí cumarsáide agus rannpháirtíochta teagmháil dhíreach le tomhaltóirí aonair ar an nguthán agus ar ríomhphost, imeachtaí for-rochtana, fhaisnéis a sholáthar ar ár láithreán gréasáin agus ar na meáin shóisialta, agus rannpháirtíocht indíreach ag baint úsáide as na meáin. Bímid i dteagmháil freisin le comhlachtaí ionadaíocha, agus bailímid eolas i dtaobh riachtanais na n-úsáideoirí deiridh trí thaighde margaidh. Chun leasanna na dtomhaltóirí a chur chun cinn, féachaimid freisin leis an tionchar atá againn a úsáid le comhlachtaí rialála eile agus leis an tionscal. Bíonn athbhreithniú á dhéanamh againn ar an meascán bealaí rannpháirtíochta seo chun a chinntiú go mbíonn siad éifeachtach ar bhonn leanúnach.

Sprioc 2.9

Is abhcóide éifeachtach do thomhaltóirí é ComReg.

5.49 Bímid i dteagmháil freisin le comhlachtaí ionadaíocha agus le comhlachtaí poiblí ábhartha trínár bPainéal Comhairleach Tomhaltóirí ("CBT") agus trínár rannpháirtíocht sa Tascfhórsa Fón Póca agus Leathanbhanda. Anuas air sin, bímid i dteagmháil freisin leis An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, le comhlachtaí poiblí eile agus le rialtóirí eanála maidir le hábhair a bhaineann le tomhaltóirí

(lena n-áirítear tomhaltóirí leochaileacha agus tomhaltóirí faoi mhíchumas) trí chruinnithe déthaobhacha agus trí choistí ábhartha.

- 5.50** In 2020, thugamar isteach ár mbranda tomhaltóra, '**ComReg Connects**', chun cabhrú lena chinntiú gur féidir le tomhaltóirí agus leis an bpobal i gcoitinne ComReg a aithint mar bhranda atá chun cinn ó thaobh tomhaltóirí a chosaint, agus léiríonn sé go bunúsach cé muid féin agus na rudaí a sheasaimid dóibh.
- 5.51** Tá ComReg tiomanta do leanúint de 'chomhairle agus tacaíocht iontaofa' a chur ar fáil. Leanfaimid orainn á dhéanamh seo tríd an gcumarsáid thrédhearcach a úsáideann teanga atá éasca le tuiscint le linn dúinn a bheith ag plé le tomhaltóirí agus leis an bpobal.
- 5.52** Cuireann ár suíomh gréasáin **ComReg.ie/consumer** faisnéis agus nuacht do thomhaltóirí ar fáil chun eolas níos fearr a thabhairt do thomhaltóirí faoi dheacrachtaí agus faoi fhorbairtí sa mhargadh. Sa tréimhse amach romhainn tá sé beartaithe againn tuilleadh feabhais a chur ar ár suíomh gréasáin le go mbeidh sé níos faisnéisí, d'fhonn a chinntiú go gcuirtear eolas agus treoir ar fáil don tomhaltóir ar bhealach atá gonta agus cairdiúil.
- 5.53** Chomh maith leis an bhfaisnéis atá ar fáil do thomhaltóirí ar ár láithreán gréasáin, cuirimid uirlisí éagsúla ar fáil don tomhaltóir freisin, lena n-áirítear:
- seirbhís neamhspleách do thomhaltóirí chun gur féidir leo an cumhdach lasmuigh atá na soláthraithe seirbhíse so-ghluaiste a sheiceáil (**coveragemap.comreg.ie**)
 - uirlis chomparáide chun praghsanna agus gnéithe eile a bhaineann le táirgí cumarsáide a chur i gcomparáid agus (**comreg.ie/compare**)
 - seiceálaí Seirbhísí Ardráta (**servicechecker.comreg.ie**)
- 1.54** Sa tréimhse amach romhainn, tá sé i gceist againn tabhairt faoi thionscnaimh a bhaineann leis an sprioc sin:

- **Straitéis Cumarsáide Tomhaltóirí:** Glacann ComReg cur chuige straitéiseach ó thaobh cumarsáid a dhéanamh le tomhaltóirí agus leis an bpobal, agus úsáideann sé réimse uirlisí agus teicnící, lena n-áirítear feachtais, dírithe ar topaicí ar leith, chun eolas agus feacht na dtomhaltóirí a fheabhsú agus chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí san eolas. Leanfaidh ComReg ar aghaidh ag forbairt raon na mbealaí cumarsáide chun freastal ar éilimh agus riachtanais athraitheacha na dtomhaltóirí agus na hearnála ECS. Táimid ar an eolas faoi chlaontacht iompraíochta agus faoi dheacrachtaí gaolmhara eile a thugann eolas míchruinn nó a thugann ar thomhaltóirí droch-chinntí a dhéanamh. Bainfimid úsáid as ár n-inniúlacht sa réimse seo chun cuidiú linn le go mbeidh an t-eolas a chuirimid ar fáil ina chabhair do na tomhaltóirí.
- **Imeachtaí For-rochtana Tomhaltóirí:** Nuair a bheidh sé sábháilte é sin a dhéanamh, tá sé i gceist againn a bheith páirteach in imeachtaí for-rochtana agus bualadh le tomhaltóirí duine le duine, is dóichí go luath in 2022. Idir an dá linn, tá sé i gceist againn seimineáir ghréasáin a óstáil a rachaidh i ngleic le hábhair a bhfuil spéis ag tomhaltóirí iontu, ag tógáil ar ár seimineár gréasáin a réachtáladh in 2020 ar 'An Dúshlán a bhaineann le Cúram Custaiméirí atá ag athrú'.
- **Suíomh gréasáin:** Leanfaimid orainn ag feabhsú comreg.ie/consumer agus cuirfimid réimse uirlisí ar fáil a thabharfaidh eolas neamhspleách d'úsáideoirí.
- **Leathadh Amach an Bhranda:** Forbróimid ár dteanga chumarsáide agus na huirlisí tomhaltóirí éagsúla a óstáiltear ar ár láithreán gréasáin tomhaltóirí chun na luachanna branda atá ag ComReg Connects a léiriú.



6

**Nascacht &
Teacht Aniar
an Líonra**

6. Nascacht & Teach Aniar an Líonra

Réamhrá

- 6.1** Leagtar amach sa Chaibidil seo spriocanna ComReg mar a bhaineann le nascacht agus teacht aniar an líonra agus an cuspóir ardleibhéil a chinnteoidh **go mbeidh rochtain fhorleathan** ag na húsáideoirí deiridh ar líonraí, seirbhísí agus feidhmchláir chumarsáide atá ar ardchaighdeán agus slán. Is éard atá i gceist ag ComReg le 'nascacht' rochtain a bheith ar an ECN atá riachtach le gur féidir seirbhísí agus feidhmchláir éagsúla a úsáid. I gcás ComReg, ní bhaineann nascacht na n-úsáideoirí deiridh le teicneolaíocht líonra amháin a chur in aghaidh teicneolaíocht líonra eile, ach baineann sé le nascacht fhorleathan, leanúnach ar ardchaighdeán a bheith ag na húsáideoirí deiridh.
- 6.2** Áirítear sa EECC cuspóir nua a rachaidh ComReg, an Rialtas agus BEREC i ngleic leis: nascacht agus rochtain ar líonraí *fíor-ardacmhainne, lena n-áirítear líonraí fosaithe, líonraí móbíleacha agus líonraí gan sreang, a bheith ag gach saoránach agus gnólacht san Aontas*. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, athshonraíonn an EECC an gá atá le cothromaíocht idir spreagthaí leordhóthanacha a chur ar fáil don infheistíocht in VHCN agus an gá atá le rialáil.
- 6.3** Sa lá atá inniu ann, tá nascacht na n-úsáideoirí deiridh ina bhunriachtanas chun cuimsiú sóisialta agus digiteach a chinntiú. Is é dearcadh ComReg nach féidir le húsáideoirí deiridh a bheith páirteach go hiomlán sa tsochaí agus sa gheilleagar i gcoitinne mura sáraisáraitear na riachtanais nascachta atá acu. De réir mar atá muid ag dul níos mó i

Cuspóir Straitéiseach 3:

Tá rochtain fhorleathan ag úsáideoirí deiridh ar líonraí, seirbhísí agus feidhmchláir chumarsáide atá ar ardchaighdeán agus slán.

Cén chuma atá air seo?

- Le hinfhaighteacht fhorleathan ar ECS agus ECN, beidh gach tomhaltóir in ann a bheith cuimsithe go digiteach:
 - Faoi 2026, beidh clúdach uilíoch ó thaobh VHCNanna seasta i ngar dúinn.
 - Faoi 2024, beidh clúdach gutha soghluaiste lasmuigh ag níos mó ná 99% den daonra agus clúdach sonraí soghluaiste lasmuigh ag luasanna níos airde ná 30 Mbps ag níos mó ná 85% den daonra agus é ag ardú go dtí níos mó ná 95% den daonra faoi dheireadh 2028.
- Dírítear ar na dúshláin nascachta agus beidh seirbhísí gutha so-ghluaiste (trí naisc sh0o-ghlu aiste nó glaoch Wi-Fi) ar fáil do chách.
- Beidh na líonraí slán agus in ann turraingí a sheasamh
- Beidh cuspóirí an AE maidir le 'Nascacht' d'úsáideoirí deiridh á gcomhlíonadh


dtuilleamaí ar sheirbhísí digiteacha, is ea is mó an tábhacht a bhaineann le nascacht fhorleathan, atá leanúnach agus ar ard chaighdeán.

- 6.4** De réir mar a d'fhás ár spleáchas, ag an am céanna d'fhás ár spleáchas ar an ECN / ECS agus tá muid ag súil go mbeadh ár ECN in ann níos mó a dhéanamh agus go bhfuil rudaí ba chearta a bheadh sé in ann a dhéanamh. Ina theannta sin, níl an glacadh céanna againn le gearradh líonra nó le seirbhísí nach bhfuil sách maith. Aithníonn ComReg nach ndéantar freastal mhaith ar chuid de na húsáideoirí deiridh agus nach féidir leo úsáid a bhaint as an réimse seirbhísí digiteacha a ndéanann daoine eile talamh slán díobh. D'fhéadfadh easpa líonra fosaithe atá iontaofa, líonra so-ghluaiste, líonra gan sreang, nó cineálacha eile cumarsáide sa bhaile, ag an obair nó ag taisteal a bheith ag cur as do na húsáideoirí deiridh sin.
- 6.5** Tuigeann ComReg go bhféadfadh cuid de na húsáideoirí deiridh seo a bheith fágtha gan líonraí iontaofa éagsúla ag an am céanna (e.g. droch-leathanbhanda seasta agus droch-theileafón so-ghluaiste). Ina theannta sin, d'fhéadfadh go mbeadh droch sheirbhís ag cuid de na húsáideoirí deiridh ó am go ham, mar gheall ar chúinsí éagsúla nach bhfuil faoina smacht. Aithnítear freisin go mbeidh sé ríthábhachtach a chinntiú gur féidir le gach duine rochtain a fháil ar sheirbhísí ar líne agus

ar sheirbhísí digiteacha, beag beann ar an áit a bhfuil cónaí orthu nó ar an gcaoi a nascann siad leis na seirbhísí sin, chun rannpháirtíocht sa gheilleagar digiteach agus sa tsochaí dhigiteach a chur chun cinn.

- 6.6** Go dtí le déanaí, díriodh cuid mhaith ar nascacht agus ar thaithí an úsáideora deiridh maidir le hinfhaighteacht líonraí agus an luas íoslódála a bhí fógartha. Mar gheall ar an bhfás a tháinig ar an obair ó chian d'athraigh an fócas go dtí gnéithe tábhachtacha eile a bhain leis, mar shampla QoS foriomlán, folacht, cumas an líonra agus cúrsaí slándála. Tá contúirt ann freisin dár líonraí agus seirbhísí de bharr fadhbanna dála cliseadh trealaimh, botúin daonna, ionsaithe mailíseacha agus cibear-ionsaithe, teagmhais drochaimsire agus teagmhais sheachtracha (e.g. gearradh leictreachais). Mar gheall air sin tá gnéithe ar nós teacht aniar iontaofacht agus slándáil líonra ('**NRRS**') ag éirí níos tábhachtaí. Is é an ról atá ag ComReg sa réimse seo go mbeadh tuiscint iomlán aige ar nádúr na bhfadhbanna nascachta éagsúla atá romhainn sa tír.
- 6.7** Nuair a bhíonn cumhachtaí rialála ag ComReg chun dul i ngleic leis na fadhbanna seo, féachann ComReg le iad seo a úsáid ar bhealach a chomhlánaíonn a chumhachtaí rialála eile. Sa chás go bhfuil cumhachtaí ag daoine eile (e.g. An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide), féachann ComReg le tacú leo sa ról sin agus gníomhú mar rialtóir eolach, agus é ag cur go mór leis an bplé agus an díospóireacht maidir le beartais. I gcásanna áirithe, tá gá le cur chuige ilghníomhaireachta chun aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí a bhaineann le nascacht agus teacht aniar líonra (e.g. cibearshlándáil, an Tascfhórsa Fón Póca agus Leathanbhanda). Leagtar amach i bhFíor 9 thíos an creat straitéiseach a bhaineann leis an gcuispóir straitéiseach seo.

Fíor 9: Creat Straitéise



Nádúr Riachtanach na Nascachta

Cuimsiú Digiteach agus Clúdach Líonra

6.8 Mar a luadh roimhe seo, chun páirt iomlán a ghlacadh, ar bhealach atá éifeachtúil, sa gheilleagar agus sa tsochaí is minic a go gcaitheann úsáideoir deiridh, anois, seirbhísí digiteacha a úsáid (e.g. ríomh-bhaincéireacht, billeáil gan pháipéar, seirbhísí poiblí, cúrsaí cánach). I gceantair áirithe, toisc nach bhfuil na toscaí tráchtála agus eacnamaíocha a spreagann infheistíocht láidir go leor chun infheistíocht i líonraí ar ardchaighdeán, atá iontaofa agus a bhfuil teacht aniar iontu, a bhrú chun cinn, fágfar úsáideoirí deiridh ag brath ar líonraí nach bhfuil ábalta a riachtanais a chomhlíonadh.

6.9 Leis an ardú atá tagtha ar an gcian-obair tá níos mó béime ar an ngá atá le ECN atá ar ardchaighdeán, iontaofa agus a bhfuil teacht aniar ann. Tá nascacht riachtanach do na hoibrithe aonair atá ag obair ó chian, ach tá siad riachtanach freisin chun go bhféadfaidh fiontair na hÉireann leanúint dá gcuid oibre. Beidh níos mó béim ná riamh ar an gcian-obair sna cúig bliana atá amach romhainn, de réir mar a thiocfaidh méadú ar an méid a mbíimid ag súil leis ónár líonraí. I mí Eanáir 2021 d'fhoilsigh an Rialtas a Straitéis Chian-Oibre, ag díriú ar an bhforbairt agus ar an infheistíocht atá riachtanach chun cur a oiread agus is féidir leis na buntáistí a bhaineann leis an gcian-obair. Beidh rochtain fhorleathan ar líonraí, ar sheirbhísí agus ar fheidhmchláir chumarsáide, atá ar ardchaighdeán agus slán, ríthábhachtach chun leas a bhaint as acmhainneacht na Straitéise Cian-Oibre.

6.10 Ó thosaigh paindéim Covid-19, tá spreagadh breise tugtha d'ionchais na n-úsáideoirí deiridh agus don ghá atá le ECN ar ardchaighdeán atá iontaofa agus a bhfuil teacht aniar ann. Tháinig méadú 64% ar an trácht sonraí seasta in 2020, i gcomparáid le meánráta fáis bliantúil de 24% idir 2017 agus 2019. Tá méid an tráchta sonraí seasta agus soghluaiste i bhfad níos mó anois ná na bonnleibhéil a bhí ann roimh Covid-19.

6.11 Mar sin féin, tá codanna d'Éirinn ann nach bhfuil soláthar maith ECS / ECN ar ardchaighdeán agus iontaofa acu, rud a fhágann go bhfuil roinnt úsáideoirí deiridh fágtha amach go digiteach. Tá dlús daonra na hÉireann ag 70.9 duine in aghaidh an km² i bhfad níos ísle ná meá an AE ag 118 duine in aghaidh an km². I gceantair thuaithe, áfach, níl de dhlús daonra ann ach 27 duine in aghaidh an km². De réir mar a laghdaíonn dlús an daonra, is ea is faide ó chéile a bhíonn na háitribh, rud a chuireann leis an gcostas a bhaineann le ECN a chur chun feidhme⁶⁵.

6.12 I gcás ComReg, ní bhaineann a chinntiú go bhfuil rochtain ag gach úsáideoir deiridh ar nascacht le bheith ag cur teicneolaíocht líonra amháin i gcoinne teicneolaíocht líonra eile, ach baineann sé le nascacht fhorleathan, leanúnach agus ardchaighdeán a bheith ag na n-úsáideoirí deiridh, beag beann ar na teicneolaíochtaí atá taobh thiar díobh.

6.13 Go dtí seo, bhí cúrsaí tráchtála agus rialála taobh thiar de leathadh amach go céimneach an VHCN seasta chuig 1.47 milliún áitreabh (teaghlaigh agus gnólachtaí) ar fud na tíre. Sna deich mbliana amach romhainn, is dócha go spreagfaidh na cúrsaí tráchtála agus rialála céanna seo feidhmiú ar bhonn céimneach an VHCN níos faide isteach sna ceantair thuaithe, le go mbeidh 1.7 milliún áitreabh clúdaithe. Cuirfidh an cur i bhfeidhm ar bhonn céimneach ag Leathanbhanda Náisiúnta Éireann, a chlúdaíonn 540k, seirbhísí VHCN ar fáil do na háiteanna is iargúlta in Éirinn. Measann ComReg go dtugann an infheistíocht thráchtála i leathadh amach líonraí snáithín agus líonraí soghluaiste agus an infheistíocht phoiblí tríd an BNP an-ghar muid do chlúdach líonraí seasta agus soghluaiste ar ardchaighdeán a bheith i ngach áit faoi 2026.

6.14 In 2018, d'fhoilsigh ComReg torthaí staidéir ar nascacht inar féachadh ar an mbealach ab fhearr le freastal ar riachtanais nascachta soghluaiste na dtomhaltóirí, ag déanamh meastacháin ar an gcostas a bhainfeadh le nasacadh le líonra soghluaiste amach anseo

⁶⁵ Féach <https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/tps00003/default/table?lang=en>

agus ar na himpleachtaí do dhámhachtainí speictrim agus oibleagáidí i leith an chlúdaigh.

Chuir na tuarascálacha seo anailís ar fáil ar na dúshlán, na réitigh agus na gníomhartha chun nascacht a fheabhsú, lena n-áirítear Wi-Fi agus Wi-Fi dúchasach a úsáid chun tacú le nascacht soghluaiste taobh istigh agus an gá atá le i bhfad níos mó suíomhanna cealla ná mar atá ann faoi láthair chun^{66 67} leibhéal an-ard de chlúdach leathanbhanda soghluaiste 30Mbps a bhaint amach ar bhonn tíreolaíoch. Ina theannta sin, leagtar béim sna tuarascálacha ar go mbeadh gá le pleanáil chúramach agus an-leas cleachtadh maidir leis na hidirghabhálacha

ó thaobh beartais nó rialáil a d'fhéadfaí a úsáid chun clúdach níos fearr a fháil, chun an costas agus an sochair don tsochaí a chinneadh.

6.15 I mí an Mhárta 2021, chuir an EC i láthair fíis, ar a dtugtar Deich mBliana Digiteach na hEorpa, den áthru ó bhonn a bheidh tagtha ar an Eoraip go digiteach faoi 2030, agus cuireann sé⁶⁸ le straitéis dhigiteach an Choimisiúin ó mhí Feabhra 2020, mar a leagtar amach i mBosca Míniúcháin 2 thíos. Is é is aidhm atá le straitéis dhigiteach an Aontais go n-oibreodh an t-áthru sin do na tomhaltóirí, agus ag an am céanna go gcabhródh sé le Eoraip a bheadh neodrach ó thaobh na haeráide de a bhaint amach faoi 2050.

Bosca Míniúcháin 2: An Coimisiún Eorpach – Deich mBliana Digiteacha na hEorpa

Leis an bhfís sin do Dheich mBliana Digiteacha an Aontais, tá ceithre cholún i gceist lena n-áirítear spriocanna agus garspriocanna do 2030:

- Bonneagair dhigiteacha atá slán, feidhmiúil agus inbhuanaithe: Faoi 2030, ba cheart go mbeadh nascacht ghigighiotáin ag na teaghlaigh ar fad san AE agus ba cheart clúdach 5 G a bheith i ngach limistéar a bhfuil cónaí ann; ba chóir go mbeadh táirgeadh leathsheoltóirí ceannródaíocha agus inbhuanaithe san Eoraip ina 20% de tháirgeadh an domhain; ba cheart 10,000 nóid chiumhais atá neodrach ó thaobh na haeráide de a bheith in úsáid; agus ba cheart go mbeadh an chéad ríomhaire candamach ag an Eoraip.
- Athru digiteach ar ghnóthaí: Faoi 2030, ba cheart go mbeadh 3/4 de na cuideachta ag baint úsáide as seirbhísí néalríomhaireachta, mórshonraí agus IS ; ba cheart go sroichfeadh níos mó ná 90% FBManna ar a laghad leibhéal bunúsach ó thaobh na déine digité
- Digiú ar sheirbhísí poiblí: Faoi 2030, ba cheart go mbeadh gach príomhsheirbhís phoiblí ar fáil ar líne; go mbeadh rochtain ag gach saoránach ar a dtaifid leighis i bhfoirm leictreonach; agus ba cheart go mbeadh 80% de shaoránaigh ag úsáid ríomh-aitheantais a úsáid.
- Saoránaigh atá oille go digiteach: Faoi 2030, ba cheart bunscileanna digiteacha a bheith ag 80% ar a laghad de na daoine fásta uilig, agus ba cheart go mbeadh 20 milliún speisialtóir TFC fostaithe san Aontas – agus ba cheart go mbeadh níos mó ban i bpoist den chineál sin.

Tugann an Coimisiún Eorpach dá aire go mbeidh na teicneolaíochtaí digiteacha ar na príomh ghnéithe a dhéanfaidh difríocht ó thaobh aistriú go rathúil go dtí geilleagar agus sochaí inbhuanaithe nuair a thiocfaidh deireadh le paindéim Covid-19.

66 Doiciméid ComReg 18/103, 18/103a, 18/103b, 18/103c, 18/103d

67 Sa chás go raibh fadhbanna ag tomhaltóirí maidir le nascacht soghluaiste faoi dhíon, mhol ComReg go n-úsáidfítear Wi-Fi agus Wi-Fi Dúchasach ag glaoc thar líonra leathanbhanda seasta. Is seirbhís d'fhóin chliste é glao dúchasach Wi-Fi a chuireann ar chumas an duine glaonna teileafóin a dhéanamh agus a fháil thar nasc idirlín le luas íoslódála agus aga foláigh leordhóthanach. Tá sé tugtha faoi deara ag ComReg roimhe seo gur dócha gurb é glaoc Wi-Fi dúchasach an mheicníocht is éifeachtaí chun fadhbanna le glactha faoi dhíon a fheabhsú.

68 Deich mBliana Digiteacha na hEorpa: https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_21_983

Teacht Aniar, Iontaofacht agus Slándáil Líonra (NRRS)

- 6.16** Anois, de réir mar a atáthar ag brath níos mó ar ECS / ECN, tá sé ríthábhachtach go bhféadfadh na húsáideoirí deiridh a bheith réasunta cinnte den leanúnachas agus den tslándáil a bhaineann leis an ECS / ECN atá á sholáthar, beag beann ar na teicneolaíochtaí líonra atá mar bhonn leo.
- 6.17** D'fhéadfadh gearradh líonra agus seirbhíse cur isteach go mór ar úsáideoirí deiridh agus bíonn cailiteanas ann ó taobh na heacnamaíocha, an airgeadais agus an tsochaí dá bharr. Cé go n-aithníonn ComReg gur féidir le himeachtaí 'force majeure' tarlú agus go dtarlóidh siad, rud a fhágann go ngearrtar an tseirbhís, gan aon neart air, ar bhonn sealadach, tá sé riachtanach go mbeadh gach beartas cosanta agus próiseas réasúnta curtha i bhfeidhm chun leanúnachas an tsoláthair a chinntiú. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go mbeadh na beartais chosanta agus an infheistíocht sách maith lena chinntiú go mbeidh leanúnachas ann agus fáil ar na líonraí agus ar na seirbhísí a sholáthraítear thar na líonraí sin.

Bonneagar Digiteach Riachtanach

- 6.18** Mar atá luaite thuas, feiceann ComReg an nascacht ar bhealach iomlánaíoch, ag aithint go bhfuil líonraí, teicneolaíochtaí agus réitigh éagsúla ar fáil do dhaoine chun cabhrú leis na riachtanais nascachta atá acu chomhlíonadh. Chomh maith leis na líonraí fosaithe agus soghluaiste, tá líonraí eile ann, dála líonraí gan sreang agus líonraí leathanbhanda satailíte, a d'fhéadfadh cabhrú le nascacht a thairiscint d'úsáideoirí deiridh.
- 6.19** Is é dearcadh ComReg, gurb é caighdeán agus iontaofacht an ECS/ECN atá tábhachtach do thomhaltóirí agus do ghnóthaí ar fud na tíre, seachas na modhanna seachadta. Tá straitéis ComReg dírithe ar a chinntiú go mbeidh fáil go forleathan ar na seirbhísí ardchaighdeáin iontaofa seo. Sa chomhthéacs sin, is é an sprioc atá ag ComReg go **ligfeadh**

na líonraí, na teicneolaíochtaí agus réitigh Teileachumarsáide do na húsáideoirí deiridh páirt iomlán a ghlacadh i ngach gné den tsochaí.

- 6.20** Cuimsíonn an EECC cuspóir nua a bhaineann le nascacht agus rochtain ar líonraí atá fíor-ardacmhainneach (VHCN) a chur chun cinn agus glacadh a bheith leis na líonraí sin. Leis an gcuspóir sin a bhaint amach, athdhearbhaíonn an EECC an gá atá le cothromaíocht idir spreagthaí leordhóthanacha a bheith ann chun go ndéanfaí infheistíocht in VHCN agus an gá atá le rialáil.

Sprioc 3.1

Tugann líonraí, teicneolaíochtaí agus réitigh Teileachumarsáide deis d'úsáideoirí deiridh páirt iomlán a ghlacadh i ngach gné den tsochaí.

- 6.21** Chun cabhrú leis an téarnamh eacnamaíoch san Aontas tar éis phaindéim Covid-19, d'fhoilsigh an CE Moladh inar iarradh ar na Ballstáit borradh a chur⁶⁹ faoin infheistíocht in VHCN agus in 5G. Leagtar amach sa mholadh treoir chun dea-chleachtais a fhorbairt agus é mar aidhm aige an costas a bhaineann le cur chun feidhme VHCN a íslú agus a chinntiú go mbeadh rochtain thráthúil, a chabhródh le hinfheistíocht, ar speictream raidió 5G chun cabhrú leis an nascacht a chur chun cinn mar shócmhainn ríthábhachtach d'iomáiochas na hEorpa, do sheirbhísí inbhuanaithe agus do sheirbhísí digiteacha amach anseo. Iarrtar sa mholadh seo ar ÚNR, ar BEREC, ar RSPG agus ar an CE oibriú le chéile chun "Bosca Uirlisí Nascachta" a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar bhonn práinne. Leagtar amach sa Mholadh freisin roinnt príomhréimsí lena meas:
- Na nósanna imeachta a bhaineann le deonú a chuíchóiriú
 - Trédhearcacht a fheabhsú tríd an bpointe aonair faisnéise

- An ceart rochtana ar an mbonneagar fisiceach atá ann cheana a leathnú,
- Córais chun aighnis a réiteach,
- Lorg comhshaoil na ngréasán a laghdú, agus
- Spreagthaí don infheistíocht i 5G.

6.22 Ar an 25 Márta 2021, ghlac na Ballstáit leis an mBosca Uirlisí nascachta, de bhun an Mholta ó CE. Is éard atá sa Bhosca Uirlisí Nascachta sraith dea-chleachtas chun VHCNanna a chur i bhfeidhm agus a spreagadh⁷⁰.

6.23 Sa tréimhse amach romhainn, rachaidh ComReg i mbun na gcúraimí seo a leanas:

- **Bosca Uirlisí Nascachta:** Féachfaidh ComReg ar na dea-chleachtais ábhartha a thagann faoina shainchúram agus pléifidh sé le páirtithe leasmhara ábhartha an bhfeadfaí na dea-chleachtais seo a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs na hÉireann agus an bhfuil gá leo. Cabhróidh ComReg freisin le hullmhú tuarascála ar stádas chur chun feidhme an Bhosca Uirlisí atá le cur faoi bhráid an CE faoin 30 Aibreán 2022.
- **Léarscáiliú tíreolaíoch ar Líonraí:** De réir Airteagal 22 den CTE, tiomsóidh agus foilseoidh ComReg léarscáil de gach líonra leathanbhanda in Éirinn, lena n-áirítear clúdach a bheidh ann amach anseo. Is féidir le tomhaltóirí, tionscal agus Rialtais inmheánacha a bheadh ag ceapadh beartais na léarscáileanna seo a úsáid ansin. Taobh istigh den tír cabhróidh na léarscáileanna seo le bonn eolais a chur faoi thionscadail leanúnacha ComReg (e.g. Anailís Margaidh, Sonrúcháin USO srl.).
- **Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt líonra agus teicneolaíochta:** Sa tréimhse amach romhainn táthar ag súil go leanfaidh an fhorbairt agus an nuálaíochtaí i dteicneolaíochtaí na líonraí ar aghaidh, rud a chuirfidh le heispéiris an úsáideora deiridh. Tá sé mar aidhm ag ComReg monatóireacht a dhéanamh ar na nuálaíochtaí seo agus a n-úsáid a éascú nuair is cúí⁷¹.

- **An Deighilt Dhigiteach:** Leanfaidh ComReg de mhonatóireacht a dhéanamh ar na ndeighiltí digiteacha atá ag teacht chun cinn sna margáí éagsúla ECS agus sna margáí cóngaracha. Cabhróidh na léargais seo le tuiscint iomlánaíoch a thabhairt dúinn ar na deacrachtaí nascachta a bhíonn ag úsáideoirí deiridh agus cuideoidh siad le bonn eolais a chur faoi na cinntí éagsúla beartais agus rialála a dhéanann ComReg.

Ag Tacú le hIdirghabhálacha

Spríoc 3.2

Trí úsáid a bhaint as an bhfoireann uirlisí rialála, cuireann gníomhaíochtaí ComReg nascacht chun cinn agus/nó spreagann siad feidhmiú céimneach ar bhonneagair.

- 6.24** Aithníonn ComReg go gcuirfidh an dream atá in iomaíocht, má fhágtar fúthu féin é, ECS/ECN ar fáil a bheidh ar leibhéal agus ar chaighdeán áirithe. Mar sin féin, toisc nach fiontar tráchtála atá i gceist le feidhmiú céimneach an ghréasáin, ní dócha go gcuirfear nascacht ardchaighdeán a rachaidh thar an leibhéal seo ar fáil i gceantair áirithe den tír.
- 6.25** Tá fáil ag ComReg agus ag an Rialtas ar réimse uirlisí rialála chun spreagadh a thabhairt le go ndéanfar bonneagair a leathadh amach i gceantair nach bhfuil líonra tráchtála ag freastal orthu faoi láthair. Sa chomhthéacs sin, is é spríoc ComReg go **gcuirfidh a ghníomhartha, agus leas á bhaint as an tsraith uirlisí rialála, nascacht chun cinn agus/nó go spreagfaidh siad feidhmiú céimneach an bhonneagair.**
- 6.26** Aithníonn ComReg, cé go gcuimsíonn a fhoireann uirlisí roinnt uirlisí atá úsáideach agus éifeachtach mar a bhaineann le nascacht a fheabhsú, go bhfuil sé teoranta freisin ó thaobh

⁷⁰ https://ec.europa.eu/newsroom/dae/document.cfm?doc_id=75185

⁷¹ Is dócha go gcuimsíodh forbairtí agus nuálaíochtaí den chineál sin feidhmiú céimneach leathanbhanda satailíte 5G, Fithisíú an Domhain Íseal, ViLTE (Físeán thar LTE), DOCSIS 4.0 agus Cealla Beaga

dul i ngleic leis na fadhbanna nascachta a mbíonn ar chuid de na húsáideoirí deiridh déileáil leo. Sa chás go bhfuil ról ó thaobh beartais nó reachtaíocht ag comhlachtaí poiblí eile a bhaineann leis an earnáil ECS agus leis na margaí cóngaracha, féachann ComReg le teagmháil dhearfach a dhéanamh leis na comhlachtaí sin agus cur le leagan amach beartais níos leithne i bpáirt leis an Roinn agus le ranna Rialtais eile.

Státchabhair agus Seirbhís Uilíoch

6.27 Sa chás nach leor na seifteanna tráchtála agus rialála chun líonraí a chur chun feidhme, tá an bhearna á líonadh ón gcistiú poiblí chun freastal ar cheantair iargúlta. Cinntíonn treoirlínte an Aontais maidir le Státchabhair nach gcuirfidh an cistiú sin an iomaíocht sa mhargadh as a riocht. Le 15 bliana anuas tá infheistíocht déanta ag Rialtas na hÉireann in ECN trí scéimeanna éagsúla (Féach Bosca Míniúcháin 3 thíos), lena n-áirítear an PNL a bhronnadh ar Leathanbhanda Náisiúnta Éireann.

6.28 Cé nach bhfuil sé freagrach as an NBP, cuireann ComReg comhairle theicniúil ar fáil don Roinn maidir leis an NBI agus tá foireann ar iasacht aige don Roinn chun cúnaimh den chineál sin a chur ar fáil. Aithníonn ComReg go bhféadfadh, le himeachta ama, go mbeadh impleachtaí don rialáil ag feidhmiú an NBI ar bhonn céimneach. Déanfaidh ComReg breithniú i rith an ama ar an tionchar a bheidh ag leathnú amach an NBI ar staid na hiomaíochta sna margaí miondíola agus mórdhíola ábhartha.

6.29 Mar a pléadh i gCaibidil 5, is é cuspóir na Seirbhíse Uilíche a chinntiú go mbeidh rochtain ag tomhaltóirí, ar phraghas réasúnta, ar sheirbhís rochtana idirlín a bhfuil fáil uirthi agus ar sheirbhísí cumarsáide gutha, lena n-áirítear an bunnasc ag suíomh fosaíthe. De réir mar a chuirtear líonraí nua i bhfeidhm ar bhonn céimneach agus de réir mar a leathnaítear amach NBI, díreofar aird ar ról na Seirbhíse Uilígh agus fáil a bheith ar leathanbhanda leordhóthanach. Tá caidreamh leanúnach ar siúl idir ComReg agus an Roinn i dtaobh rochtain leordhóthanach a bheith ar Leathanbhanda idirlín faoin EECC agus coinneoidh ComReg na páirtithe leasmhara ar an eolas, de réir mar is cuí, maidir leis an ábhar seo.

Bosca Míniúcháin 3: Infheistíocht Phoiblí i Líonraí

Líonra limistéar cathrach (MAN)

Is líonraí snáthoptaice faoi úinéireacht phoiblí iad na MANanna a cheadaíonn rochtain mhórdhíola agus oscailte do gach oibreoir teileachumarsáide. Is éard atá i MAN ná ductú teileachumarsáide agus cábla snáthoptaice atá leagtha i gcruth fáinne i gceantar cathrach agus tá sé in ann bandaleithead atá beagnach gan teorainn a sheachadadh chuig 94 baile agus cathair ar fud réigiúin na hÉireann.

I 2004, bronnadh conradh 15 bliana ar enet chun na 28 MANanna a tógadh faoi Chéim I de chlár bonneagair MANs thar ceann an stáit a bhainistiú. In 2009, bronnadh an dara conradh 15 bliana ar enet chun na 60 MANanna (a chlúdaíonn 66 baile) a tógadh faoi Chéim II de chlár bonneagair MANs a bhainistiú. Leathnaíodh an dá chonradh sin go dtí 2030 i gcomhréir le forálacha na gconartháí.

An Scéim Náisiúnta Leathanbhanda (NBS)

Rinne Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) cómhaoiniú ar an NBS, agus ceapadh é chun leathanbhanda bunúsach inacmhainne a sholáthar chun díriú ar cheantair ar fud na tíre nár leor na seirbhísí a bhí iontu.

Bhuaigh trí dhream an conradh agus chuir siad an scéim NBS i bhfeidhm thar ceann an DECC. Faoi rialacha an Aontais maidir le Státchabhair, bheadh an idirghabháil sin ann ar feadh tréimhse teoranta. Tháinig deireadh leis an NBS tar éis tréimhse oibriúcháin 68 mí i mí Lúnasa 2014. Tá Three fós ag soláthar clúdach leathanbhanda ar fud cheantair NBS ar bhonn tráchtála. Chuir an Rialtas €79.8 milliún leis an NBS.

An Plean Náisiúnta Leathanbhanda (NBP) agus Leathanbhanda Náisiúnta Éireann (NBI)

Is tionscnamh Rialtais é an Plean Náisiúnta Leathanbhanda agus é mar aidhm aige pobail uile na hÉireann a nascadh trí dhéileáil leis an dúshlán nascachta leathanbhanda atá i gceantair thuaithe. Bronnadh feidhmiú céimneach an NBP ar Leathanbhanda Náisiúnta Éireann in 2019. Tá sé mar aidhm ag an NBP íosleibhéal íoslódála 30Mbps ar a laghad a chur ar fáil do gach áitreabh nach mbeadh in ann rochtain a fháil ar a leithéid de sheirbhísí trí infheistíocht tráchtála amháin. Tá thart ar 540,000 áitreabh san áireamh i bplean an Rialtais.

Clúdach Soghluaiste

6.30 Mar atá luaite cheana, tá ComReg faoi láthair ag tabhairt chun críche an dara dámhachtain maidir le speictrim il-bhanda (**MBSA2**) lena scaoilfear 470 MHz de chearta speictrim comhchuibhithe sna Bandaí 700 MHz Duplex, 2.1 GHz, 2.3 GHz agus 2.6 GHz. Áirítear leis sin coinníollacha ceadúnais a chinntiú, laistigh de thrí bliana ó eisíodh an ceadúnais, go mbeidh an clúdach gutha soghluaiste lasmuigh ag 99% den daonra agus go mbeidh clúdach sonraí soghluaiste lasmuigh ag luasanna níos mó ná 30 Mbps ag breis agus 85% den daonra agus go n-n-ardóidh sé seo go dtí níos mó ná 95% den daonra laistigh de sheacht mbliana ón am ar eisíodh an ceadúnas⁷².

6.31 Thug ComReg le fios roimhe seo go bhféadfadh go mba ghá, ar mhaithe le leas an phobail, bearta níos idirghabhálaí a thabhairt isteach chun clúdach a chur ar fáil in áiteanna nach mbeadh sé inmharthana sin a dhéanamh ó thaobh na tráchtála de. Mar sin féin, tá saincheisteanna suntasacha maidir le beartais a gcaithfear díriú orthu, lena n-áirítear an bhfuil luach ar airgead ag baint leis na bearta sin, cén chaoi a roghnófaí na spriocshuíomhanna, agus an bealach a gcomhlíonadh tionscnamh rialacha an Aontais maidir le Státchabhair. Cé nach mbeadh sé ceart go ndéanfadh ComReg roghanna ó thaobh beartais, is féidir leis ionchur saineolach a chur ar fáil chun bonn eolais a chur faoi chórais a d'fhéadfaí a úsáid chun cumhdach, a bheadh níos airde ná an leibhéal atá faoi thionchar an mhargaidh, a chinntiú.

Má bhíonn tomhaltóirí in Éirinn, amach anseo, ag baint úsáide as aipeanna a úsáideann go leor sonraí agus iad ar ghléasanna so-ghluaiste, ní hé amháin go mbeidh gá le clúdach níos fearr ó na líonraí so-ghluaiste, ach chomh maith leis sin caithfear a chur ar chumas na dtomhaltóirí agus na seirbhísí a bheith in ann bogadh gan stró idir na líonraí leathanbhanda so-ghluaiste agus na líonraí fosaithe agus iad ag déanamh glao nó ag úsáid na seirbhísí sonraí. Beidh feidhmiú céimneach na líonraí fosaithe ag oibreoírí tráchtála agus ag an NBI agus fáil a

bheith ar speictrim bhreise trí dhámhachtainí speictrim a bhronnfar amach anseo, ina bpríomháisitheoirí chun an dúshlán seo a shárú.

6.32 Mar atá leagtha amach i gCaibidil 5, tá léarscáil faoin gclúdach soghluaiste amuigh faoin aer ar a láithreán gréasáin ag ComReg chun gur féidir le thomhaltóirí clúdach oibreora ar leith agus an leibhéal comharthaíochta a mbeifí ag súil leis a sheiceáil ag láithreacha ar fud na tíre. Sa tréimhse amach romhainn cuirfidimid gnéithe nua leis an léarscáil seo chun é a fheabhsú. Ina theannta sin, táimid ag smaoineamh ar léarscáil den líonra leathanbhanda seasta a fhoilsiú, i gcomhréir le hAirteagal 22 den EEC.

6.33 Sa tréimhse amach romhainn, leanfaidh ComReg ar aghaidh ag plé leis an Tascfhórsa Fón Póca agus Leathanbhanda chun réiteach a fháil ar na heasnamh sa chlúdach leathanbhanda/fóin, agus chun imscrúdú a dhéanamh ar bhealaí le seirbhísí níos fearr a sholáthar do thomhaltóirí, lena n-áirítear úsáid níos fearr a bhaint as sócmhainní Stáit.

Feidhmiú céimneach an Líonra Sheasta

6.34 Tháinig na Rialacháin maidir le Laghdú Costas Leathanbhanda (**'BCRR'**) i bhfeidhm in 2016 agus é mar phríomhchuspóir acu an ECN poiblí ardluais a éascú agus an costas a bhaineann leis a laghdú, rud atá ar mhaithe, ar deireadh thiar, le gnóthaí agus le tomhaltóirí. Go dtí seo, níor úsáid oibreoírí in Éirinn an BCRR beag ná mór.

6.35 Tá trí fheidhm ag ComReg faoin BCRR, mar a leanas:

- Comhlíonadh an BCRR a chinntiú;
- Gníomhú mar chomhlacht náisiúnta um réiteach aighnis i gcás aighnis a thagann chun cinn idir oibreoírí líonra i ndáil leis an BCRR; agus⁷³
- Pointe Eolais Aonair (⁷⁴**'SIP'**) a sholáthar chun rochtain ar fhaisnéis i dtaobh ceadanna reachtúla a éascú d'oibreacha sibhialta a mbíonn gá leo chun gnéithe den ECN poiblí ardluais a fhorbairt.

⁷² Féach <https://www.comreg.ie/industry/radio-spectrum/spectrum-awards/proposed-multi-band-spectrum-award/>

⁷³ ComReg's Disputes Handling Process ar fáil ar a shuíomh gréasáin – ComReg Doc 16/77r

6.36 Tá ComReg ag iarraidh a oibriú amach faoi láthair an mbainfí níos mó úsáide as an BCRR dá gcuirfí feabhas ar na Pointí Eolais Aonair (SIP). Tugann ComReg dá aire, áfach, go léiríonn taithí na mBallstát eile, taithí a cuireadh in iúl agus an Bosca Uirlisí Nascachta á ullmhú, go bhféadfadh caiteachas mór a bheith i gceist le SIP lán-chomhtháite (idir airgead agus oibrithe). Níor cuireadh ComReg ar an eolas faoi aon spéis a bheith léirithe ag oibreoirí in SIP feabhsaithe den chineál sin. Dá bhrí sin, nílimid cinnte gurbh fhiú an tairbhe an costas. Sa tréimhse amach romhainn, breithneoidh ComReg dea-chleachtais an Bhosca Uirlisí Nascachta a bhfuil baint acu leis an SIP agus oibreoidh sé le páirtithe leasmhara ábhartha chun a fháil amach an bhféadfaí na dea-chleachtais seo a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs na hÉireann agus an bhfuil gá leo.

6.37 Leagann an EECC amach forálacha nua freisin a bhaineann le comhinfeistíocht in VHCN. Leagtar amach in Airteagal 76 agus in Airteagal 79 den EECC socruithe le haghaidh comhaontuithe comhinfeistíochta idir oibreoir SMP agus oibreoir eile chun stáisiún bunáite VHCN nó stáisiún bunáite soghluaiste a thógáil, agus go mbeadh díolúine ag infheistíochtaí ar nós iad sin ó na réitigh den chineál SMP a bhaineann le rochtain. Leagtar síos sa EECC coinníollacha breise atá le meas ag ComReg (e.g. comhroinnt riosca agus rochtain leanúnach d'iarthóirí ar rochtain) sula gceadaítear socruithe comhinfeistiúcháin den sórt sin. Leagtar amach in Airteagal 79 cumhachtaí nua don NRA chun go mbeidh soláthraí SMP faoi cheangal i gcás rochtain agus tairiscintí rochtana agus comhinfeistíochta a dhéanann siad, in ionad oibleagáidí SMP a bheith forchurtha. Pléifidh ComReg aon tograí den sórt sin a thagann ón tionscal agus a bhaineann le comhinfeistíocht ar nós iad sin, má thagann siad chun cinn.

Slándáil Líonra & Teacht Aniar

6.38 Baineann teacht aniar an ECS nó an ECN le cumas an ECN sin teacht chuige féin tar éis teagmhas suaiteach. D'fhéadfaí cur as do

theacht aniar líonra ina chroílár agus sna rannóga dáileacháin agus rochtana, agus is féidir leo go léir tionchar a imirt ansin ar oibreoir an ghréasáin, ar a chustaiméirí, agus ar sholáthraithe eile ECS agus/nó ECN atá ag brath ar rochtain mhórdhíola nó ar idirnascaid mhórdhíola.⁷⁵

6.39 Tá idirnascthacht agus idir-inoibritheacht na ngréasán ag éirí níos tábhachtaí de réir a chéile, go háirithe ó thaobh theacht aniar fhoriomlán na líonraí agus an chinnteacht maidir le leanúnachas na seirbhísí. Is fadhb í an teacht aniar, ní hamháin do na líonraí agus na seirbhísí aonair ach freisin mar gheall ar go bhféadfadh deacrachtaí teacht chun cinn de bharr na líonraí agus na seirbhísí a bheith ag brath an oiread sin ar a chéile. Áirítear leis sin, mar shampla, an ceangal atá idir na líonraí soghluaiste agus na líonraí fosaithe.

6.40 Tá ComReg ag plé leis an mbaol atá ann go dteipfeadh ar an margadh, rud a d'fhágfadh nach ndéanfaí an infheistíocht chuí i gcúrsaí slándála agus teacht aniar na ngréasán agus na seirbhísí. D'fhéadfadh baol a bheith ann don mhargadh ó rioscaí sistéamacha – rioscaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an tionscal ar fad. Rachadh infheistíochtaí a d'fhéachfadh le rioscaí sistéamacha a mhaolú chun tairbhe do gach úsáideoir deiridh, agus ní hamháin do chustaiméirí an oibreora atá ag déanamh na hinfeistíochta. Ar an taobh eile den scéal, má tá gach oibreoir gan chosaint ón riosca sistéamach céanna, ní bheidh aon mhíbhuntáiste ó thaobh na hiomaíochta ann má thagann an riosca chun cinn - mar sin níl mórán spreagthaí tráchtála ann i dtaca len é a laghdú.

6.41 Ceanglaítear ar ECS/ECN poiblí sláine agus slándáil a líonraí agus a seirbhísí a bhainistiú. Ceanglaítear orthu freisin bearta iomchuí⁷⁶ a dhéanamh chun rioscaí do shlándáil an líonra nó na seirbhísí sin a bhainistiú. Le cur chuige rioscabhunaithe den chineál sin, ba cheart go mbeadh oibreoirí in ann bagairtí ar shlándáil agus ar theacht aniar na líonraí agus na seirbhísí atá á soláthar acu a chosc, a sheasamh, a mhaolú agus a aisghabháil.

⁷⁴ Féach <https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/tps00003/default/table?lang=en>

⁷⁵ Tá gníomhaíochtaí ComReg maidir le hathléimneacht ECS agus ECN teoranta do Rialachán 23 & 24 den Chreat-Treoir agus d'Airteagal 40 & 41 de CETE

6.42 Ceanglaítear ar oibreoirí fógra a thabhairt do ComReg i gcás aon shárú slándála nó cailteanas sláine a bhfuil tionchar suntasach aige ar oibriú a gcuid líonraí nó seirbhísí.

⁷⁷Nuair a fhaightear tuarascálacha den chineál, tugann ComReg fógra do Roinn, don Ghníomhaireacht Eorpach um Shlándáil Gréasáin agus Faisnéise ('**ENISA**') agus don phobal.

6.43 Chun a chinntiú go ndéanfar slándáil agus teacht aniar an ghréasáin a bhainistiú go héifeachtach, ba cheart tuiscint chuimsitheach a bheith ag oibreoirí ar na rioscaí ábhartha uile a bhfuil siad fágtha gan cosaint orthu agus anailís a dhéanamh ar na rioscaí sin. Sa chomhthéacs seo is é sprioc ComReg go mbeadh na **nósanna imeachta cuí i dtaca le rioscaí i bhfeidhm ag na hoibreoirí chun bainistiú a dhéanamh ar shlándáil agus ar theacht aniar na líonraí.**

6.44 Ar cheann de na bagairtí ar shlándáil agus ar theacht aniar a bhaineann leis an ECS agus ECN tá an cibirionsaí. Mar thoradh ar bhagairt an chibirionsaithe in Éirinn, tá ComReg ag comhoibriú le Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála na hÉireann ('**NCSC**'), cuid den Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide atá ar an bpríomhghníomhaireacht d'Éirinn laistigh de réimse an chibirionsaithe.

Sprioc 3.3

Tá nósanna imeachta rioscabhunaithe cuí i bhfeidhm ag oibreoirí chun slándáil agus teacht aniar na líonraí a bhainistiú.

6.45 Tá go leor gnéithe a bhaineann le slándáil líonra agus le teacht aniar nach dtagann faoi shainchúram ComReg, lena n-áirítear príobháideacht sonraí agus cosaint córas TF ó cibirionsaí. Tá ról ag roinnt comhlachtaí poiblí eile freisin ó thaobh slándáil agus teacht aniar líonra, lena n-áirítear An Roinn

Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, ENISA, Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí ('**ODPC**'), na Gardaí agus Óglaigh na hÉireann. Ní hiad na gníomhaireachtaí céanna a bhíonn i gceist i gcónaí ag brath ar na saincheistanna atá á bplé agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu. Tá gá le rannpháirtíocht éifeachtach leis na geallsealbhóirí sin chun an mhaoirseacht agus an comhsheasmhacht a chinntiú agus chun dúbláil ó thaobh na ngníomhaíochtaí a sheachaint. I gcomhthéacs na sprice seo, sa tréimhse amach romhainn, tá sé i gceist ag ComReg tabhairt faoi na tionscadail seo a leanas:

- **Comhoibriú:** Leanfaidh ComReg ag obair le páirtithe leasmhara ábhartha nuair a bhíonn tionchar ar theacht aniar agus ar shlándáil líonra. Leanfaidh ComReg den chomhoibriú leis an NCSC, chomh maith le cuidiú le cur i bhfeidhm bhearta Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála an NCSC 2019 – 2024 beart ar iarradh ar ComReg cúnamh a thabhairt leis.⁷⁸
- **Tionscadal Teacht Aniar:** Tá ComReg i mbun measúnú faoi láthair ar chleachtais bhainistíochta riosca i measc sholáthraithe ECS/ECN. Diríonn an tionscadal ar dheacrachtaí a bhíonn sna coda éagsúla de líonraí an ECS/ECN, na líonraí agus seirbhísí fosaithe agus na líonraí soghluaiste araon.
- **Fóram Teacht Aniar Líonra:** Féachfaidh ComReg le Fóram Teacht Aniar Líonraí a bhunú i measc sholáthraithe an ECN, chun dea-chleachtas a roinnt agus a phlé. Bainfear úsáid as obair an Tionscadail Teacht Aniar san anailís ar theagmhais líonra chun a fháil amach an bhfuil aon rioscaí sistémacha ann.
- **Tuarascáil Bhliantúil Oibríochtaí Líonra:** Leanfaidh ComReg ag foilsiú tuarascáil bhliantúil oibríochtaí líonra a bhaineann lena ghníomhaíochtaí.
- **Tuarascáil ENISA:** Leanfaidh ComReg de theagmhais a thuairisciú do ENISA ar bhonn bliantúil, i gcomhréir lena oibleagáidí reachtúla.

⁷⁶ Faoi Rialachán 23 de na Rialacháin Réime

⁷⁷ Féach Doiciméad ComReg 14/02a agus ComReg Document 19/98

⁷⁸ An Straitéis Náisiúnta um Chibearshlándáil 2019 – 2024



7

**Comhlíonadh &
Forfheidhmiú**

7. Comhlíonadh agus Forfheidhmiú

Cuspóir Straitéiseach 4:

Comhlíonann an dream atá rialáilte a gceanglais rialála.

Cén chuma atá air?

- Bíonn an dream atá rialáilte go hiomlán ar an eolas i gcónaí faoina n-oibleagáidí agus comhlíonann siad iad.
- Stoptar an dream atá rialáilte óna n-oibleagáidí a shárú
- Tá nósmaireacht comhlíontacht daingnithe sna dreamanna atá rialáilte.

Forbheathnú


7.1 Ní oibríonn rialachán ach amháin nuair a chomhlíonann an dream atá rialáilte a n-oibleagáidí rialála. Maidir leis seo, tá rún straitéiseach ComReg mar a bhaineann le tacaíochtaí don chomhlíonadh agus don fhorfheidhmiú mar bhonn agus mar thaca d'éifeachtacht na dtrí rún straitéiseacha a tháinig roimhe seo. Is féidir feidhmeanna reachtúla ComReg maidir le comhlíonadh agus forfheidhmiú a roinnt ina dhá chatagóir: a chinntiú go gcomhlíonann an dream atá rialáilte a ndualgais rialála agus a chinntiú go ndéantar an speictream raidió a bhainistiú ar bhealach atá éifeachtúil agus éifeachtach.

7.2 Leagtar amach sa Chaibidil seo na spriocanna straitéiseacha de chuid ComReg a bhaineann le comhlíonadh na n-oibleagáidí rialála a chur i bhfeidhm leis an gcuspoir ardleibhéil a chinntíonn **go gcomhlíonfaidh an dream atá rialáilte a gceanglais rialála.**

7.3 Tá sé úsáideach smaoineamh ar straitéis forfheidhmiúcháin ar an mbealach seo:

- **Nósmhaireacht Comhlíontacht:** Is é an chás is fearr ar fad ná nuair a chomhlíonann an dream atá rialáilte a ndualgais go deonach agus go mbíonn nósmaireacht comhlíontacht taobh istigh den eagraíocht;
 - **Monatóireacht Gníomhach:** Agus foinsí éagsúla faisnéise agus sonraí á n-úsáid, cinntíonn an mhonatóireacht ar na h-oibleagáidí rialála go forbraíonn na margaí mar is ceart;
 - **Forfheidhmiú Spriocdhírithé:** Díritear acmhainní ar na gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin chun go mbeidh an córas chomh héifeachtach agus a d'fhéadfadh sé a bheith;
 - **Díspreagadh Éifeachtach:** Ní hé amháin go mbraitheann éifeachtacht an chórais ar go gcuirfí deireadh le hiompar neamhchomhlíontach ach braitheann sé freisin ar an tionchar a bhíonn aige ó thaobh stop a chur sa todhchaí le neamhchomhlíonadh.
- 7.4** I bprionsabal, is fainne óir buan atá in eilimintí éagsúla na straitéise ina gcomhlíonann an dream atá rialáilte iompar spriocdhírithé, rud a chuireann ar chumas an rialóra gníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe a athdhíríú, agus mar sin de.

Figiúr 10: Forfheidmiú Optamach



Timpeallachtaí Forfheidhmithe Éagsúla

7.5 Maidir le hearnáil na cumarsáide leictreonaí, tá trí phríomhréimsí freagrachta ag ComReg mar a bhaineann le comhlíonadh agus forfheidhmiú:

- Bainistíocht speictrim,
- Rialáil Mórdhíola (SMP), agus
- Cosaint na dtomhaltóirí.

Comhlíonadh agus forfheidhmiú i gcomhthéacs na bainistíochta speictrim

7.6 Tá feidhm reachtúil ag ComReg i bhfeighil bainistiú a dhéanamh ar an speictream radaimhnicíochta in Éirinn. Áirítear leis sin:

- Monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha a théann le cearta úsáide speictrim (e.g. an t-údarú ginearálta agus na coinníollacha ceadúnais);
- Monatóireacht a dhéanamh ar úsáid an speictrim raidió chun úsáid neamhúdaraithe a thabhairt faoi deara agus chun an ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin chuí a chur i bhfeidhm; agus
- Imscrúdú a dhéanamh ar chásanna ina dtuairiscíonn ceadúnaithe agus an pobal i gcoitinne go bhfuil cur isteach ag tarlú, agus gníomhú mar is cuí.

7.7 Maidir le húsáid neamhúdaraithe a bheith bainte as an speictream, i measc na bhfadhbanna a thagann chun cinn go minic tá an speictream raidió a bheith á úsáid gan ceadúnas, ceadúnais nach mbíonn athnuaithe, agus úsáid as trealamh nach bhfuil ag cloí leis an reachtaíocht ábhartha a bhfuil ComReg ainmnithe ina Údarás Monatóireachta Margaidh ina leith.^{79 80}

7.8 Chomh maith leis sin tugann ComReg faoi shraith de ghníomhaíochtaí monatóireachta réamhghníomhacha, lena n-áirítear tástáil ar líonraí so-ghluaiste chun comhlíonadh na oibleagáidí a bhaineann le clúdach a mheas chomh maith le suirbhéanna a dhéanamh chun a chinntiú go gcomhlíontar na teorainneacha radaíochta neamhianaithe.

Comhlíonadh agus forfheidhmiú i gcomhthéacs na rialáil mórdhíola

7.9 Féadfaidh ComReg oibleagáidí ex ante a fhorchur ar ghnóthais a bhfaightear amach go bhfuil SMP acu. Is réitigh iad na hoibleagáidí ex ante sin ar fhadhbanna iomaíochta a shainaithnítear sna margaí atá rialáilte. Tá ComReg freagrach as monatóireacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí SMP sin.

7.10 Ní go dtí go gcomhlíonann oibreoir SMP an tsraith iomlán de na h-oibleagáidí ex-ante go maolaítear na fadhbanna iomaíochta a bhí aitheanta. Cé go bhféadfadh comhlíonadh páirteach a bheith sách maith le rannpháirtíocht sa mhargadh a spreagadh, d'fhéadfadh go mbeadh an bonn á bhaint i gcónaí den mhuintir a bheadh ag na n-iarrthóirí rochtana leanúint ar aghaidh ag infheistiú má fhaigheann siad amach, mar shampla, go raibh leithcheal déanta orthu nó gur cuireadh moill nach raibh gá leis ar iarrataí ar rochtain. Ar an gcúis sin, d'fhéadfadh gach cás neamhchomhlíonta damáiste tromchúiseach a dhéanamh don iomaíocht.

7.11 Chomh maith leis na hoibleagáidí i leith SMP tá oibleagáidí éagsúla monatóireachta agus forfheidhmithe ar ComReg a eascraíonn as

79 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Trealamh Raidió) 2017 I.R. 248 de 2017.

80 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach), 2017, I.R. 69 de 2017.

81 D'fhéadfadh aighnis teacht chun cinn faoi Rialachán 31 de na Creat-Rialacháin, Alt 57 d'Acht 2002, agus Rialacháin 4, 5, 6, 7, 8 agus 9 de na Rialacháin um Chostas Leathanbhanda.

creat rialála an AE don chumarsáid leictreonach agus as an reachtaíocht náisiúnta. Tá ról ag ComReg freisin maidir le haighnis idir gnóthaí san earnáil.⁸¹

Comhlíonadh agus forfheidhmiú i gcomhthéacs chosaint tomhaltóirí

7.12 Tá ComReg freagrach as monatóireacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chomhlíonadh na bhforálacha éagsúla um chosaint tomhaltóirí ag soláthraithe seirbhíse ECN / ECS agus ag soláthraithe PRS. I measc na bpríomhdhlíthe um chosaint tomhaltóirí tá forálacha úsáideoirí deiridh an EECC, na Rialachán Príobháideachta, Acht 2002, an tAcht PRS, na Rialacháin um Chearta Tomhaltóirí, na Rialacháin um Théarmaí⁸² Éagóracha Conarthaí agus oibleagáidí ar ghnóthais de bhun a nÚdarú Ginearálta.^{83 84}

7.13 Tá roinnt cúiseanna ann go dtabharfaí faoi imscrúduithe a bhaineann le cosaint tomhaltóirí. Imscrúdaíonn ComReg gearáin agus treochoaí atá ag teacht chun cinn a eascraíonn as teagmhálacha leis an Líne Tomhaltóirí agus leis an láithreán gréasáin agus déanann sé measúnú chun a mbailíocht a chinneadh. Féadfaidh ComReg tabhairt faoi imscrúduithe féintionscnaimh freisin chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar an gcomhlíonadh ginearálta leis na hoibleagáidí rialála. Mar a pléadh i gCaibidil 5, baineann na príomhfhadhbanna le billeáil, téarmaí conartha, agus toiliú feasach chun seirbhís PRS a bhilleáil/a sholáthar. Chomh maith le forálacha nua an CTE, déanann ComReg monatóireacht freisin ar chomhlíonadh na Rialachán Glan-Neodracht, na Rialachán Fánaíochta agus na Rialachán um Ghlaonna Laistigh den AE.⁸⁵

Cultúr an Chomhlíonta

7.14 Is é an dearcadh atá ag ComReg gur cheart go mbeadh an dream atá rialáilte go hiomlán ar an eolas faoina ndualgais, go ndéanfaidís iad a chomhlíonadh agus go mbeadh nósmaireacht inmheánach comhlíontachta acu. Dá bhrí sin, is é an sprioc atá ag ComReg go mbeadh an

dream atá rialáilte réamhghníomhach ó thaobh a gcomhlíontacht féin a chinntiú.

Molann ComReg d'oibreoírí rialuithe láidre inmheánacha a bheith acu chun neamhchomhlíonadh a chosc agus é a thabhairt faoi deara.

7.15 D'fhéadfadh go socródh dream atá rialáilte, go háirithe iad siúd atá faoi réir oibleagáidí a bhfuil sé mar aidhm acu a chinntiú nach mbíonn idirdhealú ar bun, bearta oibríochtúla agus rialachais a chur i bhfeidhm ar mhaithe le prionsabail shonracha na comhlíontachta a chur chun cinn ag gach leibhéal den eagraíocht. Nuair a chuirtear chun feidhme go héifeachtach iad, is féidir le bearta den chineál sin comhlíonadh a chinntiú, ionas nach mbeadh gá leis an oiread idirghabháil rialála, agus ar an gcaoi sin, iomaíocht éifeachtach agus inbhuanaithe a chur chun cinn.

7.16 Measann ComReg go bhfuil na cleachtas seo a leanas riachtanach san earnáil chun nósmaireacht comhlíontachta a chur chun cinn:

- Tacaíocht agus tiomantas ón mbainistíocht shinsearach do na cláir chomhlíonta inmheánacha;
- Beartas maidir le comhlíonadh a bheith soiléir agus iad a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear na nósanna imeachta smachtaithe cuí, a chuireann cosc ar iompraíochtaí neamhchomhlíontacha ar gach leibhéal;
- Maoirseacht ar chláir chomhlíonta a bheith faoi stiúir chomhlacht monatóireachta ar leith, dála coiste iniúchóireachta inmheánach, a mbeadh acmhainní, neamhspleáchas agus údarás leordhóthanach aige ar leibhéal sinsearach;
- Rialuithe inmheánacha rioscabhunaithe, atá deartha chun comhlíonadh a chinntiú agus ar a ndéantar athbhreithniú agus cothabháil go rialta;
- Monatóireacht ar na rialuithe inmheánacha atá córasach, éifeachtach agus cláraithe; agus

⁸² An tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Ardráta agus Bonneagar Cumarsáide Leictreonaí), 2010

⁸³ Rialachán an Aontais Eorpach (Faisnéis do Thomhaltóirí, Cealú agus Cearta Eile), 2013 (I.R. Uimh. 484/2013).

⁸⁴ Rialachán na gComhphobal Eorpach (Téarmaí Éagóracha i gConarthaí Tomhaltóirí) 1995 (I.R. Uimh. 37 de 1995), arna leasú. Tabhair faoi deara, go háirithe leasuithe ó Rialachán na gComhphobal Eorpach (Téarmaí Éagóracha i gConarthaí Tomhaltóirí) (Leasú), 2014 (I.R. Uimh. 336 de 2014).

⁸⁵ Doiciméad ComReg 21/20

Cumarsáid, treoir agus oiliúint rialta i dtaca leis na cláir chomhlíontachta ag gach leibhéal d'eagraíocht.

7.17 Creideann ComReg go gcabhróidh córas forfheidhmiúcháin rialála atá éifeachtach, comhréireach agus díspreagúil le feasacht a chothú maidir leis an ngá atá leis an nósmaireacht chuí mar a bhaineann le comhlíontacht a bheith laistigh den tionscal. D'fhéadfadh sé gurb é an toradh a bheadh ar dhrochnósmhaireacht i leith an chomhlíonta ná go mbeadh an tuiscint a bheadh ag gnóthaí go himheánach ar na hoibleagáidí rialála difriúil ón mbrí agus ón gcuspóir a bhí taobh thiar díobh. D'fhéadfadh míthuiscintí den chineál sin leas a dhéanamh don ghnó ó thaobh na tráchtála de ach dochar a dhéanamh do gheallsealbhoirí eile nó don iomaíocht agus d'fhéadfadh siad an gnóthas a chur i mbaol neamhchomhlíontachta.

7.18 Cuireann ComReg eolas mionsonraithe ar fáil faoi na rialacháin is infheidhme (e.g. trí Chomhairliúchán Poiblí, Freagairt ar Chomhairliúchán, Ionstraim Chinnidh nó treirdhoiciméid agus trí chinntí forfheidhmiúcháin a fhoilsiú). Is mór an chabhair é treoir a bheith tugtha i dtaobh brí agus éifeacht na n-oibleagáidí rialála chun cleachtas, ar dóigh iad a bheith neamhchomhlíontach, a shainnithint go héasca. Sa chomhthéacs sin, déanfaidh ComReg monatóireacht ar chleachtas agus ar iompraíochtaí gnóthas agus déanfaidh sé gníomh forfheidhmiúcháin, nuair is cuí.

7.19 Ina theannta sin, nuair a oireann, cuireann ComReg treoir ar fáil maidir leis na cumhachtaí agus na cleachtas forfheidhmiúcháin atá aige chun a chinntiú go bhfuil tuiscint chuimsitheach ag an tionscal ar a ndualgais rialála agus go bhfuil siad ag cloí dá réir. Pléifidh ComReg ar chóir tuilleadh faisnéise agus treorach a fhoilsiú maidir le gnéithe áirithe dá chleachtas agus dá mhodheolaíochtaí mar a bhaineann le himscrúdaithe comhlíontachta, tar éis don EECC a bheith trasuite i ndlí na hÉireann. Ina theannta sin, bainfidh ComReg úsáid as rannpháirtíocht agus idirphlé, nuair is gá, chun cabhrú leis na hiompraíochtaí a theastaíonn a chothú laistigh den tionscal.

7.20 Tugann an EECC rialacháin nua isteach agus tugann sé oibreoirí nua faoi raon feidhme dhlínse ComReg (e.g. soláthraithe seirbhísí OTT). Ar bhonn cás ar chás, d'fhéadfadh sé gur ghá dul i dteagmháil go díreach le gnóthaí chun a chinntiú go bhfuil siad ar an eolas go hiomlán faoi na hoibleagáidí ábhartha. Foilseoidh ComReg aon treoirlínte a cheanglaítear go soiléir faoin CEE.

Samhail Rialachais Rialála Eircom

7.21 In 2018, d'aontaigh ComReg Comhaontú Socraíochta ('SA') le Eircom. Mar chuid den SA sin, d'aontaigh na páirtithe sraith gealltanais ('gnóthais RGM') a mbeidh sé mar thoradh air, nuair a chuirfí chun feidhme go hiomlán é, go mbunófaí agus go n-oibreofaí Samhail Rialachais Rialála fheabhsaithe ('RGM') in Eircom.

a) Ó Chomhaontú 2018 i leith, lean ComReg ag coinneáil súil ar an nósmaireacht agus ag measúnú feidhmiú agus éifeachtacht an RGM. Tá roinnt imní fós ar ComReg i dtaobh staid na hiomaíochta agus na nósmaireachta mar a bhaineann le comhlíonadh laistigh d'Eircom agus an RGM feabhsaithe i bhfeidhm. Sa tréimhse atá amach romhainn, leanfaidh ComReg den athbhreithniú ar éifeachtacht an Chomhaontaithe Socraíochta RGM agus féachfaidh sé an bhfuil gá le níos mó gníomhaíochtaí rialála. Leagtar amach sa **Chomhaontú Feidhmíochta (PA)**, ar iarscríbhinn é den SA, roinnt Garspriocanna a bhaineann le príomhghnóthais RGM. D'aontaigh ComReg agus Eircom, trí leasú ar an SA, go mbogfaí an dáta seachadta do Gharsprioc 4 ('M4') siar ón 30 Meán Fómhair go dtí an 31 Márta 2021 tar éis do ComReg imní a chur in iúl maidir le haighneacht Eircom ar an 30 Meán Fómhair 2020. Chuir ComReg athbhreithniú ar an aighneacht M4 i gcrích le déanaí agus cuirfidh sé tuilleadh eolais ar fáil ina leith sin.

Monatóireacht Ghníomhach

7.22 Déanann ComReg monatóireacht ghníomhach ar na margaí a rialaíonn sé chun a chinntiú go bhfuil siad ag feidhmiú ar bhealach a thagann leis na hoibleagáidí dlí agus rialála a fhorchuirtear sna margaí sin. Déanann ComReg é seo ar roinnt bealaí:

Spríoc 4.1

Tá an dream atá rialaithe réamhghníomhach ó thaobh a gcomhlíontacht féin a chinntiú.

- sonraí agus faisnéis ábhartha maidir leis an margadh a bhailiú go rialta agus go tráthúil
- monatóireacht dhíreach a dhéanamh ar oibleagáidí rialála (e.g. taraifí praghsála mórdhíola)
- athbhreithniú a dhéanamh ar liostaí praghsanna agus ar dhoiciméadacht táirgí
- oibriú i bpáirt leis an tionscal, go díreach nó trí fhóiraim éagsúla
- monatóireacht a dhéanamh ar cheisteanna agus ar ghearáin a chuirtear chuig líne chúram tomhaltóirí ComReg
- monatóireacht a dhéanamh ar na fóiraim ar líne agus ar na meáin shóisialta
- oibriú i bpáirt le comhlachtaí poiblí agus rialála eile (e.g. an CCPC)

7.23 Coinníonn ComReg súil ar ghníomhaíochtaí na n-oibreoirí sa mhargadh agus déanann sé monatóireacht orthu go leanúnach. Sa chás go n-aithnítear réimse a d'fhéadfadh a bheith ina chás imní, tabharfaidh ComReg faoi imscrúdú.

Forfheidhmiú Spriocdhírthe

7.24 Tá próisis inmheánacha (lena n-áirítear bailiú fianaise, scríobh tuairiscí agus athbhreithniú dlí) atá fréamhaithe go daingean sa chóras dlí agus rialála mar bhonn agus mar thaca ag gníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe ComReg sna suímh forfheidhmithe éagsúla. Is minic a bhíonn imscrúduithe ComReg casta nó ilghnéitheach agus ní mór iad a dhéanamh ar bhealach atá neamhchlaonta agus ceart ó thaobh nós imeachta de. Ciallaíonn an meascán seo de chastachtaí agus an fonn atá orainn meas a léiriú ar na próisis chuí go bhféadfadh go dtógfadh sé tamall imscrúduithe a chur i gcrích. Sa chomhthéacs sin, tá sé mar sprioc ag ComReg go gcuirtear gníomhaíochtaí comhlíontachta agus forfheidhmithe ComReg i gcrích trí úsáid a bhaint as próisis atá cothrom agus oibiachtúil agus go ndéantar iad a dhíriú agus a thosú mar is ceart.

7.25 Agus é ag glacadh leis go bhfaighidh sé na cumhachtaí forfheidhmiúcháin atá riachtanach (e.g. an cumhacht smachtbhannaí riaracháin airgeadais a fhorchur) leanfaidh ComReg de bheith ag forbairt a chleachtais agus a mhodheolaíochtaí forfheidhmiúcháin. Anuas air sin, féachfaidh ComReg an mbeadh sé ceart tuilleadh eolais agus treoracha a fhoilsiú maidir le gnéithe áirithe dá chleachtais agus dá mhodheolaíochtaí mar a bhaineann le imscrúduithe ar chomhlíontacht tráth a mbeidh an EECC imshuite i ndlí na tíre seo.

7.26 Ciallaíonn na socrúithe forfheidhmithe éagsúla ina n-oibríonn ComReg gur gá an cur chuige tosaíochta a chur in oiriúint do na cúinsí ábhartha.

7.27 I gcomhthéacs na bainistíochta speictrim, in 2020 thug ComReg próiseas athbhreithnithe isteach le haghaidh gearáin a bhaineann le cur isteach ar an minicíocht raidió ('RFI'). Déanann an cur chuige athbhreithnithe seo iarracht acmhainní ComReg a dhíriú ar na cásanna

den chur isteach díobhálach is mó a bhfuil tionchar acu ar chumas an ghearánaí seirbhísí a sholáthar. Tá sé mar aidhm ag ComReg freagra a thabhairt láithreach ar chásanna atá eisceachtúil agus tús áite a thabhairt do ghearáin a bhaineann le RFI dá réir, le hamanna freagartha gearáin a bhíonn sainmhínithe go soiléir.^{86 87}

7.28 Maidir leis an rialáil mhórdhíola, tugtar tús áite don fhorfheidhmiú i gcásanna ina bhfuil an seans is mó ann go ndéanfaidh iompar oibreora SMP dochar don iomaíocht – go díreach agus trí laghdú a dhéanamh ar an muintín atá ag oibreoirí eile as éifeachtacht agus intuarthacht an chórais rialála. D'fhéadfadh nach dtabharfaí an tosaíocht chéanna do sárúithe a thagann chun solais mar thoradh ar chóras rialaithe inmheánacha na n-oibreora SMP féin, má dhéantar iad a thuairisciú go trédhearcach, a leigheas go réamhghníomhach agus go héifeachtach, agus má thugtar aghaidh freisin ar an gcliseadh rialuithe as ar eascair an sárú. Mar sin féin, cuirfidh ComReg olcas an tsárúithe san áireamh agus cinneadh á dhéanamh an dtabharfar tosaíocht do ghníomh forfheidhmiúcháin.

Spríoc 4.2

Déantar gníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe ComReg trí úsáid a bhaint as próisis chothroma agus oibiachtúla agus déantar iad a spriocdhírú agus a chur in ord tosaíochta mar is cuí.

7.29 I gcomhthéacs na cosanta do thomhaltóirí, d'fhéadfaí tosaíocht a thabhairt do chásanna trí mheasúnú a dhéanamh ar thábhacht na hoibleagáide atá i gceist ó thaobh a chinntiú go mbeidh úsáideoirí deiridh in ann seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muintíneach. D'fhéadfadh go mbeadh gearáin a fhaightear ón bpobal i gcoitinne a bhíonn déanta trí fhoireann tomhaltóirí ComReg agus suíomh gréasáin ComReg treoir

a thabhairt do ComReg chun an measúnú seo a chur ar an eolas. Tá an fócas dírithe ar a chinntiú go dtugtar cosaint do phraghsanna, rogha agus caighdeán agus leagtar béim ar mhonatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí conartha, billeála, athraithe, neodrachtá glan agus cúitimh. Braitheann ComReg gur drochshárúithe iad aon sárúithe ar oibleagáidí atá leagtha síos chun rochtain ar ECAS a chinntiú mar gheall ar an tábhacht is léir a bhaineann le glaonna éigeandála. I gcomhthéacs PRS, is príomhábhar imní é a chinntiú go mbíonn toiliú soiléir agus eolasach.

Díspreagadh Éifeachtach

7.30 Úsáideann ComReg na cumhachtaí forfheidhmiúcháin atá aige cheana féin chun cásanna coiriúla agus sibhialta a thabhairt i gcoinne soláthraithe seirbhíse ECN / ECS agus PRS atá neamhchomhlíontach. Déannann sárúithe rialála dochar do thomhaltóirí, do ghnólachtaí, don tionscal agus don iomaíocht i gcoitinne. Cinntíonn cumhachtaí agus smachtbhannaí forfheidhmiúcháin atá éifeachtach go n-oibríonn na gníomhaíochtaí rialála mar dhíspreagadh dáiríre, ní hamháin don pháirtí a bhfuil pionós á ghearradh air agus do pháirtithe rialáilte eile atá sa mhargadh. Sa chomhthéacs seo is é an sprioc atá ag ComReg go mbeadh sraith éifeachtach de chumhachtaí ag ComReg **chun comhlíonadh a spreagadh agus monatóireacht agus forfheidhmiú éifeachtach a dhéanamh.**

7.31 I mí Feabhra 2021, d'fhoilsigh ComReg treoir maidir leis an gcur chuige atá aige le pionóis airgeadais a ríomh chun críche sárúithe ar na Rialacháin Rochtan. a fhorfheidhmiú. I gcás inar theip ar oibreoir SMP oibleagáid SMP a chomhlíonadh, tabharfaidh ComReg fógra don oibreoir faoi na torthaí agus tabharfaidh sé deis don oibreoir freagra a thabhairt ar an neamhchomhlíonadh nó é a réiteach. Má bhíonn ComReg fós den tuairim nár chomhlíon an t-oibreoir a chuid oibleagáidí, féadfaidh ComReg iarratas ar orduithe a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt, lena n-áirítear ordú go n-íocfadh an t-oibreoir pionós airgeadais. Féadfaidh ComReg moladh a dhéanamh don Ard-Chúirt

⁸⁶ ComReg Doc 19/108 agus ComReg Doc 20/62

⁸⁷ Is féidir tuilleadh sonraí faoi Imscrúduithe trasnaithe Raidió a fháil ar ár suíomh gréasáin anseo: <https://www.comreg.ie/industry/radio-spectrum/spectrum-compliance/radio-interference/>

maidir leis an b pionós airgeadais cuí. Leagtar amach i dtreoir ComReg na treoirlínte maidir leis an gcaoi a gcinnfidh ComReg an méid ba chóir a bheith sa phionós,⁸⁸ agus moltar é sin don Ard-Chúirt lena mheas. De réir mar a thagann cleachtais agus modheolaíochtaí forfheidhmiúcháin chun cinn, feicfidh sé ar cheart tuilleadh treorach a fhoilsiú maidir le sárúithe ar na Rialacháin Rochtana.

Sprioc 4.3

Tá sraith éifeachtach cumhachtaí ag ComReg chun comhlíonadh a spreagadh agus monatóireacht agus forfheidhmiú éifeachtach a dhéanamh.

7.32 Éilíonn an reachtaíocht forfheidhmithe reatha atá ag ComReg go ndéanfadh ComReg iarratas chuig an gcúirt maidir le h-orduithe chun smachtbhannaí airgeadais sibhialta a fhorchur. Chun go mbeidh ComReg ina rialtóir éifeachtach, caithfidh cumhachtaí forfheidhmiúcháin atá cuí agus leordhóthanacha a bheith aige a bhfuil an éifeacht dhíspreagtha atá riachtanach acu. Dhéanfadh feabhsuithe ar chumhachtaí forfheidhmithe ComReg (idir choiriúil agus shibhialta) an díspreagadh níos éifeachtaí agus, nuair a d'fheilfeadh, ligfeadh sé do ComReg gníomhú go héifeachtach. De réir mar atá an earnáil ag teacht chun cinn, tá ComReg ag leanúint ar aghaidh ag lorg cumhachtaí níos fearr chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin reatha agus na dúshláin a bheidh ann amach anseo maidir lena shainchúram reachtúil agus rialála a chomhlíonadh. D'fhéadfaí réimeas forfheidhmithe ComReg a fheabhsú i dtrí phríomhréimse:

- **Smachtbhannaí Riaracháin Airgeadais:** Dá bhféadfadh ComReg féin Smachtbhannaí Riaracháin a fhorchur sna cúinsí cuí bheadh rialáil na hearnála i bhfad níos éifeachtaí.
- **Fíneálacha Coiriúla:** Tá sé beartaithe ag ComReg leanúint de bheith ag tacú le go

n-ardófaí an fhíneáil is airde is féidir a ghearradh i leith cionta coiriúla, tar éis an chiontaithe nó an díotáil. Measaimid go bhféadfadh fíneálacha coiriúla a bheadh sách ard feidhmiú mar dhíspreagadh láidir.

- **Cumhachtaí Caighdeánaithe:** Ba cheart cumhachtaí rialála, agus go háirithe, cumhachtaí áirithe cigireachta, imscrúdaithe agus forfheidhmithe, a bheith chomh caighdeánaithe agus is féidir ar fud na gcomhlachtaí rialála go léir. Chuirfeadh sé sin feabhas ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtacht na rialachán agus chuideodh sé le deimhneacht mar a bhaineann leis an dlí a chur chun cinn.

7.33 Ó 2012 i leith, tá roinnt aighneachtaí curtha faoi bhráid an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí ag ComReg maidir leis an gá atá leis an gcóras forfheidhmiúcháin chun córais éifeachtacha um dhíspreagadh a chur ar fáil.

7.34 Sa tréimhse atá amach romhainn, leanfaidh ComReg de bheith ag tacú leis na hathruithe reachtacha atá riachtanach chun a chinntiú go mbeidh an réimeas éifeachtach díspreagadh atá riachtanach ag ComReg chun a shainordú i leith na n-earnála ECN/ECS agus PRS a chur i gcrích. Aithníonn an Rialtas go gcaithfidh cumhachtaí forfheidhmiúcháin níos mó a bheith ag ComReg agus gur cheart go mbeadh sé in ann Smachtbhannaí Airgeadais a fhorchur, i gcomhréir le córais forfheidhmiúcháin i mBallstáit eile san AE. Is saincheist í seo a aithnítear i gcónaí mar ardtosaíocht i gClár an Rialtais 2020 agus ag Comhchoiste an Oireachtais um Líonraí Iompair agus Cumarsáide.⁸⁹ Tá An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide díograiseach ó thaobh a chinntiú go bhfuil na cumhachtaí is fearr, is oiriúnaí agus is éifeachtaí ar fáil dó ag ComReg. Is faoin Aire, i ndeireadh na dála, a bheidh na cinní/gníomhartha deiridh ina leith sin, ar ndóigh. D'aithin ComReg freisin an gá atá lena chinntiú go mbeadh trealamh uirlisí iomlán na gcomhachtaí forfheidhmiúcháin aige chomh maith le feabhsuithe a lorg i gcás achomhairc agus cumhachtaí bailithe faisnéise.

⁸⁸ ComReg Doc 21/20

⁸⁹ Mar atá leagtha amach i gClár an Rialtais 2020, ár *dTodhchaí Chomhroinnte*.

Dlí Iomaíochta Ex-Post

7.35 Tar éis don Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasaithe) 2007 a bheith tugtha isteach, tugadh mar fheidhm bhreise do ComReg imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe ex post ar dhlí na hiomaíochta in earnáil an ECS, agus tá sé ag roinnt na freagrachta sin leis an CCPC. Tá sé de chumhacht ag ComReg imscrúdú a dhéanamh de bhun gearáin nó dá chonlán féin. Ní mór imscrúduithe den chineál sin a dhéanamh ar bhonn ex-post, (i.e. tar éis don rud tarlú) agus caithfidh an t-iompar frithiomaíoch atá i gceist a bheith tarlaithe nó a bheith fós ar siúl. D'fhéadfadh an imscrúdú a bheith ar bun freisin i margaí ina bhfuil feidhm ag rialachán ex-ante.⁹⁰

7.36 Beidh cumhachtaí nua iomaíochta ag ComReg mar thoradh ar thrasú na Treorach ECN+ trí bhíthin an Bhille Iomaíochta (Leasú) a bhfuil grinnscrúdú reachtach á dhéanamh air faoi láthair. Moltar sa Bhille a chinntiú go bhfuil neamhspleáchas, acmhainní leordhóthanacha, agus cumhacht chuí forfheidhmithe ag na húdaráis iomaíochta, lena n-áirítear an cumas smachtbhannaí riaracháin airgeadais a eisiúint. Bheadh feidhm ag na cumhachtaí forfheidhmiúcháin sin maidir le toirmisc ar ghnóthais dul i mbun comhaontuithe agus cleachtas frithiomaíoch agus mí-úsáid ceannsachta. Foráiltear sa Bhille freisin do chlár thrócaire, nach bhfuil ag Éirinn faoi láthair.

90 Tá tuilleadh sonraí maidir le ról ComReg faoi dhlí na hiomaíochta agus imscrúdú na ngearán sin leagtha amach ina Fhógra Treorach maidir le Gearáin Iomaíochta. Treoir maidir le Gearáin Chomórtais a bhaineann leis an Earnáil Cumarsáide Leictreonaí, Fógra Faisnéise, Doiciméad ComReg 10/110, Nollaig 2010 a chur isteach



8

**Eagraíocht
ComReg**

8. Eagraíocht ComReg

Forbheathnú


8.1 Feidhmíonn ComReg i dtimpeallacht dhúshlánach atá ag athrú go tapa, ó thaobh na margaí a rialaíonn ComReg agus an comhthéacs beartais araon. Déanann ComReg a dhícheall a bheith ina eagraíocht ghníomhach agus éirimiúil, atá in ann freagairt don timpeallacht atá ag athrú go tapa agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar chumas ComReg a Mhisean a chomhlíonadh go tráthúil.

8.2 Leagtar amach sa Chaibidil seo spriocanna a **bhaineann le bheith ina rialtóir éifeachtach, sofhreagrúil agus ábhartha**. Braitheann cumas ComReg a mhisean a chur i gcrích ar na ceithre phríomhthiománaí seo a chinntíonn rath na heagraíochta:

- Rialtóir Feasach a bhfuil tuiscint dhomhain aige ar an earnáil;
- Rannpháirtíocht Réamhghníomhach le geallsealbhóirí;
- Ár Sainordú atá ag Síorathrú; agus
- Ár nDaoine agus ár bpróisis.

8.3 Má bhíonn rath ar ComReg faoi na ceannteidil seo is mó seans go mbeidh sé in ann na cuspóirí straitéiseach atá leagtha amach sna caibidlí roimhe seo a bhaint amach, agus ar deireadh thiar, a mhisean.

Fíor 11: Rialáil éifeachtach agus ábhartha a chinntiú



Cuspóir Stratéiseach 5:

Is rialtóir éifeachtach, sofhreagrúil agus ábhartha é ComReg

Cén chuma atá air seo?

- Breathnaítear ar ComReg mar cheannaire ó thaobh na smaointeoireachta de agus tá meas ag daoine eile ar thuairimí ComReg, sa bhaile agus go hidirnáisiúnta araon.
- Cuireann ComReg luacha poiblí ar ardleibhéal ar fáil.

ComReg mar rialtóir eolasach

8.4 Le go mbeidh ComReg ina rialtóir feasach, caithfidh rochtain a bheith aige, go tráthúil, ar shonraí ardcháilíochta iontaofa agus ar fhoireann oilte atá in ann anailís a dhéanamh chun taighde agus léargais ardchaighdeán a chur ar fáil. Úsáideann ComReg sonraí agus faisnéis ó réimse leathan foinsí ar roinnt bealaí. Mar shampla:

- **Cinnteoireacht rialála:** Tá freagracht ar ComReg a chinntiú go n-eascraíonn cinntí rialála as anailís atá tráthúil, a bhfuil an bonn ceart oibiachtúil leis agus é bunaithe ar shonraí ardchaighdeán agus cruinne.
- **Monatóireacht, comhlíonadh agus forfheidhmiú:** Comhlíonann ComReg ról éagsúla monatóireachta agus forfheidhmithe dála comhlíonadh na gcoinníollacha leith ceadúnaithe speictrim, le hoibleagáidí a fhorchuirtear le ComReg nó le reacht.
- **An tionscal agus úsáideoirí deiridh a chur ar an eolas:** Bailíonn ComReg sonraí agus faisnéis staitistiúil chun faisnéis a sholáthar do thomhaltóirí agus don tionscal. Bíonn fáil ar na sonraí staitistiúla seo ar shuíomh gréasáin ComReg.

8.5 Ní mór do ComReg tuiscint chuimsitheach a bheith aige freisin ar na spreagthaí atá ann do na hoibreoírí sa tionscail. Sa chomhthéacs sin, bailímid faisnéis chun cabhrú le treochothaí an mhargaidh agus na cúiseanna a bhféadadh go dteipfeadh ar an mhargaidh a aithint, rud a chabhraíonn le cuspóirí straitéiseach ComReg a éascú. Maidir leis seo, is é an sprioc atá ComReg **go mbeadh tuiscint dhomhain ag ComReg ar na margaí a rialaíonn ComReg agus ar na margaí gaolmhara.**

Sprioc 5.1

Tá tuiscint dhomhain ag ComReg ar na margaí a rialaíonn ComReg agus ar margaí gaolmhara.

8.6 I gcás inar féidir sonraí atá tráthúil agus cruinn a bhailiú ó sholáthraithe ECS / ECN agus ó sholáthraithe ábhartha OTT, tá sé mar aidhm ag ComReg an t-ualach oibre a bhaineann leis na sonraí sin a aimsiú agus a bhailiú a laghdú an oiread agus is féidir. Nuair is gá, féadfaidh ComReg a chumhachtaí dlí faoin Acht agus/nó ionstraimí reachtúla a úsáid chun sonraí agus faisnéis a bhailiú ón tionscal. Déanann ComReg iarracht, a oiread agus is féidir, an úsáid a bhaineann sé as na cumhachtaí dlí seo a chur in oiriúint agus oibriú leis an tionscal chun gur féidir sonraí a bhailiú ar bhonn deonach.

8.7 Dá bhrí sin, is é an dara sprioc atá ag ComReg maidir le sonraí ná go dtacaíonn seachadadh rialta agus tráthúil sonraí atá iontaofa agus cruinn le cinnteoireacht láidir a bhíonn bunaithe ar fhianaise, le monatóireacht éifeachtach ar an margadh agus **le gníomhú go heolasach.**

8.8 Chomh maith le sonraí a bhailítear go díreach ó sholáthraithe ECS / ECN agus ó sholáthraithe ábhartha OTT, féachann ComReg lena riachtanais sonraí a fhorlíonadh trí úsáid a bhaint as léargais a bailíodh ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear taighde i measc tomhaltóirí trí thaighde margaidh, taighde a rinne daoine eile (e.g. an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta) agus sonraí a fuair ComReg ó thríú páirtithe le sainspéis.

8.9 Ag teacht le Straitéis Sonraí Oscailte na hÉireann 2017 – 2022, tá ComReg ag obair ar phróiseas chun tacair chúil sonraí a shainaithint lena bhfoilsíú i bhformáid Sonraí Oscailte. Ghlac ComReg cur chuige “Oscailte de réir Réamhshocraithe” i leith sonraí, ag cinntiú go smaoinfeadh ar shonraí a bhailítear mar chuid dá dhualgais rialála a fhoilsíú mar Shonraí Oscailte, faoi réir aon srianta riachtanacha (e.g. mar gheall ar rúndacht). Sa tréimhse amach romhainn, déanfaidh ComReg athbhreithniú ar a chatalóg inmheánach d’fhonn níos mó dá thacair sonraí a oscailt.

8.10 Óstálann Tairseach Sonraí ComReg sonraí a bhaineann lena Thuarascáil Ráithiúil Ar Phríomh Shonraí (**‘QKDR’**). Tá athchothromú déanta ag ComReg ar a fhoilsíú sonraí ionas go mbeidh níos mó sonraí agus cairteacha

curtha i láthair anois ar an Tairseach Sonraí féin, agus tá an QKDR athbhreithnithe freisin chun príomh-mhéadrachtaí a chur i láthair. Sa tréimhse amach romhainn, de réir mar a bheidh tuilleadh sonraí á bhfoilsíú go hoscailte, beidh an Tairseach Sonraí ina foinse shuntasach sonraí i dtaca le hearnáil an ECS.

Spríoc 5.2

Tacaíonn seachadadh rialta agus tráthúil sonraí iontaofa agus cruinne le cinnteoireacht láidir bunaithe ar fhianaise, le faireachán éifeachtach ar an margadh agus le gníomhaíocht eolasach.

- 8.11** Maidir leis an dá spríoc sin, sa tréimhse amach romhainn, tá roinnt príomhthionscnamh beartaithe ag ComReg:
- **Straitéis sonraí:** Leanfaidh ComReg ar aghaidh ag forbairt a straitéisí bainistíochta sonraí agus a chumais anailís a dhéanamh ar shonraí chun go mbeidh sé in ann dul i ngleic le scála agus castacht na sonraí a theastaíonn chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.
 - **Sonraí Oscailte agus Sonraí atá ar Fáil go Poiblí:** Leanfaidh ComReg de bheith ag aithint deiseanna breise chun faisnéis a roinnt faoi phríomh-mhéadrachtaí agus a chinntiú go scaoiltear sonraí ábhartha faoina chaighdeán 'Oscailte de réir Réamhshocraithe'.
 - **Tionscadal Sonraí um Fhaisnéis Mhargaidh ('MI'):** Is é an aidhm atá le Tionscadal Sonraí MI go mbeadh iarratas cobhsaí sonraí ann d'oibreoír agus nach mbeadh an oiread céanna iarratais bhreise ar shonraí ad hoc ann agus a chinntiú go mbeidh faisnéis ar fáil go tráthúil. I measc na dtacar sonraí atá le hathbhreithniú sa tréimhse amach romhainn tá sonraí a bhaineann le margadh na Línte Léasaithe agus an Margadh Soghluaiste.
 - **Taighde ComReg:** In 2021 rachaidh ComReg i mbun taighde a bhaineann le taithí úsáideoirí

fón póca. In 2022, rachaidh ComReg i mbun tionscadail den chineál céanna a bhaineann le margadh leathanbhanda agus le tionchar an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda.

- **Taighde neamhspleách tríú páirtí:** Leanfaidh ComReg ar aghaidh ag tacú le hobair dhreamanna eile, ar nós an ESRI agus CERRE. Tugann teagmháil leis na taighdeoirí seo rochtain do ComReg ar fhoinsí agus ar theicnící sonraí nua nach bhfuil ar fáil ar aon bhealach eile don eagraíocht.

Rannpháirtíocht agus Abhchóideacht Geallshealbhóirí

- 8.12** Tá lear mór geallshealbhóirí ag ComReg, idir thomhaltóirí aonair agus a ngrúpaí ionadaíocha, oibreoírí cumarsáide leictreonaí agus poist agus a ngrúpaí ionadaíocha tionscail, geallshealbhóirí an rialtais intíre agus comhlachtaí idirnáisiúnta dála an ITU, RSPG, Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Poist ('ERGP'), Ofcom UK, BEREC agus an Coimisiún Eorpach. Tá an trédhearcacht ar cheann de luachanna eagraíochtúla ComReg agus feiceann sé go bhfuil an rannpháirtíocht mhacánta leis na páirtithe leasmhara ar fad an-tairbheach. Sa chomhthéacs sin, is é an spríoc atá ag ComReg go mbeadh **ComReg réamhghníomhach maidir le rannpháirtíocht le raon páirtithe leasmhara.**

Spríoc 5.3

Tá ComReg réamhghníomhach maidir leis an rannpháirtíocht le raon páirtithe leasmhara.

- 8.13** Nuair a thosaigh paidéim Covid-19, bhí sé dúshlánach do ComReg athmhachnamh a dhéanamh ar an gcaoi le plé lena pháirtithe leasmhara. Sa tréimhse atá amach romhainn beidh sé mar aidhm ag ComReg dul i dteagmháil arís leis na páirtithe leasmhara ar

an mbealach traidisiúnta, agus leas a bhaint freisin as na buntáistí a bhaineann leis an na bealaí rannpháirtíochta nua ar fad tháinig chun cinn le linn na paindéime.

8.14 Nuair a oireann, feidhmíonn ComReg mar rialtóir eolach agus feasach ag iarraidh ionadaíocht, oideachas, abhcóideacht agus eolas a sholáthar do dhaoine eile faoi earnáil an ECS, faoi fhorbairtí sna teicneolaíochtaí teileachumarsáide agus an caidreamh atá ag teacht chun cinn idir an earnáil agus na hearnálacha atá cóngarach. Déanaimid é seo ar roinnt bealaí, lena n-áirítear taighde agus cáipéisí a fhoilsiú, rannpháirtíocht i bhfóiraim éagsúla (e.g. an Tascfhórsa Fón Póca agus Leathanbhanda) agus freastal ar éisteachtaí de chuid Choiste an Oireachtais.

8.15 Ina theannta sin, comhoibríonn ComReg le comhlachtaí rialála eile in Éirinn trí Líonra na Rialálaithe Eacnamaíochta ('ERN'). Tá sé tábhachtach do ComReg a bheith rannpháirteach san ERN mar go dtugann sé deis eolas a roinnt, freagairtí rialála níos fearr a fháil ar chúrsaí ina bhfuil trasnaíl (dála na margaí digiteacha) agus feidhmíonn sé mar fhóram chun forbairt a dhéanamh ar an ranníocaíocht i dtaca le díospóireachtaí ar bheartais.

Rannpháirtíocht leis an Tionscal

8.16 Aithníonn ComReg an gá atá lena chumarsáid a chur in oiriúint do na grúpaí geallsealbhóirí éagsúla. Bíonn cineálacha éagsúla rannpháirtíochta i gceist lena n-áirítear:

- Comhairliúchán foirmiúil;
- Fóiraim don earnáil agus do gheallsealbhóirí;
- Ár Láithreáin Ghréasáin Tionscail ; agus
- Coistí Oireachtais.

8.17 Sa tréimhse amach romhainn, tá roinnt príomhthionscnamh tionscail beartaithe ag ComReg:

- **Straiteis Chumarsáide:** Cinnteoidh ComReg go mbeidh a Straitéis Chumarsáide solúbtha agus gur féidir é a chur in oiriúint chun freastal ar éilimh

agus ar riachtanais athraitheacha a pháirtithe leasmhara go léir san earnáil.

- **An Tascfhórsa Fón Póca agus Leathanbhanda:** Tá gealltanas i gClár an Rialtais 2020 go ndéanfar sainordú an Tascfhórsa Fón Póca agus Leathanbhanda a athnuachan. Sa tréimhse amach romhainn leanfaidh ComReg ag tacú le hobair an Tascfhórsa.
- **Imeachtaí na nGeallsealbhóirí Poiblí:** Tá sé i gceist ag ComReg a chomhdháil náisiúnta a reáchtáil nuair a cheadaíonn comhairle sláinte poiblí é, is dóichí go luath in 2022.

Rannpháirtíocht le Tomhaltóirí agus leis an bpobal i gcoitinne

8.18 Mar a leagtar amach i gCaibidil 5, tá rannpháirtíocht na dtomhaltóirí ríthábhachtach chun a chinntiú go mbeidh a gcearta ar eolas ag tomhaltóirí, lena n-áirítear cearta nua na dtomhaltóirí a leagtar amach sa CEE. Áirítear lenár rannpháirtíocht le tomhaltóirí teagmháil a dhéanamh ar an nguthán agus ar ríomhphost, faisnéis a sholáthar ar ár láithreán gréasáin agus ar na meáin shóisialta, agus rannpháirtíocht níos leithne trí na meáin agus preaseisiúintí.

8.19 In 2020, thugamar isteach ár mbranda tomhaltóirí, '**ComReg Connects**', chun cabhrú lena chinntiú gur féidir le tomhaltóirí agus leis an bpobal i gcoitinne ComReg a aithint mar bhranda atá chun tosaigh maidir le cosaint tomhaltóirí, ag tabhairt le fios cé muid féin agus cad a sheasaimid dó.

8.20 Tá rún ag ComReg de 'chomhairle agus tacaíocht iontaofa' a chur ar fáil. Leanfaimid ar aghaidh á dhéanamh seo trí chumarsáid thrédhearcach a úsáideann teanga atá éasca le tuiscint le linn ár rannpháirtíochta le tomhaltóirí agus leis an bpobal.

ComReg Connects
Trusted Advice and Support

8.21 Chomh maith leis sin, cuirimid roinnt uirlisí ar fáil chun cabhrú le tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach. Tá tuilleadh sonraí maidir lenár rannpháirtíocht leis na tomhaltóirí, lena n-áirítear comhdháil tomhaltóirí agus seimineáir ghréasáin agus gníomhaíochtaí for-rochtana eile, le fáil i gCaibidil 5.

Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

8.22 Éilíonn cineál na hearnála ECS comhoibriú idirnáisiúnta agus cineálacha cur chuige comhchuibhithe. Déanann an comhoibriú idirnáisiúnta seo níos éasca é timpeallacht oscailte iomaíoch a fhorbairt ina bhféadfaidh rath a bheith ar an nuálaíocht, ar an gcruthaitheacht agus ar an iomaíocht. Cuireann ComReg leis an bplé ar bheartais rialála agus le hionchuir sa chinnteoireacht rialála i suíomh idirnáisiúnta. Bainistíonn agus forbraíonn ComReg ionchur rialála na hÉireann maidir le beartas, caighdeán agus reachtaíocht Eorpach agus idirnáisiúnta a fhorbairt.

8.23 Téann ComReg i dteagmháil go leanúnach le raon comhlachtaí rialála ar leibhéal idirnáisiúnta, lena n-áirítear BEREC, Ofcom UK, an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (**ECFE**), RSPG agus CEPT. I gcásanna áirithe, ghlac ComReg ról cheannaireachta sna comhlachtaí seo, mar aitheantas ar an seasamh atá aige mar rialtóir atá faoi stiúir saineolaithe agus atá eolasbhunaithe.

Spríoc 5.4

Cuireann ComReg le dea-chleachtas idirnáisiúnta agus foghlaimíonn séuaidh.

8.24 Féachann ComReg le cur leis na dea-chleachtas atá ag daoine eile agus foghlaim uathu agus tugann sé acmhainní suntasacha chun tuiscint a fháil ar na hanailísí agus na cinntí rialála a dhéanann a chomhghleacaithe idirnáisiúnta.

Mar náisiún beag oileánda san AE, is féidir le hÉirinn agus le ComReg go leor a fhoghlaim ó chomhghleacaithe i dtíortha eile, ach féadfar freisin saineolas a roinnt le daoine eile nuair a bhíonn níos mó eolais nó taithí ag ComReg i réimse an leasa. Sa chomhthéacs sin, is é an sprioc atá ag ComReg **go gcuireann ComReg le dea-chleachtas idirnáisiúnta agus go bhfoghlaimíonn sé ó dhea-chleachtas idirnáisiúnta.**

Ár Sainordú agus Ár Ról

8.25 Mar chomhlacht reachtúil, feidhmíonn ComReg laistigh de chreat reachtach sainithe. Chun go mbeidh ComReg ina rialtóir éifeachtach agus ábhartha, ní mór dó feidhmiú sa chomhthéacs go bhfuil an dlí agus na cumhachtaí atá cuí agus leordhóthanacha aige chun rialáil éifeachtach a dhéanamh.

8.26 Sa chomhthéacs sin, is é an sprioc atá ComReg a **chinntiú go dtéann sé i ngleic go gníomhach le forbairt an mhargaidh, lena n-áirítear margaí cóngaracha agus margaí gaolmhara, agus a chinntiú go dtagann forbairt ar shainordú reachtach ComReg chun cur ar a chumas é a sheachadadh go héifeachtach.**

8.27 Leanann ComReg ar aghaidh ag plé leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir le trasú an CTE agus forbairt a fheidhmeanna agus a chumhachtaí. Sa tréimhse atá amach romhainn, leanfaidh ComReg de bheith ag tacú leis na hathruithe reachtacha atá riachtanach chun a chinntiú go mbeidh spreagthaí éifeachtacha san áireamh sa chóras forfheidhmiúcháin in earnáil an ECS. Aithnítear i gClár an Rialtais 2020 go gcaithfear cur le cumhachtaí forfheidhmiúcháin ComReg, lena n-áirítear an chumhacht smachtbhannaí riaracháin airgeadais a fhorchur, mar is féidir le rialtóirí eile agus le Ballstáit eile de chuid an AE a dhéanamh. Ina theannta sin, cuirfidh an Bille um Leasú Iomaíochta lena ndéanfar trasú ar Threoir ECN+ feabhas ar chumhachtaí forfheidhmithe iomaíochta ComReg.

Spríoc 5.5

Téann ComReg i ngleic go gníomhach le forbairtí an mhargaidh, lena n-áirítear margáí cóngaracha agus gaolmhara, agus cinntíonn sé go bhforbraíonn an sainordú reachtach chun cur ar chumas ComReg seachadadh go héifeachtach.

8.28 Trasuíonn an Bille um Chearta Tomhaltóirí roinnt Treoracha ábhartha ón AE agus nuashonraíonn sé forálacha éagsúla a bhaineann le cearta agus réitigh do thomhaltóirí i ndáil le conarthaí chun seirbhísí neamhdhigiteacha a sholáthar, téarmaí éagóracha conartha, agus cearta faisnéise agus cealaithe. Tá reachtaíocht náisiúnta á forbairt freisin do ComReg i dtaca leis an Rialachán maidir le Comhar i gCúitimh um Chosaint Tomhaltóirí.

Rialáil don Ré Dhigiteach

8.29 Tá níos mó fócais ar na rialacháin a bhaineann le seirbhísí digiteacha agus ar an ngá atá le rialáil na n-ardán digiteach. Is iondúil go mbíonn ardáin dhigiteacha ag brath ar ghiniúint, bailiú, próiseáil, anailísiú agus saothrú sonraí chun a dtairiscintí seirbhíse a oibriú agus a fheabhsú. Tá tograí curtha ar aghaidh ag an CE chun aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí a thagann chun cinn sna margáí digiteacha agus sna hardáin dhigiteacha (féach Bosca Míniúcháin 4 thíos).

8.30 Chuaigh ComReg i dteagmháil leis an ERN maidir le rialáil dhigiteach. Lean ComReg ar aghaidh freisin ag cur le hobair BEREC, go háirithe, ag cur le dréachtú Fhreagairt BEREC ar Chomhairliúcháin Phoiblí an CE maidir le Pacáiste an Achta um Sheirbhísí Digiteacha.⁹¹

8.31 Tá ról ag ComReg a bhfuil athrú ag teacht air faoi Straitéis Chibearshlándála an Aontais Eorpaigh do na Deich mBliana Digiteacha lena n-áirítear: na Treoracha atá beartaithe maidir le Slándáil Na gCóras Gréasán agus Faisnéise (Treoracha NIS agus NIS 2) agus

maidir le Bonneagar Criticiúil a Chosaint i ndáil le cumarsáid leictreonach a chur san áireamh mar sheirbhís riachtanach agus an earnáil bhonneagair dhigitigh ghaolmhar.

8.32 Tá ról ComReg maidir le príobháideachtas leictreonach ag teacht chun cinn le forbairt Rialachán Ríomh-Phríobháideachta an AE atá beartaithe, agus leantar le ról eatramhach monatóireachta agus forfheidhmithe ComReg faoin Treoir maidir le Príobháideachtas agus Cumarsáid Leictreonach 2002.

8.33 Tá athrú ó bhonn tagtha freisin ar fheidhm ComReg mar a bhaineann le monatóireacht ar na margáí ó tháinig feistí IoT agus 5G chun cinn go sciobtha. Táthar chun aghaidh a thabhairt tuilleadh ar an sainchúram níos leithne atá ag ComReg sa réimse seo le “Pacáiste Earraí” an Aontais, a bhfuiltear ag súil leis in 2022.

8.34 Tá roinnt gníomhaíochtaí beartaithe ag ComReg a bhaineann le Spríoc 5.5:

- **eIDAS:** Leagtar amach i Ríomhaitheantas agus Seirbhísí Iontaoibhe an Aontais Eorpaigh le haghaidh Ríomh-Idirbheart i Rialacháin an Mhargaidh Inmheánaigh (an Rialachán maidir le ‘eIDAS’) rialacha maidir le ríomhaitheantas agus cruthaítear margadh inmheánach Eorpach le haghaidh Ríomhsheirbhísí Iontaoibhe. Molann an DECC ról an Chomhlachta Maoirseachta a shannadh do ComReg chun maoirseacht a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhísí iontaoibhe in Éirinn. Chomh maith leis sin, tá ComReg chun tabhairt faoin oibleagáid ‘liostaí iontaoifa’ a chothabháil agus a fhoilsiú, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann leis na soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe atá bunaithe in Éirinn.

- **An Rialachán maidir le Saorshreabhadh Sonraí:** Is rialachán é an Rialachán maidir le Saorshreabhadh Sonraí Neamhphearsanta chun deireadh a chur le baic gan údar a bhíonn ar ghluaiseacht sonraí neamhphearsanta san Aontas agus, ar an gcaoi sin, cuidiú le leas a bhaint as acmhainneacht Gheilleagar Sonraí na hEorpa. Tá ComReg i dteagmháil leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir le roinnt ról a ghlacadh chuige féin faoin Rialachán seo in Éirinn.

⁹¹ https://berec.europa.eu/eng/document_register/subject_matter/berec/others/9411-berec-response-to-the-public-consultation-on-the-digital-services-act-package-and-the-new-competition-tool

Bosca Míniúcháin 4: Tograí ón gCoimisiún Eorpach atá ag teacht chun cinn

Moltaí ISD / RRSE

I mí na Nollag 2020, mhol an Coimisiún Eorpach Acht nua um Sheirbhísí Digiteacha ('DSA') agus an tAcht um Margáí Digiteacha ('DMA'), le dhá phríomhsprioc:

- Spás digiteach níos sábháilte a chruthú chun cearta bunúsacha úsáideoirí uile na seirbhísí digiteacha a chosaint; agus
- Cothrom na Féinne a thabhairt chun nuálaíocht, fás agus iomaíochas a chothú.

Baineann rialacha nua atá leagtha amach in DSA agus DMA le hidirghabhálaithe, ardáin agus geatóirí ar líne. Is féidir leis na hardáin seo feidhmiú mar bhaic idir gnólachtaí agus tomhaltóirí le haghaidh seirbhísí digiteacha tábhachtacha. De réir mar a éiríonn ár sochaí agus ár ngeilleagar níos digitithe, tá sé ag tarlú go rialaíonn roinnt ardán mór éiceachórais thábhachtacha sa gheilleagar digiteach agus an chumhacht acu gníomhú mar lucht déanta rialacha príobháideacha. Mar thoradh ar na rialacha sin, áfach, uaireanta bíonn dálaí éagóraacha ann do ghnóthaí a úsáideann na hardáin sin agus is lú an rogha a bhíonn ag tomhaltóirí.

Straitéis sonraí Choimisiún an AE – DGA

Is é an togra le haghaidh An tAcht um Rialachas Sonraí ('DGA'), a fógraíodh an 25 Samhain 2020, an chéad cheann de shraith tionscnamh rialála a leagtar amach i straitéis sonraí an AE i mí Feabhra 2020. Tá sé mar aidhm ag an DGA éascú a dhéanamh ar chomhroinnt dheonach sonraí pearsanta agus neamhphearsanta idir sealbhóirí sonraí agus úsáideoirí sonraí ar fud an Aontais. Tá sé mar chuspóir leis an ngníomh freisin go mbeifear in ann soláthraithe neodracha seirbhísí comhroinnte sonraí (idirghabhálaithe sonraí) a chruthú.

Ár nEagraíocht

- 8.35** Mura bhfuil na daoine, an saineolas agus na próisis ag ComReg chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh, ní féidir leis seachadadh a dhéanamh do thomhaltóirí.
- 8.36** Tá cáilíocht mhuintir ComReg ina chuid lárnach dá chumas a Mísean a bhaint amach sna cúig bliana amach romhainn. Tá ComReg in iomaíocht le haghaidh tallainne le hearnáil mhór phríobháideach, nach bhfuil chomh teoranta céanna maidir ó thaobh luach saothair agus tairiscintí na foirne. Chun timpeallacht ina gcothaítear tallann a chothú, infheistíonn ComReg i mbeart chun rannpháirtíocht, éagsúlacht agus folláine na foirne a fheabhsú. Chomh maith leis an mbéim a leagtar ar fhorbairt agus ar chumasú déanann ComReg a dhícheall cultúr bunaithe ar luachanna a chruthú ina mbíonn rath ar dhaoine as a ndícheall a dhéanamh acu. Sa chomhthéacs sin, is é an sprioc atá ag ComReg go mbeadh **a dhóthain acmhainní ag ComReg chun a straitéis eagraíochtúil a chomhlíonadh.**

Sprioc 5.6

Tá acmhainní leordhóthanacha ag ComReg chun a straitéis eagraíochtúil a chomhlíonadh.

- 8.37** Sa tréimhse atá amach romhainn, leanfaidh ComReg de bheith ag tacú leis an tallann atá ann cheana féin agus í a choinneáil fad is atá sé ag earcú baill foirne bhreise chun a Mísean agus a shainordú atá ag athrú a chomhlíonadh. De réir mar a chuirtear feidhmeanna nua lena shainordú, leanfaidh ComReg den chothromaíocht chuí a bhaint amach idir na hacmhainní atá aige féin agus obair a chur amach ar conradh.
- 8.38** Mar chuid de phróiseas pleanála acmhainní ComReg, rinne ComReg anailís ar a shainordú rialála atá ag athrú agus ar an raon scileanna a theastaíonn chun a shainchúram a chomhlíonadh go dtí deireadh 2022. Bunaithe ar an bpleanáil seo, tá cead faighte ag ComReg 30 ball foirne breise a earcú chun riachtanais acmhainní a chomhlíonadh suas go dtí deireadh 2022. De réir mar a thagann sainordú ComReg

chun cinn, is dócha go mbeidh gá le tuilleadh acmhainní breise. Tá a ról maidir le eIDAS agus An Rialachán maidir le Saorshreabhadh Sonraí á phlé ag ComReg faoi láthair leis an Roinn, lena n-áirítear cúrsaí a chur ar fáil agus a mhaoiniú.

- 8.39** Tá sé tábhachtach in earnáil chomh dinimiciúil leis an gcumarsáid leictreonach go bhféachann ComReg go leanúnach le scileanna, eolas agus cumas a foirne a fheabhsú, lena chinntiú go bhfanfaidh an eagraíocht cothrom le dáta agus ábhartha. Cuireann sé seo freisin le sástacht na foirne agus le coinneáil foirne, rud a d'fhéadfadh a bheith ina dhúshlán d'eagraíocht san earnáil phoiblí ar nós ComReg. Sa chomhthéacs seo, is é sprioc **ComReg go gcoinníonn ComReg eagraíocht atá sofhreagrúil, oilte agus spreagtha.**
- 8.40** Tá cumas ComReg a chuspóir ComReg a bheith ina eagraíocht sofhreagrúil oilte agus spreagtha a chur i bhfeidhm ag brath den chuid is mó ar inniúlacht agus ar chumas árna foirne agus na na gceannasaí. Déanann ComReg infheistíocht chun cur ar chumas na foirne a gcuid scileanna teicniúla agus a ngairmeacha a fhorbairt trí thionscnaimh forbartha labhartha, cóitseáil, píarfhoghlaim, oiliúint theicniúil agus ghairmiúil, agus an rogha páirt a ghlacadh san oideachas foirmiúil.

Sprioc 5.7

Coinníonn ComReg eagraíocht sofhreagrúil, oilte agus spreagtha.

- 8.41** Braitheann rath ComReg mar eagraíocht freisin ar na struchtúir ina n-oibríonn a fhoireann chomh maith leis na córais agus na próisis a thacaíonn leo. Aithníonn ComReg an gá atá le bheith freagrúil agus an tsolúbthacht a bheith aige mar eagraíocht freagairt do chúinsí a thiocthadh aniar aduaidh air. Ní mór ComReg a struchtúrú ionas go ndéanfar cinntí ar bhealach atá tráthúil, trédhearcach, athdhéanta agus láidir agus go ngluaisfidh gach próiseas go héifeachtach, go héifeachtúil agus go hiontaoifa. Mar sin féin, ní mór do ComReg a bheith

solúbtha go leor chun dul in oiriúint d'earnáil atá ag athrú go leanúnach. Sa chomhthéacs seo is é sprioc ComReg **go mbeadh beartais, próisis agus córais éifeachtúla agus éifeachtacha ag ComReg de réir an dea-chleachtas.**

- 8.42** Mar chomhlacht poiblí atá ainmnithe faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, tá sé de dhualgas ar ComReg réimse seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge. Cuireadh tús leis an dara Scéim Ghaeilge de chuid ComReg ar an 21 Nollaig 2020 agus tá roinnt gealltanas ann a chinntíonn go gcuirfear seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil d'aon duine ar mian leo a ngnó a dhéanamh le ComReg i nGaeilge. Tá an Scéim daingnithe ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Fanfaidh sé i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana.

Sprioc 5.8

Ar aon dul leis an dea-chleachtas, tá beartais, próisis agus córais éifeachtúla agus éifeachtacha ag ComReg.

- 8.43** I gcónaí, féachann ComReg le bheith ina eagraíocht ina bhfuil meas ar inbhuanaitheacht an chomhshaoil. Thug ComReg faoi roinnt tionscnamh glas le blianta beaga anuas chun lorg carbóin a oifigiú agus a ghníomhaíochtaí a íslíú, i gcomhréir leis an dea-chleachtas. Ina theannta sin, in 2019 d'eisigh ComReg Glao ar Ionchuir chun tuiscint níos fearr a fháil ar an ngaol idir nascacht agus dícharbónú. Cabhraíonn an méid a bhí foghlamtha ón nGlao sin le hionchuir i roinnt príomhthionscadal agus príomhgealltanas a mhúnlú sa straitéis seo.
- 8.44** Tá roinnt oibleagáidí ar ComReg faoin Acht um Míchumas 2005. Ag teacht leis na hoibleagáidí sin, cinntíonn ComReg go bhfuil na limistéir phoiblí ina fhoirgneamh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus go bhfuil a sheirbhísí poiblí inrochtana do dhaoine atá faoi mhíchumas.
- 8.45** Tá dualgais ar ComReg freisin faoin Acht 2014 ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine

agus Comhionannas. Tá ComReg tiomanta dá dhualgais reachtúla a chomhlíonadh faoin Acht fán gCoimisiún um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014. Leagann an tAcht dualgas dearfach ar chomhlachtaí poiblí comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta daonna na foirne agus an dream ar fad a mbíonn baint aige leo a chosaint, lena n-áirítear baill foirne, úsáideoirí seirbhíse agus páirtithe leasmhara araon. Tá bearta curtha i bhfeidhm ag ComReg chun a chinntiú go ndéanfar machnamh ar chearta an duine agus ar chomhionannas i bhforbairt beartas, i nósanna imeachta, sa rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus i gcomhlíonadh fheidhmeanna reachtúla uile ComReg. Léirítear Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (“an Dualgas”) go himheánach i réimse beartas Acmhainní Daonna agus foirne agus go seachtrach sa mbealach a ndéileálann ComReg le tomhaltóirí agus le páirtithe leasmhara eile. Léirítear an Dualgas freisin i gCairt Tomhaltóirí ComReg. Ina theannta sin, tá go leor beartas agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag ComReg chun a chinntiú go bhfuil rochtain ag raon chomh leathan d’úsáideoirí agus is féidir ar sheirbhísí uile ComReg.

8.46 Sa tréimhse atá amach romhainn, tá roinnt príomhthionscnamh beartaithe ag ComReg:

- **Lorg Carbóin:** Leanfaidh ComReg, nuair is féidir, ag cur i bhfeidhm na mbearta atá riachtanach chun a Lorg Carbóin a laghdú, i gcomhréir le Plean an Rialtais um Ghníomhú ar son na hAeráide agus le tionscnaimh eile.
- **Obair Sholúbtha agus Cianobair:** Feiceann ComReg go bhfuil go leor buntáistí ag baint le ligean don fhoireann oibriú ón mbaile. Tá níos mó i gceist ná feabhas a bheith ar rannpháirtíocht na foirne agus luach na bhfostaithe mar go mbíonn dea-thionchar aige ar astaíochtaí agus ar an timpeallacht i gcoitinne. Tá ComReg ag réiteach le tionscadal athraithe a chur ar fáil a aithneoidh an bealach is fearr chun an cur chuige measctha seo a sheachadadh ó thaobh na hoibre de.
- **Scéim Gaeilge 2020 - 2023:** Cinnteoidh ComReg go mbeidh baill foirne ar fáil atá in ann Gaeilge a labhairt i rannóg na seirbhísí do thomhaltóirí chun cabhrú le gach ceist agus gearán i nGaeilge ó thomhaltóirí.
- **Próisis inmheánacha:** Mar ábhar ginearálta, féachfaidh ComReg lena phróisis a uathoibriú tuilleadh chun cur le héifeachtúlacht laistigh den eagraíocht agus chun cabhrú le seirbhís níos fearr a sholáthar do pháirtithe leasmhara. Nuair a chuireann an Rialtas beartais agus próisis nua chun cinn, tá sé mar aidhm ag ComReg beartais den chineál sin a chur i bhfeidhm ar bhealach tráthúil agus éifeachtúil.



Gluais

Gluais

BCRR	Broadband Cost Reduction Regulations
BEREC	Body of European Regulators for Electronic Communications
CAP	Consumer Advisory Panel
CCPC	Competition and Consumer Protection Commission
CEPT	European Conference of Postal and Telecommunications Administrations
CERRE	Centre on Regulation in Europe
ComReg	Commission for Communications Regulation
DC	Dedicated Capacity
DECC	Department of the Environment, Climate and Communications
DGA	Data Governance Act
DMA	Digital Markets Act
DSA	Digital Services Act
EC	European Commission
ECAS	Emergency Call Answering Service
ECN	Electronic Communications Network
ECS	Electronic Communications Service
EECC	European Electronic Communications Code
eIDAS	Electronic Identification, Authentication and Trust Services
ENISA	European Network and Information Security Agency
ERGP	European Regulators Group for Postal Services
ERN	Economic Regulators Network
eSIM	Embedded-SIM, a form of SIM card directly integrated in a device
ESRI	The Economic and Social Research Institute
EU	European Union
FACO	Fixed Access Call Origination
FTTC	Fibre to the Cabinet
FTTH	Fibre to the Home
GHz	Gigahertz, a unit of frequency
HHI	Herfindahl-Hirschman Index
IoT	Internet of Things
ISDN BR/BRA	Integrated services digital network basic rate/basic rate access
ISDN	Integrated services digital network
ITU	International Telecommunication Union
LEO	Low Earth orbit
M2M	Machine-To-Machine, referring to wired or wireless communication between devices

MAN	Metropolitan area network
Mbps	Megabits per second, a measure of internet bandwidth or speed
MBSA1	First Multi-Band Spectrum Award, 2012
MBSA2	Second Multi-Band Spectrum Award, 2021
MHz	Megahertz, a unit of frequency
MI	Market Intelligence
MNO	Mobile Network Operator
MVNO	Mobile Virtual Network Operator
NBI	National Broadband Ireland
NBP	National Broadband Plan
NBS	National Broadband Scheme
NCSC	National Cyber Security Centre
NGN	Non-Geographic Numbering
NIS1 or NIS Directive	Directive on Security of Network and Information Systems
NIS2 or NIS2 Directive	Revised Directive on Security of Network and Information Systems
NRA	National Regulatory Authority
NRRS	Network Resilience, Reliability and Security
ODPC	Office of the Data Protection Commissioner
OECD	Organisation for Economic Cooperation and Development
OTA	Over-The-Air, referring to wireless transmissions or connections through a network
OTT	Over-The-Top, referring to streaming services or content delivered via an internet connection
PIA	Physical Infrastructure Access
PRS	Premium Rate Services
PSTN	Public Switched Telephone Network
QKDR	ComReg's Quarterly Key Data Report
QoS	Quality of Service
RFI	Radio frequency interference
RGM	Regulatory Governance Model
RSPG	Radio Spectrum Policy Group
SIP	Single Information Point
SMP	Significant Market Power
USO	Universal Service Obligation
USP	Universal Service Provider
VHCN	Very High Capacity network
WACC	Weighted Average Cost of Capital
WCA	Wholesale Central Access
WHQA	Wholesale High Quality Access
WLA	Wholesale Local Access



An Coimisiún um
Rialáil Cumarsáide

Commission for
Communications Regulation




Iarscríbhinn: Ráiteas Straitéise um Chumarsáid Leictreonach **2021 go 2023**

Séanadh Dlíthiúil

Ní doiciméad dlíthiúil ceangailteach é an doiciméad seo agus freisin níl aon chomhairle dlíthiúil, tráchtála, airgeadais, teicniúil ná eile ann. Níl an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide faoi cheangal aige, ná ní gá go leagann sé amach staid críochnúil nó cinntitheach an Choimisiúin ar ábhair ar leith. Sa mhéid agus go bhféadfaí go mbeadh aon neamhréireacht idir na hábhair den doiciméad seo agus le feidhmiú cuí maidir lena fheidhmeanna agus lena chumhachtaí, agus a dhualgais á ndéanamh agus chun cuspóirí ábhartha a bhaint amach faoin dlí, tá ábhair dá sórt gan dochar do staid dlíthiúil an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide. Níor chóir mar sin tuilleamaí míchuí a leagan ar ábhair an doiciméid seo.

Réamhrá

- 1.1 Gabhann an doiciméad seo le Ráiteas Straitéise um Chumarsáid Leictreonach 2021-2023 (Doiciméad ComReg 21/70) lena bhfuil dhá aguisín:
- ⦿ **Aguisín 1 - An Comhthéacs Eacnamaíochta agus Dílíthiúil**, lena n-áirítear:
 - ⦿ An Dearcadh Maicreacnamaíoch;
 - ⦿ An Eacnamaíocht faoi Chumarsáid Leictreonach; agus,
 - ⦿ An Comhthéacs Dílíthiúil
 - ⦿ **Aguisín 2 - Na Treochtaí agus na Dúshláin**, lena n-áirítear anailís ar na ceithre phríomhthreochta:
 - ⦿ Nascacht Fheabhsaithe agus Teicneolaíochtaí Nua
 - ⦿ Taithí Tomhaltóirí
 - ⦿ Éabhlóid na Margáí Cóngaracha agus Gaolmhara
 - ⦿ An Todhchaí atá ag Athrú maidir le Rialúchán san Earnáil
- 1.2 Ba chóir an doiciméad seo a léamh i gcomhar le Doiciméad ComReg 21/70 agus sin amháin. Ní mór a thabhairt faoi deara nach gá go leagann an doiciméad seo amach staid chríochnúil nó chinntitheach an Choimisiúin ar ábhair ar leith.



**Aguisín: 1 An Comhthéacs
Eacnamaíochta
agus Dlíthiúil**

Aguisín 1: An Comhthéacs Eacnamaíochta agus Dílíthiúil

Forléargas

A 1.1 Cuireann an t-aguisín seo an comhthéacs polasaithe leathan faoi chaibidil, a chuimsíonn diminsin eacnamaíochta agus dlíthiúla, ina ndéanann ComReg a straitéis le haghaidh rialúchán den earnáil um chumarsáid leictreonach.

Cé go bhfuil na treohtaí i dtreo digitithe ag teorú an tsochaí chun brath ar ECS agus ECN, tá an treoht seo ag géarú le cleachtadh Covid-19. Tháinig méadú ar thábhacht straitéiseach na hearnála maidir le polasaithe. Baineann impleachtaí leis na forbairtí seo maidir le dreasachtaí infheistíochta san earnáil, mar a bhaineann na tionchair mhaicreacnamaíocha níos leithne de Covid-19 agus an éiginnteacht faoi thodhchaí an gheilleagair sa léargas meántéarmach go fadtéarmach.

A 1.2 Fanann tréithe eacnamaíochta den earnáil um chumarsáid leictreonach agus tarlaíonn teip-mhargaidh dá bharr. Tá an réasúnaíocht a bhaineann le rialúchán chomh hábhartha céanna, cé go bhfuil sé ag teacht chun cinn.

A 1.3 Cuireann an t-aguisín seo na ranna seo a leanas faoi chabidil in ord:

- An Dearcadh Maicreacnamaíoch;
- An Eacnamaíocht faoi Chumarsáid Leictreonach; agus,
- An Comhthéacs Dílíthiúil.

An Dearcadh Maicreacnamaíoch

A 1.4 Bíonn an earnáil um chumarsáid leictreonach faoi réir forbairtí sa gheilleagar níos leithne. Chuir an phaindéim Covid-19 dlús le digitiú sa gheilleagar ar fad agus tháinig ardú ar úsáid agus ar thuilleamaí ECS agus ECN. Ciallaíonn na hiarmhairtí troma a bhaineann le Covid-19 ar an ngeilleagar domhanda, a leanann ag nochtadh agus ag forbairt, go bhfuil an dearcadh gearrthéarmach do gheilleagar na hÉireann neamhchinnte. Ciallaíonn cineál geilleagar na hÉireann, atá beag agus oscailte, go bhféadfadh forbairtí idirnáisiúnta eile tionchar suntasach a bheith acu ar an ngeilleagar. Bíonn na tosca seo mar thionchar féideartha ar na margaí ar a dhéanann ComReg rialú agus monatóireacht agus ar na páirtithe leasmhara éagsúla a théann i ngleic leis na margaí seo.

Covid-19 agus Geilleagar na hÉireann

A 1.5 Bhí digitiú agus nascacht riachtanach chun leanúint le gníomhaíocht eacnamaíoch agus sóisialta le linn na paindéime Covid-19. Bhog gnólachtaí go tapa go cianobair, bhog oideachas ar líne agus bhí daoine ag brath ar ghlaochanna físeáin chun a muintir agus a gcairde a fheiceáil.

Tá méadú sciobtha tagtha ar uchtú seirbhísí digiteacha ó cheann ceann na tíre. Mar thoradh ar an athrú sa chéim seo i ngníomhaíochtaí idirlín, go háirithe i nglaoanna físeáin agus i ngníomhaíochtaí eile a bhaineann le físeáin, tháinig ardaithe suntasacha ar thrácht sonraí ar líonraí.

Fíor 1: An méadú céatadáin bliain ar bhliain i dTrácht Sonraí Iomlán (2017-2020)¹




Figure 1 Léirítear thíos an ráta fáis den trácht sonraí iomlán i líonraí seasta agus móibíleacha atá dúbailte i gcomparáid leis na blianta roimh an phaindéim

A 1.6 Beidh impleachtaí meántéarmacha ag Covid-19 (agus b'fhéidir fadtéarmacha) do thiománaithe maidir le héileamh agus soláthar araon laistigh de mhargaí na hÉireann lena n-áirítear ECS. D'fhéadfadh méadaithe marthanacha i dtrácht móibíleach agus leathanbhanda cur le hinfheistíochtaí a dhreasú i dteicneolaíochtaí nua atá níos iontaoifa agus a thugann luasanna níos tapúla, cosúil le cábla snáthoptaice agus 5G.

Ar an lámh eile, d'fhéadfadh toradh díobhálach a bheith ar an infheistíocht más rud é go bhfuil srianta iar-Covid-19 ag cur isteach ar shlabhraí an tsoláthair chun moill a chur ar chumas táirgthe². D'fhéadfadh sé go gcuirí siar seoladh na ngléasanna líonraí nua (lena n-áirítear na fóin chliste chomhoiriúnacha 5G) agus seirbhísí. D'fhéadfadh sé nach ndéanfaidh úsáideoirí a gcuid pleananna móibíleacha a athnuachan má thuarann siad go mbeadh siad féin ag caitheamh formhór a n-ama laistigh le leathanbhanda imleor le haghaidh glaoanna/ téacsáil ar Wi-Fi.


A 1.7 Tá na himpleachtaí maicreacnamaíocha de Covid-19 neamhchinnte freisin. Measann Banc Ceannais na hÉireann go mbeidh fás ar GDP de 5.9% agus 4.7% in 2021 agus 2022 faoi seach³. Baineann réamh-mheastacháin Bhanc Ceannais na hÉireann le tuairisc ar chás "tromchúiseach" freisin, ina bhfuil srianta marthanacha ag cur isteach go diúltach ar ghníomhaíocht eacnamaíochta go dtí go mbeidh cóireálacha leighis rathúla i bhfeidhm. Tuarann an cás seo aisghabháil eacnamaíoch níos laige mar a léirítear in Figure 2 thíos. Cé go bhfuil siad ag súil le fás eacnamaíoch, ciallaíonn an neamhchinnteacht a bhaineann le Covid-19 nach bhfuil an ruthag soiléir.

¹ ComReg QKDR Q4 2020, (2021), Doiciméad ComReg 21/20

² Is féidir an chumarsáid is déanaí de chuid na Roinne maidir leis an gCód a fháil ar a shuíomh gréasáin, anseo: www.gov.ie/en/publication/339a9-european-electronic-communications-code-eecc/

³ Féach fonóta 13 thuas

Figure 2: Réamhaisnéisí Ionchais Eacnamaíocha an Bhainc Ceannais⁴



A 1.8 Beidh na hiarmhairtí fadtéarmacha ar fhás ag brath ar réim na díobhála fadtéarmaigh ar chumas táirgthe an gheilleagair intíre agus domhanda, i measc tosca eile.

Forbairtí Idirnáisiúnta agus An Geilleagar Domhanda

A 1.9 Tá impleachtaí móra ag an gComhaontú Trádála AE-RA⁵ mar gheall ar an gcineál nádúr beag oscailte a bhaineann le geilleagar na hÉireann. Cé gur éirigh leis an gcomhaontú fáil réidh leis an gcás is measa ‘Gan Mhargadh’, tugann an caidreamh nua eacnamaíoch aimhréireachtaí nua isteach sa chaidreamh trádála lena mbainfeadh torthaí do na margáí ECS. Tá ComReg ag déanamh monatóireacht ghníomhach ar impleachtaí na Breatimeachta ar an earnáil um chumarsáid teicneolaíochta agus tá treorú tomhaltóirí agus eolas eisithe ina thaobh⁶.

A 1.10 Tá treochtaí níos leithne sa gheilleagar domhanda ábhartha don earnáil freisin. Feidhmíonn go leor soláthróirí ECS in Éirinn mar chuid de chuideachtaí níos leithne, chun seirbhísí a chur ar fáil i líon contaetha. D’fhéadfadh infheistíochtaí ECS in Éirinn a bheith ag brath ar fheidhmiúlacht intíre agus idirnáisiúnta na gcuideachtaí sin. D’fhéadfadh sé go bhfuil teannais gheopholaitiúla sa mheánthéarma ann, cosúil le hardú braite náisiúntachta laistigh de thrádáil agus ábhair inimirce, agus údair imní maidir le slándáil náisiúnta. Cé go meastar go mbeidh preab ar ais ar thrádáil domhanda in 2021 tar éis tionchar Covid-19 ar leibhéal 2020⁷, d’fhéadfadh méideanna trádála fás ag luas níos moille.

A 1.11 Dá dtarlódh níos mó éiginnteachta sa timpeallacht ghnó nó chánach idirnáisiúnta dhéanfaí dochar d’Éirinn ach go háirithe. Tá iarrachtaí déanta ar leibhéal an AE chun athchóiriú a dhéanamh ar cháin a ghearradh ar chorparáidí ilnáisiúnta (**‘MCNanna’**) digitithe⁸.

⁴ Banc Ceannais na hÉireann, (2021), Feasachán Ráithiúil Q2

⁵ Tugadh An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe i gcrích an 1 Eanáir 2021

⁶ Féach suíomh gréasáin ComReg: <https://www.comreg.ie/consumer-information/brexit/>

⁷ An Eagraíocht Dhomhanda Trádála, (2020), PREAS/862 PREASEISIÚINT

⁸ AWR4An Coimisiún Eorpach, (2018), Cánachas Cóir den Gheilleagar Digiteach - Moltaí um Threoir ón gComhairle

An Eacnamaíocht faoi Chumarsáid Leictreonach

A 1.12 Tá na tréithe eacnamaíocha de mhargaí ECS mar bhunús do na dinimicí san earnáil. D'fhéadfadh sé, mar gheall ar an nádúr tráchtála d'infheistíocht phríobháideach, nach mbíonn líonraí ar ardchaighdeán á gcur i bhfeidhm ach i gceantair ina bhfuil daonraí a bhfuil ioncain féideartha de chuid na n-úsáideoirí deiridh níos mó ná costais. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh caighdeán na líonraí bunúsacha seo cothaithe i gceantair ina bhfuil costais ard agus iomaíocht lag go comhfhreagrach.

D'fhéadfadh sé nach bhfuil costas tráchtála ECS inacmhainne d'úsáideoirí deiridh ar leith ar mian leo na seirbhísí seo a cheannach.

Teipeanna Margaidh

A 1.13 Cuireann teipeanna margaidh bac ar chumas ghnáth-phróiseas iomaíochta toraidh bharrmhaithe maidir le leasa a bhaint amach. Tá sé mar aidhm ag rialú eacnamaíoch iarracht a dhéanamh teipeanna margaidh a cheartú nó a chúiteamh tríd idirghabhálacha cuí. Téann go leor d'fheidhmeanna agus de spriocanna reachtúla ComReg siar go bunteip margaidh, agus léirítear samplaí dóibh anseo thíos.

Tábla 1: Teipeanna Margaidh san Earnáil ECS

Cumhacht Mhargaidh

Tagraíonn cumhacht mhargaidh do chumas oibritheora praghsanna a ardú go brabúsach os cionn, nó caighdeán a ísliú faoi, a bhfuil i réim sa mhargadh iomaíoch. D'fhéadfadh cumhacht mhargaidh teacht as drogall nó mí-inníúlacht tomhaltóirí athrú mar fhreagra ar dhíghrádú caighdeáin, géarú ar phraghsanna (don táirge céanna), nó athruithe sa táirge/ sna téarmaí agus coinníollacha seirbhíse. D'fhéadfadh seo tarlú, mar shampla, mar gheall go mbeadh athrú deacair nó costasach, nó mar gheall go mbeadh roghanna eile teoranta nó comhchosúil sa mhargadh.

Seachtrachtaí

Is éard is seachtrachtaí ann ná costais nó buntáistí a bhaineann le gníomhaíocht eacnamaíoch nach bhfuil corpraithe sa phróiseas cinnteoireachta den tosa eacnamaíoch a dhéanann an gníomh. Mar sin, bheadh gá le hidirghabháil chun iompraíochtaí a chur chun cinn a mbíonn seachtrachtaí dearfacha mar thoradh orthu agus chun seachtrachtaí diúltacha a dhíspreagadh.

Mar shampla, má nascann tomhaltóir le líonra cuirfear lena leasa, ach má nascann sé/sí, méadaíonn an líonra agus bíonn níos mó nasctha, a ardaíonn leas na n-úsáideoirí deiridh ar an líonra céanna (seachtrachtaí líonra dearfacha).

Neamhshiméadracht Eolais

Déanann neamhshiméadracht eolais tagairt don staid ina bhfuil eolas difriúil ag páirtithe in idirbheart. Is féidir le heolas neamhshiméadrachta tarlú i margaí ECS más rud é, mar shampla, nach dtuigeann tomhaltóir na sonraíochtaí ná na téarmaí agus na coinníollacha den táirge/seirbhís a cheannaigh siad.

Is iondúil go mbíonn tomhaltóirí, a mbíonn deacracht acu eolas faoin táirge/seirbhís a fháil agus a thógáil, níos soghabhálaí i leith cleachtaí margaidh e.g. Míeolas de bhun tola ó sholáthraí ECS.

Claontacht Iompraíochta

Is éard is claontacht iompraíochta ann ná bonn tuisceana neamhréasúnach nó tuairim dhaingean ina bhféadfadh duine aonair cinneadh fo-bharrmhaithe a dhéanamh. Tá an earnáil ECS sainaitheanta le táirgí casta, teicneolaíocht a athraíonn go mear, agus timpeallacht dinimeach um sholáthar seirbhíse - a dhéanann íogair é do chlaontachtaí iompraíochta. Maidir le hoibritheoirí a thuigeann claontachtaí iompraíochta, d'fhéadfadh siad ioncam breise a bhaint as díobháil a dhéanamh do leas tomhaltóirí.

An Comhthéacs Dlíthiúil

A 1.14 Ó tharla go bhfuil an fhéidearthacht ann do theipeanna margaidh, is féidir le ComReg idirghabháil a dhéanamh lena théarmaí tagartha agus lena chumhachtaí i margáí éagsúla ECS (más cuí) lena chinntiú go n-oibríonn na margáí seo go héifeachtach ar mhaithe le sochaí agus na húsáideoirí deiridh. Cé go bhfanann na réasúnachtaí bunúsacha seo gan athrú, de réir mar a thagann teicneolaíochtaí agus margáí chun cinn, fanann cur i bhfeidhm praiticiúil an rialúcháin gan athrú chomh maith. Is príomhthosca é sa phróiseas in éabhlóid an chreata dlíthiúil.

An Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (EECC)

- An 17 Nollaig 2018, d’uchtaigh Parlaimint na hEorpa an Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (**‘EECC’**) nó “an Cód” go simplí.⁹ Meastar go bhfuil an cód mar chuid lárnach den reachtaíocht chun sochaí Gigighiotáin na hEorpa a bhaint amach agus lena chinntiú go bhfuil rannpháirtíocht iomlán na saoránach ar fad de chuid an AE sa sochaí eacnamaíoch digiteach

A 1.15 Tá an EECC, atá i bhfeidhm anois ar fud an AE¹⁰, in ionad an seanbhailiúchán de threoracha a chuimsigh Comhchreat Rialála an AE maidir le cumarsáid leictreonach (mar atá curtha faoi chaibidil Bosca Mínitheach 1: Cúlra agus Éabhlóid na Reachtaíochta thíos). Déanann an EECC na príomhthaca de rialachán san earnáil a uasghrádú, cosúil le rialachán rochtana agus cosaint tomhaltóirí.

A 1.16 Cruthaíodh an EECC chun creat reachtaíochta nua a chur ar fáil do mhargáí ECS san Eoraip a ligeann do chomhchuibhiú níos cóngaraí idir na margáí difriúla ar fud an Aontais Eorpaigh, agus áisítear an chéim dá bhrí sin i dtreo an Mhargaidh Digiteach Aonair. Leagann an EECC béim ar leith ar an méid seo a leanas:

- Infheistíocht a dhreasú i líonraí leathanbhanda ardluais;
- Cearta úsáideoirí deiridh a leasú chun dáta maidir le OTTanna agus cuachtaí chun páirc imeartha níos cothroime a chruthú;
- Rialacha a bhunú chun rochtain shiméadracha a fháil ar infreastruchtúr;
- Nósanna imeachta módnaithe d’anailís margaidh agus leasuithe comhchéime de leigheasanna a chur i bhfeidhm;
- Cur chuige comhsheasmhach i leith bainistíocht speictrim;
- Comhspricanna 5G agus bandaí speictrim a shocrú;
- Cur chuige a shainmhíniú maidir le teacht ar leathanbhanda uilíoch; agus
- Tabhairt faoi cheisteanna rialaithe a bhaineann le féinriail na nÚdarás Rialála Náisiúnta (**‘NRAanna’**) agus feidhmiú Chomhlacht na Rialtóirí Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (**‘BEREC’**)¹¹

A 1.17 Tá ceithre phríomhaidhm luaite ag an EECC - iomaíocht a chur chun cinn; cur le forbairt an mhargaidh inmheánaigh; leasa shaoránaigh an AE a chur chun cinn; agus rochtain fhorleathan a chur chun cinn, agus ráta glactha a ardú, de líonraí ardoillte (seasta agus gan sreang), d’úsáideoirí deiridh ar bhonn praghas réasúnta agus rogha. Tá an ceathrú aidhm nua, a bhaineann le nascacht na n-úsáideoirí deiridh tríd infheistíocht a chur chun cinn i Líonraí An-ArdToillte (**‘VHCN’**).¹² agus atá corpraithe trí bhearta, cosúil leo siúd a bhaineann le comhinfeistíocht.

⁹ Treoir (AE) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an “Códteacs Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (Ateilgthe) le hábharthacht an EEA”

¹⁰ Is gá an EECC a thrasú sa dlí intíre i ngach ballstát sula mbeidh sé curtha i bhfeidhm go hiomlán i ngach stát - féach anseo thíos.

¹¹ Is féidir breis eolais maidir le BEREC a fháil ar a shuíomh gréasáin: <https://berec.europa.eu/>

¹² Is aidhmeanna cheanna féin iad an chéad trí aidhm, iomaíocht a chur chun cinn, cur le forbairt an mhargaidh inmheánaigh agus leasa shaoránaigh an AE a chur chun cinn atá faoi Chomhchreat Rialála an AE.

A 1.18 Mar sin, maidir le ComReg agus Éire go ginearálta, ciallaíonn an méid sin tacú le líonraí an-ardtoillte a chur i bhfeidhm atá inbhuanaithe go heacnamaíoch i gceantar ar leith, agus ag an am céanna díriú i dtreo líonra ardtoillte a inrímniú atá ar fáil i gceantair dhifriúla. Tá an bhéim seo faoi nascacht san EECC le brath inár straitéis, ina bhfuil ábhar straitéiseach nua. Ina theannta sin, tá an aidhm seo ar comhchéim lenár bhfís don earnáil um chumarsáid leictreonach, go bhfuil teacht ag ár dtomhaltóirí agus

ár ngnóanna in Éirinn ar sheirbhísí agus ar fheidhmeanna cumarsáide daingne atá inacmhainne, ar ardchaighdeán agus go forleathan a thacaíonn lena riachtanais sóisialta agus eacnamaíocha.

A 1.19 Le theacht an EECC, is dócha go mbeidh líon feidhmeanna agus aidhmeanna nua ag ComReg, in éineacht leo siúd atá luaite sa Chomhchreat Rialála, lena n-áirítear, mar shampla, a bhaineann le nascacht.

Bosca Mínitheach 1: Cúlra agus Éabhlóid na Reachtaíochta

Is mar gheall ar theipeanna margaidh a bunaíodh an tAcht um Rialáil Cumarsáide 2002ⁱ (Acht 2002) a tháinig i gcomharba ar Oifig an Stiúrthóra Rialála Teileachumarsáide (ODTR) a bunaíodh i 1997ⁱⁱ. Le scór bliain anuas, tá ár gcuid sainchúraimí rialála athruithe, rud a léiríonn athruithe i bpolasaí intíre agus Eorpach i dtreo margáí cumarsáide chomh maith le hathruithe i dteicneolaíocht. Inniu, cuimsíonn sainchúraimí ComReg an méid seo a leanasⁱⁱⁱ:

- Seirbhísí agus líonraí um chumarsáid leictreonach a rialú;
- Speictream minicíochta agus acmhainn uimhriúil náisiúnta a bhainistiú; agus
- Seirbhísí poist a rialú

Tá feidhmeanna breise ag ComReg, lena n-áirítear Seirbhís Ardráta ('PRS')^{iv}, Seirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála ('ECAS')^v, laghdú na gcostas d'úsáid leathanbanda ardluais^{vi}, fánaíocht^{vii} agus neodracht idirlín^{viii} i measc feidhmeanna eile^{ix}. Ina theannta sin, tá cumhachtaí roinnte ag ComReg leis an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí^x agus roinnt cumhachtaí atá roinnte agus comhlántachta leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí maidir le gnéithe ar leith de phríobháideacht sonraí^{xi}. Tá éagsúlacht cumhachtaí agus feidhmeanna ag ComReg freisin a tháinig as reachtaíocht náisiúnta.

Ó 2002, tá cumarsáid leictreonach i mballstáit an AE rialaithe de bhun Comhchreat Rialála a chuimsíonn na cúig phríomhthreoir^{xii}, An Chreat-treoir, An Treoir Údaraithe, An Treoir Rochtana, An Treoir um Sheirbhís Uilíoch agus An Treoir Príobháideachta. Cuireadh na teoracha seo i bhfeidhm in Éirinn le sraith rialúcháin intíre a rinneadh in 2003 agus cuireadh teoracha eile ina n-ionad in 2011, tar éis don AE iad a uchtú in 2009 le dhá threoir leasuithe^{xiii} (an Treoir um Rialáil níos fearr agus an Treoir um Chearta Saoránach).

Leagann Acht 2002 agus na Creatrialacháin amach líon cuspóirí reachtúla do ComReg le leanúint, lena n-áirítear:

- Leasa na n-úsáideoirí deiridh de sheirbhísí cumarsáide a chur chun cinn
- Infheistíocht agus nuálaíocht a chur chun cinn

- Iomaíocht a chur chun cinn, agus
- Bainistíocht éifeachtach a chinntiú maidir le speictream raidió a úsáid.

Tá an EECC, atá i bhfeidhm anois, in ionad an seanbhailiúchán de threoracha a chuimsigh Comhchreat Rialála an AE maidir le cumarsáid leictreonach.

- Tá an tAcht um Rialáil Cumarsáide 2002 leasaithe, i measc nithe eile, ag an Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003, an tAcht Craolacháin (Leasú) 2007, an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Leasú) 2007, an tAcht Craolacháin 2009, an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Bonneagar um Chumarsáid Leictreonach agus Seirbhísí Ardráta) 2010, an tAcht um Airí agus Rúnaithe (Leasú) 2011, an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) 2011, an tAcht um Nochtuithe Cosanta 2014, an tAcht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí 2014, an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014, an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) (Leasú) 2015, agus an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) (Leasú) 2017.
- Ag roinn 2 den Acht Teileachumarsáide (Forálacha Ilghnéitheacha) 1996 a tháinig i bhfeidhm an 10 Márta 1997.
- Roinn 10 d'Acht 2002.
- Roinn 10(1)(cb) d'Acht 2002, ionsáite ag an Acht um Rialáil Cumarsáide (Bonneagar um Chumarsáid Leictreonach agus Seirbhísí Ardráta) 2010.
- Roinn 10(1)(ca) d'Acht 2002, ionsáite ag an Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasú) 2007.
- Treoir 2014/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 ar bhearta chun costais a laghdú i líonraí um chumarsáid leictreonach ardluais a úsáid, Rialcháin an Aontais Eorpaigh (Laghdú ar Chostas de ix Líonraí Cumarsáide Poiblí Ardluais a Úsáid) 2016 (I.R. Uimh. 391 de 2016).
- Rialacháin éagsúla an AE agus intíre idir 2007 agus 2017.
- Féach e.g. Rialachán (AE) 2015/2120 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 ina leagtar amach bearta a bhaineann le rochtain ar idirlíon oscailte agus a leasaítear Treoir 2002/22/CE ar sheirbhís uilíoch agus cearta úsáideoirí a bhaineann le líonraí agus seirbhísí um chumarsáid leictreonach agus Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 ar fhánaíocht ar líonraí cumarsáide móibleacha poiblí laistigh den Aontas.
- Maidir le soiléireacht, níl sé i gceist go mbeadh an líosta de chumhachtaí agus d'fheidhmeanna a leagtar amach anseo mar líosta uileghabhálach. Chun níos mó eolais a fháil ar fheidhmeanna agus ar chumhachtaí ComReg féach ar shuíomh gréasáin ComReg le do thoil - <https://www.comreg.ie/about/legislation/>
- Maidir le reachtáíocht iomaíocht iarphost agus reachtáíocht um chosaint tomhaltóirí, an fhaid is go bhfeidhmíonn siad ar an earnáil um chumarsáid leictreonach agus an PRS.
- Rialcháin na gComhphobal Eorpach (Seirbhísí agus Líonraí um Chumarsáid Leictreonach) (Cumarsáid Príobháideachais agus Leictreonach) 2011 I.R. Uimh. 336 de 2011.
- Treoir 2002/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 (Creat-treoir), Treoir 2002/20/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 (Treoir Údaraithe), Treoir 2002/19/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 (Treoir Rochtana), Treoir 2002/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 (Treoir um Sheirbhís Uilíoch), Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 (Treoir Príobháideachta).
- Treoir 2009/140/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 a leasaíonn Treoir 2002/21/CE ar chomhchreat rialála um sheirbhísí agus líonraí um chumarsáid leictreonach 2002/22/CE faoi rochtain ar agus idirnascadh le háiseanna gaolmhara agus líonraí um chumarsáid leictreonach, agus 2002/20CE ar sheirbhísí agus líonraí um chumarsáid leictreonach a údarú agus Treoir 2009/136/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 a leasaíonn Treoir 2002/22/CE ar sheirbhís uilíoch agus cearta úsáideoirí a bhaineann le sheirbhísí agus líonraí um chumarsáid leictreonach, Treoir 2002/58/CE a bhaineann le sonraí pearsanta a phróiseáil agus cosaint ar phríobháideachas san earnáil um chumarsáid leictreonach agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ar chomhoibriú idir údarais náisiúnta atá freagrach as dlíthe um chosaint tomhaltóirí a chur i bhfeidhm.

Trasuíomh

A 1.20 De réir mar atá an Cód nua á chur i bhfeidhm ar fud an AE le treoir aonair nua, tá an treoir seo á trasú sa dlí náisiúnta ag gach Ballstát, agus is faoi gach Ballstát an próiseas trasuite seo a dhéanamh. In Éirinn, is ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ('DECC') atá an phríomhfhearacht an Cód nua seo a thrasú i ndlí intíre na hÉireann.

Go dtí seo, bhain an próiseas trasuite seo le rannpháirtíocht leanúnach agus forleathan leis na príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear ComReg, tionscal, Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí, Ranna Rialtais eile agus an Coimisiún Eorpach.

A 1.21 Bhí ar na Ballstáit an Cód a thrasú faoin 21 Nollaig 2020. Tuigeann ComReg gur dócha go mbeidh an Cód trasuite sa dlí náisiúnta

níos déanaí in 2021¹³. Idir an dá linn, ní mór do sholáthróirí um chumarsáid leictreonach leanúint ag comhlíonadh a ndualgas agus leanann ComReg ag rialú na hearnála um chumarsáid leictreonach faoina chumhachtaí reatha, agus ag cinntiú go leanann meicníocht shásaimh do chustaiméirí gan athrú go dtí go gcuirfear an reachtaíocht nua seo i bhfeidhm.

Leanann an tAcht um Rialáil Cumarsáide 2002 (gan athrú/leasú eile) i bhfeidhm, agus leanann an bailiúchán de Rialacháin um Chumarsáid Leictreonach 2011 i bhfeidhm go dtí go gcuirfear reachtaíocht eile i bhfeidhm, a leasófar nó a aisghairmfear é.

A 1.22 Foilsíodh Treoir Rialála ComReg faoi Chearta Úsáideoirí Deiridh den Chód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach i dtosach an 10 Samhain 2020 agus tugadh an chéad leasú chun dáta an 23 Nollaig 2020. An 4 Nollaig 2020, d'fhoilsigh an DECC dréacht-Rialacháin maidir le forálacha den Chód a bhaineann le cearta úsáideoirí deiridh.

A 1.23 Luaigh an DECC le gairid, maidir le tomhas ama an trasuímh:

Rinne an Roinn cinneadh go mba chóir go mbeadh na forálacha forfheidhmithe le cur i bhfeidhm trí reachtaíocht phríomha. Tá sé mar aidhm ag an Roinn fós, áfach, go mbeidh an chuid is mó den trasuíomh á chur i bhfeidhm tríd ionstraim reachtúil... Tá an Roinn ag ullmhú Cinn Bille do Scéim Ginearálta don reachtaíocht phríomha a moladh. Sa chás go bhfuil an Scéim Ginearálta faofa ag an Rialtas, tá sé mar aidhm ag an Roinn beart comhairliúcháin poiblí a reachtáil ar an Scéim. Beidh comhairliúchán ar an gcuid eile den ionstraim reachtúil ag an am sin. Tá sé beartaithe go mbeidh an méid sin bainte amach sa samhradh¹⁴.

A 1.24 Cuirfidh trasuíomh iomlán den Chód nua cinnteacht rialála ar fáil do ghnó agus do shaoránaigh ó dhlúth-chreat rialála mar bhonn chun muinín a thógáil, infheistíocht

a mhéadú agus infreastuchtúr digiteach a chur i bhfeidhm, agus chun deis a chur ar fáil do shaoránaigh agus don sochaí. Cuirfidh reachtaíocht digiteach a sheachadadh, chun an Straitéis Margadh Aonair Digiteach a chomhlíonadh, ar chumas ComReg cur leis an Straitéis Náisiúnta Digiteach a sheachadadh.




A 1.25 Faoin 21 Nollaig 2025, agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar fheidhmiú an EECC agus cuirfear tuairisc chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. Déanfaidh na hathbhreithnithe sin meas, ach go háirithe, ar na himpleachtaí margaidh agus cibé an leor an *ex-ante* agus cumhachtaí idirghabhála de bhun an EECC chun a chur ar chumas údaráis rialála náisiúnta dul i ngleic le struchtúir mhargaidh olagaplacha mí-iomaíochas agus lena chinntiú go leanfaidh iomaíocht san earnáil um chumarsáid leictreonach ag fás chun leas na n-úsáideoirí deiridh.

A 1.26 Ina theannta sin, faoin 21 Nollaig 2025, agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meas ar raon maidir leis an seirbhís uilíoch, go háirithe chun moladh a dhéanamh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle go ndéanfaí athrú nó athshonrú ar an raon. Sa bhreis air sin, foilseoidh BEREC tuairim faoin 21 Nollaig 2021 agus foilseofar breis tuairimí gach trí bliana ina dhiaidh sin, ar an Údarú Ginearálta a chur i bhfeidhm agus a fheidhmiú go náisiúnta, agus ar a thionchar ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

A 1.27 Tugann gníomhaíochtaí éagsúla ComReg cuntas den EECC, sa mhéid agus is féidir, agus den straitéis, den fhís, den chlár agus de na gníomhaíochtaí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise a leagann amach na forálacha éagsúla a bhaineann leis an EECC. Tá ComReg aireach faoi na príomhghnéithe den EECC agus an bealach a mbíonn tionchar acu ar shruthanna oibre leanúnacha.

13 Is féidir an chumarsáid is déanaí de chuid na Roinne maidir leis an gCód a fháil ar a shuíomh gréasáin, anseo: www.gov.ie/en/publication/339a9-european-electronic-communications-code-eecc/

14 Féach fonóta 13 thuas



**Aguisín: 2 Na Treochtaí
agus na Dúshláin**

Annex 2: Na Treochtaí agus na Dúshláin

Forléargas

A 2.1 Tá cruth ar an earnáil um chumarsáid leictreonach mar gheall ar chúrsaí sóisialta, eacnamaíocha, reachtúla agus teicneolaíochta. Iompraíonn na cúrsaí seo ina dtreochtaí le himeacht ama agus spreagann siad forbairt san earnáil. Bíonn tionchar dearfach ag cuid acu ar mhargaí agus oibríonn siad mar chatalaigh chun forbairt a dhéanamh ar theicneolaíocht cumarsáide agus an luach ar féidir leis a bheith ar shochaí na hÉireann; baineann dúshláin le cuid eile acu a mbíonn gá le nuálaíocht tionscail nó rialachán rialtais ionas nach gcuirtear cosc ar an margadh a fheidmiú i gceart.

A 2.2 Déanann ComReg anailís ar na gnéithe éagsúla a théann i gcion ar an earnáil um chumarsáid leictreonach agus a éiceachóras a fhorbairt. Tá ceithre phríomhthreocht aitheanta ag ComReg a chuirfidh cruth ar an earnáil, agus a d'fhéadfadh dúshláin rialacháin a bheith mar thoradh orthu sa tréimhse amach romhainn. Is iad sin a leanas:

- Nascacht Fheabhsaithe agus Teicneolaíochtaí Nua
- Taithí Tomhaltóirí
- Éabhlóid na Margaí Cóngaracha agus Gaolmhara
- An Todhchaí atá ag Athrú maidir le Rialúchán san Earnáil.

Nascacht Fheabhsaithe agus Teicneolaíochtaí Nua (ECN):

Líonra Seasta a Chur i bhFeidhm


A 2.3 Leanfaidh an ról atá ag ECN níos tapúla, atá ag éirí níos tábhachtaí, ar fud na tíre chun cruth a chur ar Éirinn sna cúig bliana amach romhainn.

A 2.4 Idir 2011 agus 2019, d'infheistigh oibritheoirí líonra tráchtála €5.5 billiún chun a gcuid líonraí móibíleacha agus seasta a leathnú amach (Féach Figure 3 thíos).¹⁵ Maidir le hinfheistíochtaí seasta tráchtála is mó a dhéanann na hoibritheoirí faoi theicneolaíochtaí líonra um chábla snáthoptaice a chur i bhfeidhm agus líonraí atá ann faoi láthair a uasghrádú (e.g. Líonraí Cábla), ach tá deireadh á chur le líonraí copairbhunaithe. I mí an Mhárta 2021, d'fhoilsigh Eircom 'páipéar bán' faoina mholadh a líonra oidhreachta copair a chasadh dhó. Beidh gá le rannpháirtíocht agus comhairliúchán le páirtithe leasmhara éagsúla maidir le haistriú na gcustaiméirí ón líonra copair agus beidh gá lena dhéanamh ar bhealach a chosnaíonn iomaíocht agus cearta na n-úsáideoirí deiridh. Maidir leis na hinfheistíochtaí seo, mar shampla, faoin gceathrú ráithe in 2020, d'íoslódáil 42.5% de shíntiúis leathanbhanda bhuana luasanna níos mó ná 100MBps i gcomparáid le 21.6% sa cheathrú ráithe in 2016.¹⁶

15 Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach (OSCE)

16 Roimh an chéad cheathrú ráithe in 2019, bhailigh ComReg eolas ó oibritheoirí a bhain le luas íoslódáilte fógartha. Ón gcéad ráithe in 2019, bailíodh eolas faoi luas íoslódáilte díolta ó na hoibritheoirí. Baineann miondífríochtaí san mínte de luasanna fógartha agus díolta.

Fíor 3: Infheistíocht Sheasta agus Móibíleach in ECN/S (2011-2019)¹⁷



A 2.5 Is féidir le líonraí nua le luasanna íoslódáilte níos tapúla, aga folaigh níos lú agus bandaleithead níos mó éifeacht a bheith ar thaithí tomhaltóirí agus na seirbhísí a bhíonn ar fáil sna líonraí seo (e.g. Seirbhísí teilifíse) agus de tháirgí agus seirbhísí a bhíonn ar fáil sna margaí cóngaracha (e.g. Sásanna láimhe móibíleacha níos fearr) a ghlacadh. De réir mar a thagann feabhas ar líonraí, áfach, is dócha go mbeidh tomhaltóirí ag brath níos mó ar a ECS agus ECN. Mar gheall ar an tuilleamaí seo ar ECS agus ECN, beidh éileamh níos mó agus ionchas níos airde i gceist maidir leis na seirbhísí a sholáthraítear. Tá ComReg ag súil go leanfar leis an treocht seo, go háirithe mar gheall ar an uchtú forleathan de líonraí cábla snáthoptaice agus 5G sa todhchaí.

A 2.6 Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin go bhfuil na líonraí nua seo (e.g. FTTH agus 5G) níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de ná na líonraí oidhreachta. Is féidir leis na líonraí nua seo ról a imirt chun eacnamaíocht níos inbhuanaithe a chruthú, tairbhe a bhaint as cianobair, ríomhsheirbhísí sláinte, ríomhbhaincfeireacht agus cabhrú le héilimh a bhainistiú ar líonraí leictreachais (e.g. tríd eangacha cliste fuinnimh).

An Plean Náisiúnta Leathanbhanda (NBP)

A 2.7 In ainneoin na bhforbairtí i gcur i bhfeidhm an líonra go dtí seo, baineann dúshlán le tíreolaíocht agus dáileadh daonra in Éirinn chun líonraí buana agus líonraí gan sreang a chur i bhfeidhm. Tá dlús daonra na hÉireann níos lú ná meándlús daonra san AE¹⁸ agus tá

¹⁷ Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach (OSCE)

¹⁸ 70 duine sa chiliméadar cearnach vs 111 duine sa chiliméadar cearnach. - “Dlús Daonra (daoine sa chiliméadar cearnach de limistéar talún)”, An Banc Domhanda

sé an-dlúth sna cathracha, le 63% den daonra sna limistéir uirbeacha¹⁹. Ciallónn fírinne tráchtála faoi líonra a chur i bhfeidhm nach mbíonn líonraí á gcur i bhfeidhm i limistéir thírleolaíochta ina bhfuil an daonra gann.

A 2.8 Is é an Plean Náisiúnta Leathanbhanda ('**NBP**') tionscnamh an rialtais lena chinntiú go bhfuil fáil ar chábla snáthoptaice ar ardluas i ngach áitreabh ('**FTTH**') in Éirinn tríd infheistíocht ó fhiontair thráchtála chomh maith le hidirghabháil ón Stát in áiteanna sa tír nach bhfuil pleananna infheistíochtaí príobháideacha. Bronnadh an conradh do NBP agus síníodh é an 19 Samhain 2019. Ba é Granahan McCourt a fuair an tairiscint rathúil agus rinneadh cuideachta cláraithe Éireannach a hionchorprú ar a dtugtar Leathanbhanda Náisiúnta na hÉireann ('**NBI**').

A 2.9 Clúdaíonn an limistéar idirghabhála Stáit 538,000 áitreabh, 1.1 milliún duine, os cionn 54,000 feirm, 44,000 gnó nach feirm iad, agus 695 scoil. I rith an saolré den Straitéis Meántéarmach, táthar ag súil go meidh an tromlach den líonra seo curtha i bhfeidhm.

Teicneolaíocht 5G agus forbairtí líonra eile

A 2.10 Go dtí le gairid, b'fhorbairt nuaghinte é 5G a bhí ar an bhforimeall san earnáil um chumarsáid leictreonach domhanda. De réir mar atá na bandaspictrim riachtanacha sannta, áfach, tá tús curtha ag na hoibritheoirí leis na líonraí a chur i bhfeidhm, chuir na déantúsóirí gléasanna tús le sásanna láimhe 5G a fhorbairt agus a dhíol, agus tá caighdeáin déanta soiléir ag comhlachtaí idirnáisiúnta.

A 2.11 I mí an Mheithimh 2017, bhronn ComReg ceadúnais 3.6 Ghz ar chúig oibritheoir tar éis ceant speictrim. Tá oibritheoirí móibíleacha ag tosú ag cur seirbhísí 5G i bhfeidhm in Éirinn. Beidh glacadh forleathan ag brath ar infhaighteacht sásanna láimhe cumasaithe 5G nua agus cásanna úsáide, áfach.

A 2.12 Maidir le fás in úsáid 5G agus forbairtí eile i líonraí móibíleacha, is féidir impleachtaí a bheith acu ar sheirbhís a ofráil agus dinimicí iomaíochta san earnáil don todhchaí, mar atá le feiceáil i mBosca Mínitheach 2 thíos.

A 2.13 Seachas 5G, tá roinnt teicneolaíochtaí nua eile a bhfuil sé mar aidhm acu nascacht a mhéadú agus a fheabhsú. Is iad Wi-Fi 6 agus Satailítí ar Dhomhanfhithis íseal ('**LEO**') péire acu.

A 2.14 Is é Wi-Fi 6 an chéad ghlúin eile sa teicneolaíocht Wi-Fi atá in úsáid faoi láthair, agus atá in ann nascacht iontaofa, tapa, forleathan agus trom ar thrácht a sheachadadh. Nuair a bheas teicneolaíocht líonra 5G comhcheangailte le teicneolaíocht Wi-Fi 6 tabharfaidh sé an deis d'oibritheoirí trácht a optamú sna líonraí rochtana agus clúdach laistigh agus lasmuigh éifeachtach a chur ar fáil. Ciallaíonn scaradh go pras le Wi-Fi sábháil costas d'oibritheoirí móibíleacha a dhéanann 5G a sheachadadh gan cur isteach ar chaighdeán. Le chéile, is féidir leis na teicneolaíochtaí seo tacú le líon mór gléasanna Idirlíon na nEarraí ('IoT') a úsáid agus cásanna úsáide a éascú cosúil le feithiclí nasctha agus cathracha cliste ina mbeidh meascán de ghléasanna seasta agus móibíleacha. Chuir roinnt soláthraithe seirbhíse ar fud na hEorpa tús le Wi-Fi 6 a ofráil san Eoraip in 2019²⁰. D'eisigh déantúsóirí freisin gléasanna agus/nó ródairí atá comhoiriúnach le Wi-Fi 6.

¹⁹ An Phríomh-Oifig Staidrimh, (2016), "Daonáireamh Ghrafaic faisnéise 2016"

²⁰ Mar shampla, sheol Swisscom agus Telefonica tairseacha agus athsheoltóirí 10 Gbps de chuid Wi-Fi 6, san Eoraip go déanach in 2019. ("Seolann Swisscom an chéad thairseach agus athsheoltóir 10 Gbps de chuid Wi-Fi 6 san Eoraip, Cumhachtaithe ag SoftAtHome Software", Samhain 2019; "Athcheapann Telefonica a Nascacht Dhigiteach Baile leis an Smart WiFi 6 Amplifier", Meitheamh 2020).

Bosca Mínitheach 2: Líonraí 5G agus Radaíocht Neamhianúcháin (NIR)

Tá teicneolaíochtaí agus seirbhísí móibíleacha ag teacht chun cinn go tréan le tríocha bliain anuas agus táthar i gcónaí ag teacht chun cinn. I 1993 sheol Éire a chéad líonra móibíleach "2G". Sna laethanta sin, bhí úsáideoirí teoranta do ghuthghlaonna amháin, ach laistigh de chúpla bliain bhí ar a gcumas teachtaireachtaí téacs a sheoladh agus a fháil. Ba go luath sna 2000idí a tháinig na chéad líonraí 3G agus leo sin a tháinig na chéad sheirbhísí um idirlíon móibíleach. Tháinig na líonraí 4G go luath san 2010idí a chuir seirbhísí idirlíon móibíleacha níos tapúla ar fáil.

Is é 5G an chéad ghlúin eile de theicneolaíocht mhóibíleach. Sna deich mbliana amach romhainn, ba chóir go bhfeicfimid líonraí 5G á gcur i bhfeidhm san Eoraip agus ar fud an chuid is mó den domhan fiú. Beidh 5G ag feidhmiú le taobh teicneolaíochtaí eile chun luasanna sonraí níos tapúla fós a chur ar fáil maraon le nascacht níos fearr. Is teicneolaíocht é 5G freisin a chuireann ar chumas nascacht a dhéanamh idir gléasanna gan sreang. Ba chóir go dtacódh an méid sin le fás ollmhór i líon na ngléasanna gan sreang cosúil le cumarsáid idir meaisíní (M2M) agus Idirlíon na nEarraí (IoT).

Tá comhlíonadh le teorainneacha ar radaíocht neamhianúcháin (NIR) mar riachtanas ar gach ceadúnais agus an údarú ginearálta is cuma faoin teicneolaíocht a úsáideadh nó an seirbhís a chuirtear ar fáil. Mar chuid den fheidhm bainistíochta speictrim, tomhaiseann ComReg leibhéil NIR gach bliain sna limistéir phoiblí ar íosmhéid 80 suíomh difriúil, atá lonnaithe in Éirinn. Roghnaítear iad bunaithe ar ghnéithe déimeagrafacha agus tíreolaíochta. Go dáta, rinneadh suirbhé ar 1400 suíomh agus frítheadh go raibh leibhéil NIR ag na suíomhanna go léir, gan eisceacht, níos lú ná na teorainneacha idirnáisiúnta do nochtadh poiblí atá leagtha amach ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint ar Radaíocht Neamhianúcháin (ICNIRP).

Níl aon ról ag ComReg maidir le héifeachtaí sláinte NIR, nochtadh ceirde do NIR, na teorainneacha ar chóir a bheith i bhfeidhm, nó ábhair phleanála, agus ní dhéanann ComReg cinntí maidir le crainn theileachumarsáide a láithriú nó a shuiteáil. Téann na comhlachtaí poiblí seo a leanas i ngleic leis na hábhair sin:

- **An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ('DECC')** – atá freagrach as polasaí a shocrú a bhaineann le héifeachtaí sláinte NIR.
- **An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA)** – sainchomhairle neamhspleách a chur ar fáil maidir le nochtadh NIR agus forbairtí eolaíochta/teicneolaíochta ar dócha go mbeadh impleacht acu ar nochtadh an phobail go NIR.
- **Na hÚdaráis Áitiúla** – freagrach as suíomh a fháil do chrainn theileachumarsáide agus do threalamh.
- **An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA)** – rialaíonn siad nochtadh go NIR san ionad oibre

Tugann an EPA faoi deara go bhfuil na héifeachtaí a bhaineann le réimsí leictreamaighnéadacha radaimhnicíochta (RF EMF) lena n-áirítear na minicíochtaí a úsáidtear agus a bheartaítear do 5G faoi réir thaighde suntasach. D'eisigh an ICNIRP treoirlínte chun teorainn a chur le nochtadh EMF agus chun na hoibrítheoirí agus an pobal a chosaint ó éifeachtaí díobhálacha féideartha. Tá treoirlínte an ICNIRP ceadaithe ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO) agus ag an gCoimisiún Eorpach. Ní léirítear aon éifeachtaí sláinte ar leibhéal níos lú ná treoirlínte an ICNIRP do bhail an phobail, agus mar sin níltear ag súil go mbeadh aon iarmhairtí ann do shláinte poiblí ó nochtadh 5G.

Bosca Mínitheach 3: Teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn

OpenRAN

Baintear úsáid as Líonraí um Rochtain ar Raidió ('RAN') chun gléasann a nascadh le líonra móibíleacha. Cuireann díoltóirí RAN cosúil le Ericsson, Nokia agus Huawei cruá-earraí agus bogearraí ar fáil do sholáthraithe teileachumarsáide. I RAN traidisiúnta, bíonn cruá-earraí agus bogearraí cúpláilte, agus níl siad idir-inoibritheach idir díoltóirí. Mar sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh soláthróirí ag brath go tréan ar a ndíoltóir roghnaithe. Tá sé mar aidhm ag OpenRan, áfach, stáisiúin mhóibíleacha a dhí-chomhbhailiú tríd idirbhealaí idir-inoibritheacha oscailte a chaighdeánú idir an raidió agus gnéithe próiseála comhartha, agus é mar aidhm acu éagsúlacht sa slabhra soláthair a mhéadú, costais a laghdú agus nuálaíocht a mhéadú.ⁱ D'fhéadfadh an méid sin oibritheoirí a chumasú chun uiledhíoltóirí a úsáid, rud a laghdaíonn an spleáchas ar dhíoltóirí aonair agus chun margadh an díoltóra a dhéanamh níos iomaíochtúla.ⁱⁱ

Cé go mbíonn oibritheoirí ag brath go hiondúil ar líon teoranta de dhíoltóirí RAN a oibríonn i ndlúthmhargadh, d'fhéadfadh OpenRAN bacanna a laghdú do dhíoltóirí nua a gcuid seirbhísí féin a chur i láthair, agus ligean do dhíoltóirí a líonra a oiriúnú, chun RAN níos aclaí a chruthú.

Líonraí Sainbhogearraí ('SDN') & Fíorúlú Feidhm Líonra ('NFV')

D'fhéadfadh forbairtí teicneolaíochta doras a oscailt d'fhéidearthachtaí bainistíochta líonra nua a ligeann do líonra fisiceach aonair tacú le líon líonraí fíoraithe le tréithe feidhmithe difriúla.ⁱⁱⁱ Tá dhá phríomhfhorbairt ann lenár féidir an méid sin a bhaint amach agus is iad sin Líonraí Sainbhogearraí ('SDN') agus Fíorúlú Feidhm Líonra ('NFV'). Déanann NFV díchúpláil ar fheidhmeanna líonra ó ghléasanna cruá-earraí dílse sa chaoi agus gur féidir leo rith sna bogearraí. Aistríonn SDN feidhmeanna líonra ón tsraith cruá-earraí go dtí an tsraith bogearraí agus tá sé comhlántach do NFV le haghaidh bainistíocht líonra.^{iv} Tugann na forbairtí seo cead go héifeachtach líonraí ar leith a chruthú a roinneann infreastruchtúr fisiciúil amháin, agus tá gach líonra deartha chun a gcuid riachtanas ar leith féin a bhaint amach. D'fhéadfadh oibritheoirí seirbhísí a chur ar fáil le tréithe difriúla a chur i bhfeidhm do chustaiméirí difriúla agus an líonra fisiceach céanna in úsáid. D'fhéadfadh go mbeadh an méid sin úsáideach ó tharla go mbeadh riachtanais dhifriúla ag cineálacha difriúla cásanna úsáide do líonraí móibíleacha sa todhchaí i dtéarmaí luas íoslódáilte, iontaofacht nó aga folaigh. Is féidir seirbhísí a dhírú i dtreo ranna ar leith (ingearachaí), chun deiseanna nua a oscailt do mhúnlaí gnó nua.

i O-Ran Alliance, (2020), "O-RAN Specifications"

ii O-Ran Alliance, (2018), "O-RAN: Towards an Open and Smart RAN", Páipéar Bán

iii BEREC, (2018), Staidéar ar Impleacht Úsáid 5G ar Mhúnlaí Gnó Amach Anseo, Tuarascáil ag DotEcon Ltd and Axon Partners Group

iv OECD, (2019), An Bóthar go Líonraí 5G: An Taithí go dtí seo agus Forbairtí atá le theacht


A 2.15 Le blianta beaga anuas, tá spéis ag teacht chun cinn sna satailítí LEO chun ECS a sholáthar. Go hiondúil téann na satailítí domhanfhithiseacha seo ar airde níos lú ná satailítí leathanbhanda atá ann anois (ó 180km go 2000km) agus tá an acmhainn níos airde ann (suas go 23.7 Tbps²¹), clúdach níos leithne, agus aga folaigh níos lú ná na líonraí satailíte leathanbhanda atá ann faoi láthair²². Mar gheall ar a n-airde, ní mór go mbeadh cnuasach iomlán de shatailítí a dhéanann cumarsáid lena chéile agus le gléasanna ar Domhan chun seirbhís a chur ar fáil. Ligfidh na cnuasaigh seo clúdach líonra leathanbhanda a cheadú i limistéir nach bhfuil sé inmharthana líonraí buana a chur i bhfeidhm. D'fhéadfadh sé sa toadhchaid go mbeadh cásanna úsáide de shatailítí LEO

ag díriú ar fheidhmeanna nideoige nó chun cabhrú le clúdach leathanbhanda uilíoch i limistéir iargúlta, seachas dul in iomaíocht go díreach le seirbhísí leathanbhanda traidisiúnta. Mar sin, níor chóir neamhaird a dhéanamh dá n-acmhainn féideartha miondíola chun leagan ailtéarnach de sheirbhísí reatha a chur ar fáil.

Éileamh ar Líonraí

A 2.16 Léiríonn torthaí ó Thuarascáil um Phríomhshonraí Ráithiúil ComReg ('QKDR')²³ in Figure 4 thíos na méideanna méadaitheacha de shonraí seasta agus móibíleacha le blianta beaga anuas, méadaithe go háirithe in 2020, mar gheall ar theacht chun cinn Covid-19.

Fíor 4: Trácht Sonraí Móibíleacha agus Seasta Iomlán²⁴



²¹ Del Portillo, I., Cameron, B., agus Crawley, E., (2018), "Technical Comparison of Three Low Earth Orbit Satellite Constellation Systems to Provide Global Broadband"
²² An Coimisiún Eorpach, (2017), "Low-Earth orbit satellites: Spectrum access"
²³ ComReg QKDR Q4 2020, (2021), Doiciméad ComReg 21/20
²⁴ ComReg QKDR Q4 2020, (2021), Doiciméad ComReg 21/20

A 2.17 Léiríonn Figure 1 (thuas) an méadú céatadán bliain ar bhliain i dtrácht sonraí iomlán ar líonraí seasta agus móibíleacha. Léiríonn an figiúr leibhéal fáis réasúnta leanúnach de shonraí tráchta iomlán thart ar 24-29% sna blianta roimh an phaindéim nuair a tháinig dúbailt ar an ráta fáis (ag ardú go 62%).

A 2.18 Táthar ag súil go mbeidh éileamh ar shonraí ag leanúint. Amach anseo, d'fhonn freastail ar riachtanais na dtomhaltóirí Éireannacha chun iarratais ocracha ar shonraí a shásamh (cosúil le fíis-sruthú agus na meáin shóisialta) ó ghléasanna móibíleacha, beidh gá le gléasanna móibíleacha le clúdach níos fearr de líonraí móibíleacha ach freisin beidh gá le cur ar a gcumas do thomhaltóirí agus do sheirbhísí fánaíocht a dhéanamh gan dua idir líonraí leathanbhanda móibíleacha agus seasta. Is iad an Plean Náisiúnta Leathanbhanda agus inúsáidteacht speictrim sa bhreis trí dhámhachtainí speictrim na príomhsholáthróirí a bheas ann amach anseo chun dul i ngleic leis an dúshlán seo.

A 2.19 Tá athrú ag teacht ar phátrún úsáide freisin. Táthar ag brath níos mó ar ECN agus ECS le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha ríthábhachtacha cosúil le cianobair. Sa chomhthéacs seo, d'fhéadfadh sé go bhfuil an caighdeán seirbhíse (e.g. iontaofacht) níos tábhachtaí ná gníomhaíochtaí eile a dhéanamh ar líne (e.g. fístaispeáint sruthaithe). Ar an ábhar seo, tá an iontaofacht, an athléimneacht agus an slándáil sna líonraí ag éirí níos tábhachtaí.

Slándáil agus Athléimneacht Líonra

A 2.20 Maidir le líonraí agus nascacht, tá riachtanas níos mó ann slándáil agus athléimneacht a fheabhsú. Mar gheall ar an líon fáis atá ar ghléasanna nasctha agus an méadú easpóntúil i sonraí ar a bhfeidhmíonn IoT agus teicneolaíochtaí eile, baineann sraith breise d'fhabhtaisithe sna líonraí. Ina theannta sin, tá méadú ar líon na ngléasanna a théann isteach ar líonra agus tá tuilleamaí níos mó ag tomhaltóirí ar ECN, rud a ardaíonn an bhagairt fhéideartha d'ionsaithe mailíseacha agus de rioscaí slándála. Ar na rioscaí eile maidir le slándáil líonra agus iontaofacht tá athrú aeráide agus imeachtaí aimsire, cosúil le tuilte agus stoirmeacha.

A 2.21 Tá forbairt tagtha ar iontaofacht agus slándáil líonra le teacht chun cinn na teicneolaíochta. Maidir leis na dúshláin seo, níl na cumarsáidí seo teoranta do dhaoine aonair amháin ach caithfear cumarsáidí a dhéanamh idir ghléasanna chomh maith le laistigh de thionscail ingearacha. Cruthaítear múnlaí gnó nua dá réir sin ina bhfuil réimse de riachtanais slándála leathana i gceist. Ina theannta sin, má bhíonn an saol ag brath níos mó ar theicneolaíocht ar líne, is amhlaidh go mbeidh an t-eolas níos íogaire agus is airde an riosca agus an fhéidearthacht go mbeadh damáiste déanta ó chibirionsaithe. Oibríonn ComReg le heagraíochtaí eile chun tomhaltóirí a chosaint ó sceamálacha agus ó ionsaithe mailíseacha tríd fheasacht a ardú maidir leis na ceisteanna slándála seo.

Taithí Tomhaltóirí

A 2.22 Maidir leis an treocht a bhaineann le nascacht mhéadaithe agus fheabhsaithe, tá taithí agus ionchais an úsáideora ag athrú do thomhaltóirí Éireannacha. Mar chuid den treocht seo, tugann ComReg faoi deara an tuilleamaí ar nascacht atá faoi bhláth, an glacadh le teicneolaíochtaí nua agus a n-úsáid, agus taithí leanúnach na n-úsáideoirí deiridh nach bhfuil ar aon réim.

An Tuilleamaí ar Nascacht atá faoi bhláth

A 2.23 Le deich mbliana anuas, chuir an fhorbairt ar líonraí agus an glacadh atá le teicneolaíochtaí nua ar chumas na ndaoine nascadh ar bhealaí nár rinneadh cheanna. Níl aon chuid dár saol nach bhfuil lámh leagtha ag nuálaíochtaí sa nascacht dhigiteach²⁵. In 2019, bhí 90% de theaghlaigh Éireannacha le nasc idirlín sa bhaile agus bhí baint acu le réimse leathan gníomhaíochtaí idirlín²⁶.


A 2.24 Chuir Covid-19 dlús le treochtaí i dtreo níos mó digitithe, chun ár saol a bhogadh i dtreo an idirlín níos mó arís. I mí na Samhna 2020, mheas 76% d'úsáideoirí ar líne gur tháinig ardú ar úsáid leathanbhanda sa tí ó Mhárta²⁷. Creideann seachtar as deichniúr oibrítheoir go mbeidh siad ag obair níos mó sa bhaile tar éis na héigeandála ná mar a bhí siad roimhe, agus aontaíonn siad go dtiocfaidh athrú ar an

mbealach a dhéanfar glaoanna comhdhála glórtha go glaoanna comhdhála físeáin²⁸. Ina theannta sin, maidir leis an Straitéis um Chianobair Náisiúnta ó Eanáir 2021²⁹ a d'fhoilsigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ('DETE'), leagtar béim ar an nádúr seasmhach de na forbairtí seo, ina mholtar réimse gníomhaíochtaí a chuirfidh cianobair chun cinn tar éis Covid-19.

A 2.25 Tá móréilimh ar sheirbhísí digiteacha eile cosúil le ríomhsheirbhísí an Rialtais, ríomhfhoghlaim, agus néalstóráil le blianta beaga anuas³⁰, agus d'fhéadfadh Covid-19 dlús níos mó a chur faoi ghlacadh na

seirbhísí ar líne nua seo (e.g. ríomhsheirbhísí sláinte)³¹. Tá gníomhaíochtaí ar líne (lena n-áirítear cianobair) ag éirí níos tábhachtaí do ghnóanna. Sna deich mbliana amach romhainn, is dócha go mbeidh seirbhísí poiblí, cosúil le sláinte, oideachas agus riarachán poiblí ag brath go mór ar ECS/ECN atá forleathan, iontaofa, slán agus athléimneach chun seirbhísí a chur ar fáil do thomhaltóirí agus do ghnólaigh. Mar thoradh air sin, tá ComReg ag súil go mbeadh caidreamh idir an earnáil ECS agus na príomhmhargáí cóngaracha seo ag fás maidir le tábhacht agus le luach.

Fíor 5: Teaghlach (%) le gléasanna ceangailte le Leathanbanda Seasta 2013-2020³³



25 An Coimisiún Eorpach, Na Príomhtháscairí maidir le Scórchlár Cláiroibre Digiteach
 26 An Phríomh-Oifig Staidrimh, (2019), Information Society Statistics – Household
 27 Comreg, (2021), 'Impact of Covid-19 on consumer use and perception of telecommunications services - 4th Survey Q4 2020,' Doiciméad ComReg 21/06
 28 Ericsson, (2020), Tuarascáil Shoghluaisteachta Ericsson 2020
 29 An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, (2021). "Making Remote Work: National Remote Working Strategy"
 30 An Phríomh-Oifig Staidrimh, (2019), Information Society Statistics – Household
 31 Ericsson, (2020), Tuarascáil Shoghluaisteachta Ericsson 2020
 32 An Coimisiún Eorpach, (2020), Innéacs Sochaí agus Eacnamaíoch Digiteach (DESI) 2020: Na Caibidlí Téamacha
 33 Suirbhé Nascachta ComReg, (2021), Doiciméad ComReg 21/30 and Suirbhé ComReg ina bhfuil Éire ag Cumarsáid, (2017), Doiciméad ComReg 18/23a


A 2.26 Rangaíonn an tuarascáil um Innéacs Sochaí agus Eacnamaíoch Digiteach ('**DESI**') 2020 go bhfuil Éire sa chéad áit san Eoraip maidir le teicneolaíocht dhigiteach a chomhcheangail³², agus tá Éire ar thús cadhnaíochta san Eoraip sna trí tháscaire faoi r-thráchtáil (i.e. fiontair bheaga agus mheánmhéide a dhíolann ar líne, láimhdeachas r-thráchtála agus díolachán ar líne trasteorann). Tá cuideachtaí Éireannacha rangaithe réasúnta ard sa tuarascáil maidir

le holltíomsú sonraí, seirbhísí néalta agus na meáin shóisialta a úsáid.

Glacadh Leanúnach le Teicneolaíocht Nua

A 2.27 Leanann tomhaltóirí ag glacadh le teicneolaíochtaí nua, mar aon leis an tuilleamaí ar nascacht atá faoi bhláth. Mar a léirítear in Figure 5 thíos, baintear úsáid as fóin chliste anois i mbeagnach gach teach, agus leantar le hardú in úsáid na dtáibléad

Fíor 6: Teaghlach (%) le gléasanna ceangailte le Leathanbhanda Seasta 2013-2020³⁴

	Úsáid don am atá thart - 2017	Úsáid don am i Láthair - Nollaig 2020	Úsáid Bheartaithe don Todhchaí (in 2025)
	%	%	%
Carr de bhunú Peitрил / Díosail	84	77	46
Táibléad / iPad	65	65	60 
Bosca um Theilifís-Sruthú	13	43	44
Uaireadóir Cliste / Rianaire Corpacmhainne Inchaite	9	40	44
Callaire Cliste	-	29	37 
Apple Pay / Android Pay	7	25	35 
Teirmeastat Cliste Baile	4	12	35 
Carr Hibride	4	5	36 
Gléasanna Cliste Baile Eile	3	21	35 
Carr Leictreach Iomlán	-	N/A	21 
Carr Leath-Uathrialaitheach	-	N/A	12

³⁴ Suirbhé Teicneolaíochta ComReg (2021), Doiciméad ComReg 21/32b, Suirbhé ar Sheirbhísí Digiteacha & Sábháilteacht ar líne, (2021), Doiciméad ComReg 21/09 and Suirbhé ComReg ina bhfuil Éire ag Cumarsáid, (2017), Doiciméad ComReg 18/23a

agus úsáidtear ríomhairí glúine i níos mó ná 80% de theaghlaigh. Tá fáil ar Theilifís Chliste anois i níos mó ná dhá thrian de theaghlaigh agus baineann teaghlach amháin as gach trí theaghlach úsáid as gléas cliste baile.

A 2.28 Agus glacadh le teicneolaíochtaí nua ag leanúint, tá tomhaltóirí ag súil go leanfar leis an treocht seo. Léiríonn Figure 6 thíos an úsáid reatha agus bheartaithe maidir le teicneolaíochtaí éagsúla in 2025 ag úsáideoirí ar líne.

A 2.29 Maidir le fás leanúnach úsáid na ngléasanna IoT atá ionchasaíthe sna blianta amach romhainn, beidh siad tiomanta ag feidhmiúlacht fheabhsaithe, infhaighteacht atá ag fás de líonraí seasta ardhchumais, agus forbairt na líonraí 5G. Aithníonn ComReg nach gá go mbeadh fáil ná glacadh na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn ar aon réim - is dócha gurb iad na tomhaltóirí níos óige a bheas chun cinn, atá ina gcónaí i limistéir uirbeacha, ina bhfuil ioncaim aon uaire atá níos airde agus tá líonraí rochtana níos tapúla agus níos airde ar fáil.

Taithí Nach bhfuil ar aon Réim

A 2.30 Níl an glacadh seo de theicneolaíocht agus de sheirbhísí ar aon réim ar fud na tíre ná ar fud na déimeagrafaice. Mar atá luaite thuas, baineann difríochtaí leis na leibhéil nascachta idir limistéir uirbeacha agus iargúlta, mar gheall ar dhifríochtaí den chuid is mó ar líonraí rochtana. Ina theannta sin, tá limistéir eile ina bhfuil an cur i bhfeidhm tráchtála níos moille agus is dócha go mbeidh gá le rialúchán ex-ante.

A 2.31 I mí an Mhárta 2021, d'fhoilsigh Rialtas na hÉireann *'Ár dTodhchaí Iargúlta'*, a phlean chun Éire iargúlta a athrú sna cúig bliana amach romhainn. I measc nithe eile,

leagann an Plean béim ar an ról a bhíonn idir lámhe ag ár líonraí teileachumarsáide chun cianobair a chur chun cinn agus chun an geilleagar iargúlta a athbeochan. Tugann an Plean faoi deara, maidir leis an NBP a chur i bhfeidhm, go gcuirfead deiseanna nua ar fáil i réimsí cosúil le ríomhsheirbhísí sláinte, cianfhoghlaim, trádáil ar líne agus teicneolaíochtaí nua. Tá an Plean tiomanta chun 20 faoin gcéad den seirbhís phoiblí a bheith ar chianobair, le dreasachtaí chun daoine a spreagadh cur fúthu i limistéir iargúlta, le freastail ar 400 mol cianoibre.

A 2.32 Tá éagsúlachtaí ag baint le húsáid agus le glacadh ECS sna haoisghrúpaí éagsúla. Léiríonn Suirbhé Nascachta 2020³⁵ go bhfuil comhréir réasúnta ard san aoisghrúpa idir 18-34 bliain d'aois atá ag baint úsáid as seirbhís leathanbhanda seasta sa bhaile i gcomparáid leo siúd os cionn 55 (86% vs 58%). Baineann aoischohóirt níos óige úsáid níos leithne as seirbhísí ar líne go laethúil, cosúil le ríomhphost, ábhar físe, ríomhbhaincéireacht, siopadóireacht ar líne agus tá teicneolaíochtaí nua glactha acu, cosúil le huairéadóirí cliste nó íocaíochtaí d'fhóin chliste. Féach Figure 7 thíos chun miondealú a fheiceáil in úinéireacht agus in úsáid na dteicneolaíochtaí de réir aoise.

A 2.33 Baineann difríocht ar fiú súil a leagan air maidir le húnéireacht fón cliste, lena bhfuil fón cliste ag beagnach gach úsáideoir fón póca (99%) idir 18-24 bliain d'aois, i gcomparáid le 59% dóibh siúd os cionn 65³⁶. Ach tháinig ardú ar níos lú ná leath (47%) dóibh siúd atá ag aois os cionn 65 in 2019³⁷.

³⁵ Suirbhé Taithí Tomhaltóirí maidir le Soghluaisteacht, (2019), Doiciméad ComReg 19/101

³⁶ Behaviour & Attitudes, (2020), "Techscape 2020"

³⁷ Suirbhé Taithí Tomhaltóra maidir le Soghluaisteacht, (2019), Doiciméad ComReg 19/101

Fíor 7: Úinéireacht agus Úsáid na dTeicneolaíochtaí sa Bhaile³⁸

	18-34	35-54	55+
	%	%	%
Rochtain ar Leathanbhanda Seasta sa bhaile	86	81	58
Rochtain ar sheirbhís theileafóin sa bhaile	25	39	49
Rochtain ar fhón póca	97	98	91
Féachann ar an Teilifís ar Tháibléad / iPad	11	9	1
Féachann ar an Teilifís ar Theilifís Chliste	76	75	48
Féachann ar an Teilifís ar fhón cliste	21	14	5
Úsáideann Netflix	62	46	18
Úsáid leathúil as Ríomhphost*	92	91	81
Úsáid laethúil as Aipeanna Teachtaireachta*	90	86	74
Úsáid laethúil as ábhar Físe*	76	64	39
Úsáid laethúil as baincéireacht ar líne*	51	40	31
Úsáid laethúil as siopadóireacht ar líne*	25	22	7
Uaireadóir cliste/rianaire corpacmhainne inchaite**	46	43	32
Apple pay nó Android pay**	40	26	14
*Torthaí ó Shuirbhé um Sheirbhísí Digiteacha & Sábháilteacht ar Líne ComReg (Ar Líne) *Torthaí ó Shuirbhé Teicneolaíochta ComReg 2021 (Ar Líne)			

38 Suirbhé Teicneolaíochta ComReg (2021), Doiciméad ComReg 21/ 30, Suirbhé ar Sheirbhísí Digiteacha & Sábháilteacht ar líne, (2021), Doiciméad ComReg 21/09 and Suirbhé ComReg ina bhfuil Éire ag Cumarsáid, (2021), Doiciméad ComReg 21/ 32b

Iompraíochtaí Thomhaltóirí

A 2.34 Bíonn muinín tomhaltóirí i roghnú earraí agus seirbhísí teileachumarsáide faoi réir ag tosca éagsúla. Mar gheall ar nádúr na hearnála um chumarsáid leictreonach cruthaítear timpeallacht ina mbíonn sé deacair ar thomhaltóirí cinntí a dhéanamh. Mar gheall ar na tréithe tionsclaíochta seo, d'fhéadfadh sé nach ndéanadh na tomhaltóirí na roghanna is fearr agus d'fhéadfadh oibrítheoirí an margadh a dhíchumadh a thuilleadh tríd an mbealach a roghnaíonn siad eolas agus roghanna a chur i láthair do thomhaltóirí chun brabúis a mhéadú.

Taithí Thomhaltóirí

A 2.35 Ciallaíonn an pátrún de líonraí atá á gcur i bhfeidhm ar fud na tíre chomh maith le glacadh teicneolaíochta ar leibhéal éagsúla ar fud na déimeagrafaice nach bhfuil taithí tomhaltóirí san earnáil ar aon réim. Tugann na forbairtí seo deighiltí digiteacha le fios atá nua nó tarraingthe níos géire. Ó tharla go bhfuil daoine ag brath níos mó ar nascacht go laethúil, tá na leibhéal fhéideartha éagsúla de ríomh-ionchuimsiú níos géire ná riamh a tharraingeoidh aird na polaitíochta sa tréimhse amach romhainn.


A 2.36 Mar atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise, tá líon suntasach de thomhaltóirí ag leanúint le ceisteanna a ardú chun fáil ar ECN/ECS agus PRS. Is iad na ceisteanna a bhaineann le billeáil, conarthaí agus seirbhísí na príomhcheisteanna a ardaíonn tomhaltóirí faoi ECN/ECS, cé go bhfuil líon na gceisteanna faoi inaistritheacht uimhreach agus athruithe mhéadaithe go mór le gairid. Leanann ceisteanna le PRS go háirithe maidir le síntiúsaíocht, lena bhfuil céatadán suntasach de na teagmhálacha iomlána a frítheadh.

A 2.37 Tugann ComReg faoi deara na torthaí a tháinig ó Shuirbhé Cxi 2020³⁹ d'Éirinn a léiríonn laigeacht san earnáil Chumarsáide maidir leis an taithí custaiméara, i gcomparáid le hearnálacha eile sa gheilleagar.

Margaí agus Seirbhísí Gaolmhara

A 2.38 Is é an tríú treocht a aithnítear ná conas a leagann na dinimicí a athraíonn sna margaí gaolmhara béim ar an earnáil um chumarsáid leictreonach. De réir mar a thagann na margaí gaolmhara chun cinn, éiríonn na línte sna margaí doiléir agus athraítear struchtúr an tionscail agus an tírdhreach iomaíoch. Measann ComReg margaí ionchurtha, margaí comhlántacha agus margaí iarteachtacha faoin treocht seo.

Fíor 8: Margaí agus Seirbhísí Gaolmhara



Margaí Ionchurtha

A 2.39 Áirítear ar na margaí ionchurtha déantúsóirí trealamh líonra a chruthaíonn an trealamh chun úsáid ECS a éascú. Téann margaí ionchurtha i bhfeidhm ar an earnáil ar bhealaí éagsúla, cosúil le costas an líonra a chur i bhfeidhm, caighdeán seirbhíse agus slándáil. Meastar dhá fhorbairt i gcomhthéacs margaí ionchurtha, modúl aitheantais rannpháirtí leabaithe (**eSim**) agus Intleacht Shaorga (**IS**).

A 2.40 Is é an eSim an t-atriall is déanaí de theicneolaíocht an chárta SIM a ligeann soláthar thar an líonra de sheirbhísí líonra gan gá le cárta fisiciúil. Tá sé friotaíoch in aghaidh geiteanna fisiciúla, creathanna agus bogthaise, agus tá saolré fada aige. Tá an eSim feiliúnach mar sin d'úsáidí ar mhórsála

M2M cosúil leis an tionscail carranna, áit nach mbeadh Simeanna a athraíonn indéanta go heacnamaíoch. Tá sé feiliúnach freisin do ghléasanna tomhaltóirí éagsúla cosúil le sásanna láimhe móibíleacha agus teicneolaíochtaí inchaite. Mar gheall ar na tréithe seo agus na cásanna úsáide féideartha a thairgeann sé, tá an fhéidearthacht ag eSimeanna an tírdhreach iomaíoch a athrú sna margaí móibíleacha, M2M agus margaí gaolmhara. Mar shampla, maidir le M2M, d'fhéadfadh eSimeanna costais a laghdú go suntasach i gcásanna ina bhfuil gléasanna nasctha i gcóras. D'fhéadfadh gnólachtaí idirmheánacha an dúshlán a ghlacadh na tairiscintí is fearr do ghnólachtaí a fháil agus a gcuid síntiús a bhainistiú. Do thomhaltóirí, d'fhéadfadh eSimeanna síntiús ar ilghléasanna a chumasú.

A 2.41 Beidh an fhéidearthacht agus forbairt na eSimeanna ag brath ar chaighdeáin atá glactha ag an tionscail. Faoi láthair, níl aon oibritheoir in Éirinn ag tairiscint eSimeanna. Tá líon déantúsóirí gléasanna a bhfuil eSim san áireamh sna sásanna láimhe móibíleacha ar díol i margadh na hÉireann. Leanann ComReg ag monatóireacht an spás seo agus aon fhorbairtí a bhaineann leis.

A 2.42 Treocht tábhachtach eile is ea an úsáid a bhaintear as Intleacht Shaorga ('IS') mar ionchur san earnáil ECS. Mar a pléadh in Explanatory Box 4 thíos, baintear úsáid as IS san earnáil ar bhealaí éagsúla, ó úsáid acmhainní raidió a optamú chun costais oibríochtúla a laghdú trí sheirbhísí custaiméara snaботаí comhrá.

Bosca Mínitheach 4: Intleacht Shaorga (IS)

Dar leis an gCoimisiún Eorpach (CE) déanann IS "tagairt do chórais a léiríonn iompraíocht chliste tríd anailís a dhéanamh ar a thimpeallacht agus trí ghníomhaíochtaí a dhéanamh - le céim féinrialach ar leith - chun aidhmeanna ar leith a bhaint amach".ⁱ D'fhéadfadh córais IS a bheith bunaithe ar bhogearraí amháin (e.g. bogearraí íomhá anailís, innill chuardaigh, uirlísí aistriúcháin, teicneolaíochtaí aghaidh-aitheanta) nó leabaithe i ngléasanna crua-earraí (e.g. dordáin, gléasanna IoT, ardróbait, feithiclí féinrialaitheacha).

San earnáil ECS, baintear úsáid as Intleacht Shaorga (IS) le haghaidh réimse feidhmeanna. Chuir oibritheoirí algartaim mheaisínfhoghlama i bhfeidhm chun úsáid acmhainní raidió a optamú chun ídiú fuinnimh a laghdúⁱⁱ mar aon leботаí comhrá a úsáid chun dul i dteagmháil le custaiméirí. Fuair tuarascáil Ericsson, a rinne suirbhé ar 132 soláthraí seirbhíse teileachumarsáide go domhanda, go raibh súil ag níos mó ná leath na n-oibritheoirí glacadh le IS faoi dheireadh 2020, mar aon le 19% ag glacadh leis faoi 2023. Is iad na príomhárteanna ina bhfuil oibritheoirí ag feiceáil buntáistí IS iontu ná caighdeán seirbhíse a bhainistiú (17%) agus coigiltis chostas oibríochtúla (16%).ⁱⁱⁱ

Cé gur féidir le IS buntáistí suntasacha a thabhairt isteach sna hearnálacha, agus táthar ag súil go mbeidh méadú suntasach i gceist, baineann líon údair imní, lena n-áirítear claontacht, teimhneacht, slándáil, dliteanas agus eiticí. Mar shampla, is féidir le córais IS feabhsú ach foghlaim ó shonraí. Más rud é, áfach, go bhfuil claontacht gan chuimhneamh nó neamhiomlán sna sonraí a úsáidtear, d'fhéadfadh claontacht a bheith leabaithe sna córais IS agus úsáid a bhaint astu ar scála.^{iv} Tá an CE ag súil le creat rialála a mholadh faoi IS in 2021.

Mar gheall ar an ról méadaitheach atá ag digitíú sa sochaí agus an nádúr bunúsach de sheirbhísí ECS, tá sé ríthábhachtach go gcoimeádann ComReg feachtas faoi na forbairtí seo agus go gcoinníonn ComReg comhrá oscailte faoin ábhar le rialtóirí earnála eile. Maidir leis an méid sin, leanfaidh ComReg ag obair i gcomhar leis an Líonra Rialaitheora Eacnamaíoch (ERN) maidir le ceisteanna a bhaineann le forbairtí i reachtaíocht dhigiteach Eorpach agus na himpleachtaí do bhearta digiteacha agus rialúchán Éireannacha.

ⁱ An Coimisiún Eorpach (2017), "Artificial Intelligence for Europe"

ⁱⁱ Doiciméad ComReg 20/27

ⁱⁱⁱ Ericsson, (2018), "Employing AI techniques to enhance returns on 5G network investments"

^{iv} McKinsey Global Institute, (2019), "Tackling bias in artificial intelligence (and in humans)"

Margaí Comhlántachta

- A 2.43** Tá margaí comhlántachta (e.g. sásanna láimhe nó gléasanna IoT) tábhachtach a mheas ó tharla go mbíonn éifeacht acu ar chaighdeán an taithí agus seirbhísí ECS in úsáid, lena n-áirítear nascacht agus slándáil.
- A 2.44** Is é an margadh a bhaineann le sásanna láimhe tomhaltóirí margadh comhlántachta tábhachtach do ComReg. Thaispeáin Suirbhé MCE 2019 ComReg go raibh fón cliste Samsung ag 40% de fhreagróirí, agus Apple iPhone ag 32%⁴⁰. Sna blianta amach romhainn, tá ComReg ag súil go mbeadh ról suntasach ag na sásanna láimhe seo, mar aon le líonraí cábla snáthoptaice agus 5G, chun úsáid na ndaoine a fhorbairt mar aon lena dtaithe agus a dtuilleamaí ar ECS.
- A 2.45** Tá córas oibríochta na ngléasanna ag baint le branda an sáis láimhe. Tá na margaí seo suntasach mar gheall ar chaighdeán an chórais oibríochta agus d'fhéadfadh an sás láimhe tionchar a bheith ar thaithí tomhaltóirí. D'fhéadfadh úsáideoir aireachtáil go bhfuil na luasanna íoslódáilte níos moille ná mar atá íoctha acu, go bhfuil a nascacht líonra níos measa, agus a n-úsáid go ginearálta difriúil ó tharla go bhfuil aeróg níos lú ag a ngléas, go mbreathnaíonn sé difriúil, nó go bhfuil scáileán ar chaighdeán íseal aige.
- A 2.46** Amach anseo, d'fhéadfadh tuiscint ComReg maidir le sás láimhe traidisiúnta athrú agus déantúsóirí gléasanna ag dul chun cinn le nuálaíochtaí agus tomhaltóirí ag tosú ag glacadh le gléasanna comhlántachta eile cosúil le huairadóirí cliste nó fearais chinn um réaltacht fhíorúil (VR) nó réaltacht bhreisthe (AR).

Margaí sruth-eochraithe

- A 2.47** Tá margaí sruth-eochraithe, cosúil le seirbhísí ar líne ('OTT')⁴¹, curtha san áireamh freisin de réir éileamh tomhaltóirí ar ECN/S atá tiomanta ag mian tomhaltóirí páirt a ghlacadh sna margaí sruth-eochraithe (e.g. chun cumarsáid le cairde, teaghlach, comhghleacaithe nó siamsaíocht a dhéanamh).
- A 2.48** Cé go bhfuil ról bunúsach ag ECS, tairgeann OTTanna réimse seirbhísí do thomhaltóirí chun iad a chur ar a gcumas cumarsáid, obair, foghlaim agus siamsaíocht a chur ar fáil dóibh. Mar shampla, mar gheall ar an bhfáil atá ar fhíschomhdháil agus ar fheidhmeanna comhoibríthe fíorúla, éascaítear "réamhlóid" na cianoibre atá tiomanta ag Covid-19. Faoi Nollaig 2020, baineann 82% d'úsáideoirí ar líne úsáid as aipeanna teachtaireachta OTT go laethúil agus bíonn 59% ag féachaint ar ábhar físe go laethúil.⁴² Tá tionchar ag ardú na dteachtaireachtaí, glaonna gutháin agus físe OTT ar thrácht líonra agus ioncaim oibrítheoirí teileachumarsáide traidisiúnta agus táthar ag súil go leanfar leis sin.
- A 2.49** Tá tionchar suntasach ar mhargaí craolacháin mar gheall ar ardú seirbhísí OTT. Tá 1.2 milliún úsáideoir de sheirbhísí físe bunaithe ar shíntiús in Éirinn agus táthar ag súil go mbeidh an líon seo ag fás⁴³. Fuair Suirbhé Nascachta ComReg 2021 go raibh 40% de fhreagróirí ag baint úsáid as Netflix agus 13% ag baint úsáid as Amazon Prime⁴⁴. Mar fhreagra ar an mbrú seo atá ag ardú ó sheirbhísí OTT, tá craoltóirí Éireannacha ag cur lena láithreach ar líne, chun imreoirí athdheise (úsáidte ag 20%⁴⁵) agus ábhar spóirt, beo agus cultúrtha a thairiscint. Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil seirbhísí

⁴⁰ Suirbhé Taithí Tomhaltóirí maidir le Soghluasteacht, (2017), Doiciméad ComReg 17/ 100a

⁴¹ Déanann seirbhísí OTT tagairt do sheirbhísí cumarsáide a chuirtear ar fáil ar an idirlíon (ar léibhinn cosúil le WhatsApp), glaoanna a dhéanamh (ar fheidhmeanna cosúil le Zoom), agus féachaint ar an teilifís (ar sheirbhísí sruthaithe cosúil le Netflix).

⁴² Suirbhé ar Sheirbhísí Digiteacha & Sábháilteacht ar líne, (2021), Doiciméad ComReg 21/09

⁴³ Statista, (2020), "Video Streaming (SVoD) Ireland"

⁴⁴ Suirbhé Nascachta ComReg 2021, Doiciméad ComReg 21/30

⁴⁵ Suirbhé Nascachta ComReg 2021, Doiciméad ComReg 21/30

físeáin OTT seolta ag Sky agus Virgin Media ar a dtugtar NowTV agus VirginMedia Player faoi seach. Tá tairiscint ar líne seolta freisin ag Eir atá i gcomhpháirt le Apple TV. Is fiú a thabhairt faoi deara, go raibh méadú sealadach i gcláir theilifíse bheo mar gheall ar an éigeandáil Covid-19⁴⁶.

- A 2.50** In ainneoin go bhfuil réimse buntáistí cruthaithe ag digitíú, tá sé ag éirí níos soiléire go bhfuil réimse leathan de dhúshlán ag baint leis an ngeilleagar digiteach. Tá Rialtais, rialaitheoirí agus an sochaí níos leithne ar an eolas níos mó faoi na díobhálacha féideartha a bhaineann le geilleagar digiteach, lena n-áirítear údair imní faoi chumhacht mhargaidh na léibheann digiteacha, ábhar ar líne díobhálach, príobháideacht agus slándáil, i measc ábhair eile. I Nollaig 2020, fuair Suirbhé ar Sheirbhísí Digiteacha & Sábháilteacht ar Líne ComReg go raibh dhá thrian d'úsáideoirí ar líne ag tuairiscíú go raibh siad comhfhiosach faoina bpríobháideacht ar líne le bliain anuas agus aithníonn 57% an dúshlán a bhaineann le hábhar díobhálach ar líne.⁴⁷
- A 2.51** Tá forbairt ar leith ag teacht chun cinn sa timpeallacht rialaithe de chraoltóireacht agus de mhargaí seirbhíse ar líne. I mí Eanáir 2020, foilsíodh an Bille um Shábháilteacht ar Líne agus Rialúchán sna Meáin.⁴⁸ Iarrann an Bille molta foráil a dhéanamh do bhunú Coimisiún na Meán (lena n-áirítear Coimisinéir Sábháilteachta ar Líne) a thagann in ionad Údarás Craolacháin na hÉireann ('BAI').⁴⁹ Beidh síneadh curtha le cumhachtaí Choimisiún na Meán go hábhar uaslódáilte ar shuíomh gréasáin na meán sóisialta. Ligfidh an méid sin ceisteanna a tharraingt anuas cosúil le rochtain leanaí ar ábhar díobhálach agus ábhar do dhaoine fásta trí bheartais a chur i bhfeidhm cosúil le rialúcháin tuismitheoirí agus uirlísí maidir le fíorú aoise a iarraidh ar

shuíomh gréasáin. Molann an Bille cumhachtaí imscrúdaithe agus comhlíonta do Choimisiún na Meán, lena n-áirítear smachtbhannaí airgeadais riaracháin.

An Todhchaí maidir le Rialúchán san Earnáil

- A 2.52** Baineann an príomhthreocht a aithníodh leis an ráta athruithe sa rialúchán san earnáil. Agus rialtas nuabhunaithe le gairid chomh maith le Coimisiún Eorpach nuabhunaithe, tiocfaidh réimse forbairtí sa rialúchán den ECS agus de na hearnálacha ábhartha chun cinn le linn an ráitis straitéise. Tá dhá phríomhthaca ag sainordú reatha an CE, 'Margadh Glas na hEorpa' agus 'Eoraip a chumasú don ré digiteach'. Tá tionchar ag na tacaí seo ar fhorbairt rialúchán san ECS agus sna ranna ábhartha.
- A 2.53** Cruthaíodh An Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach ('EECC'), a glacadh faoi Nollaig 2018, chun creat reachtaíochta nua a chur ar fáil do mhargaí ECS san Eoraip a ligeann do chomhchuibhiú níos cóngaraí idir na margaí difriúla ar fud an Aontais Eorpaigh, agus áisítear an céim dá bhrí sin i dtreo an Mhargaidh Digitigh Aonair. Ag an am céanna, tá an Clár Rialtais tiomanta ar Straitéis Digiteach Náisiúnta a fhoilsiú agus tacú le cumhachtaí forfheidhmithe ComReg. Tá líon príomhfhorbairtí a bheas ag glacadh páirte maidir le rialúchán san earnáil (agus margaí ábhartha) á bplé go mion thíos.

Athruithe agus Forbairtí Reachtúla

- A 2.54** Amach anseo beidh líon athruithe agus forbairtí reachtúla i bhfeidhm a bheas tionchar acu ar ról agus ar shainordú ComReg. Maidir lena hullmhú don Straitéis ECS, mheas ComReg a thionchar ar fhorbairtí reachtúla. I rith an doiciméid, más cuí, tá ComReg ag iarraidh díriú ar na forbairtí seo.

⁴⁶ Féach Achoimre Teilifíse míosúil de chuid TAM Ireland <https://www.tamireland.ie/category/viewing-trends/>. Léiríonn sonraí TAM Ireland ardú 11% i gcláir theilifíse bheo idir Mhárta 2019 agus Márta 2020. Léiríonn sonraí ó Mhárta 2021 laghdú 12% i gcomparáid le sonraí ó Mhárta 2020, rud a léiríonn filleadh arís ar leibhéal na gclár teilifíse roimh Covid-19.

⁴⁷ Suirbhé ar Sheirbhísí Digiteacha & Sábháilteacht ar líne, (2021), Doiciméad ComReg 21/09

⁴⁸ An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán, (2020). An Bille um Shábháilteacht ar Líne agus Rialúchán sna Meáin <https://www.gov.ie/en/publication/d8e4c-online-safety-and-media-regulation-bill/>

⁴⁹ An Bille um Shábháilteacht ar Líne agus Rialúchán sna Meáin

• **Sainordú um Chosaint Tomhaltóirí:**

Tá an AE ag forbairt Clár Oibre Tomhaltóirí Nua, a chuireann le sainordú ComReg a fhorbairt faoi dhlí na hÉireann. Tá Bille um Chearta Tomhaltóirí anois ar Chlár Reachtúla Earraigh de chuid an rialtais chun Treoracha AE ábhartha a thrasú, agus chun forálacha reachtúla ar chearta tomhaltóirí agus leigheasanna a leasú chun dáta agus a chomhdhlúthú maidir le conarthaí chun seirbhísí neamhdhigiteacha, téarmaí conartha éagóracha, agus eolas agus cearta cealaithe a chur ar fáil. Tá forbairt á déanamh freisin ar reachtaíocht náisiúnta do ComReg maidir le Rialúchán Comhoibrithe um Chosaint Tomhaltóirí.

• **Straitéis Chibearshlándaála don Ré Digiteach sna Deich mBliana amach romhainn:**

Tá ról ComReg ag teacht chun cinn faoin straitéis AE seo lena n-áirítear: an Treoir ar Shlándaíl Líonra agus Córais Faisnéise (Treoir NIS agus Teoir molta NIS 2) maidir le hionchuimsiú de chumarsáidí leictreonacha mar sheirbhís riachtanach agus san earnáil infreastruchtúr digiteach ábhartha araon; Rialacha Slándaála Teileachumarsáide atá mar thoradh ar Mholtaí an AE 2019 2335; agus moladh reachtúil do bhearta sa bhreis ar chosaint infreastruchtúr ríthábhachtach. Lorgaíonn ComReg forbairt reachtúil éifeachtach agus éifeachtúil a chinntiú chun a chur ar chumas comhlíontacht na n-oibritheoirí Teileachumarsáide agus na ngnólachtaí digiteacha infreastruchtúr a chosaint chun seirbhísí riachtanacha a sholáthar.

• **Laghdú ar Chostas Leathanbhanda:**

Tá páirt ag ComReg i mbosca uirlísí deachleachtais a sheachadadh mar thoradh ar an athbhreithniú ar an Rialúchán um Laghdú ar Chostas Leathanbhanda. Tuarann ComReg ról leanúnach sa réimse seo de réir mar a thagann na riachtanais chun cinn.

• **Cumarsáidí Príobháideacha agus**

Leictreonacha: Tá ról ComReg maidir le príobháideacht leictreonach ag teacht chun cinn agus tá ionchur leanúnach ag ComReg i Rialúchán R-Phríobháideachta an AE agus maolú molta an AE sa Treoir Cumarsáidí Príobháideacha agus Leictreonacha 2002/58/AE (I.R. Uimh. 336 de 2011). Tá na moltaí seo á gcur faoi chaibidil go fóill ar leibhéal an AE, agus idir an dá linn, leantar le ról monatóireachta agus infheidhmithe ComReg faoin seanTreoir (2002/58/CE).

• **Faireachas Margaidh:** Tá ComReg ainmnithe mar Údarás um Faireachas Margaidh maidir le dhá Threoir AE - an Treoir maidir le Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach⁵⁰ ('EMCD') agus an Treoir maidir le Trealamh Raidió⁵¹ ('RED'). Mar Údarás um Faireachas Margaidh don Treoir maidir le Trealamh Raidió, tá ComReg freagrach as riachtanais sábháilteachta an Treoir Ísealvoltais⁵² ('LVD'), mar go dtagraíonn siad do threalamh raidió. Tá sé mar aidhm ag faireachas margaidh cosc a chur ar tháirgí neamhchomhlíontacha dul isteach sa mhargadh, aon áit san AE, agus táirgí neamhchomhlíontacha a lorg agus a chaitheamh amach a tháinig isteach sa mhargadh. Tá an Rialúchán nua AE maidir le "Pacáiste Earraí" (AE) 2019/1020 ar faireachas margaidh agus táirgí a chomhlíonadh á chur i bhfeidhm ón 16 Iúil 2021.

50 Tá an EMCD á thrasú i ndlí na hÉireann ó Rialacháin 2017 an Aontais Eorpaigh (Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach) (I.R. Uimh. 69/2017).

51 Tá an RED á thrasú i ndlí na hÉireann ó Rialacháin 2017 an Aontais Eorpaigh (Trealamh Raidió) (I.R. Uimh. 248/2017).

52 Tá an LVD á thrasú i ndlí na hÉireann ó Rialacháin 2016 an Aontais Eorpaigh (Trealamh Leictreach Ísealvoltais) (I.R. Uimh. 345/2016)

Moltaí AE Nua agus Moltaí Ionchais don Todhchaí

Tabharfaidh an Rialúchán AE líon athruithe tábhachtacha isteach a thiomáinfidh ról ComReg atá ag teacht chun cinn mar Údarás um Fhaireachas Margaidh lena n-áirítear:

- Riachtanas d'oibritheoir eacnamaíoch de chuid an AE atá freagrach as táscanna comhlíonta ar leith do tháirgí a thiteann faoi na córais liostáilte (go ginearálta, na córais mharcála CE).
- Freagrachtaí do sholáthróirí seirbhísí comhlíonta maidir le táirgí a thiteann faoin reachtaíocht liostáilte agus é á láimhseáil sa chás nach bhfuil aon oibritheoir eacnamaíoch eile de chuid an AE le freagracht as comhlíonadh.
- Íosmhéid cumhachtaí nach mór do Bhallstáit a chur ar fáil d'údaráis um fhaireachas margaidh.
- Riachtanas ar Bhallstáit rialacha a leagan síos do phionóis mar gheall ar shárú ar reachtaíocht sa mhéid nach bhfuil déanta acu cheana.
- Cumas na mBallstát údarás a thabhairt dá n-údaráis um fhaireachas margaidh go "hiomláine na gcostas dá ngíomhaíochtaí maidir le háisc neamhchomhlíonta" ón oibritheoir eacnamaíoch ábhartha in imthosca ar leith.
- Forálacha a mhéadú chun eolas faoi fhaireachas margaidh a mhalartú idir údaráis um fhaireachas margaidh lena n-áirítear Líonra Comhlíonta Táirge Aontais a bhunú a bheas déanta d'ionadaithe ó gach Ballstát.
- Forálacha chun comhoibriú a mhéadú idir údaráis chustaim agus údaráis um fhaireachas margaidh, lena n-áirítear sonraí ar leith faoi chúrsaíocht saor de tháirgí a scaoileadh, cealú chúrsaíocht saor a scaoileadh agus diúltú de chúrsaíocht saor a scaoileadh.

A 2.55 Mar a thugtar faoi deara thuas, is príomhthaca den sainordú reatha é 'Eoraip a chumasú don ré digiteach'. Chun an méid sin a bhaint amach, leagann an straitéis digiteach amach líon tionscnaimh a bhaineann leis an earnáil ECS. Molann sé Rialachán um Laghdú ar Chostas Leathanbhanda a uasdátú, Plean

Gníomhaíochta Nuashonraithe ar 5G (agus 6G), clár um Bheartas Speictream Raidió nua agus tionscnamh ar Chonairí 5G⁵³.

A 2.56 In ainneoin go bhfuil réimse buntáistí cruthaithe ag digitiú, tá sé níos soiléire go bhfuil réimse leathan de dhúshláin ag baint

53 Cumarsáid ón gCoimisiún go dtí Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíochta agus Sóisialta na hEorpa Agus Coiste na Réigiún, Ag Cur Cruth ar Thodhchaí Digiteach na hEorpa 19.2.2020 COM(2020) 67 Deireadh.

leis an ngeilleagar digiteach. I mí Nollaig 2020, d'fhoilsigh an CE moltaí reachtúla dar teideal an tAcht um Sheirbhísí Digiteacha ('**DSA**') agus an tAcht um Mhargáí Digiteacha ('**DMA**'). Bunóidh an DMA creat rialála ex-ante le haghaidh ardáin dhigiteacha ar leith ainmnithe "Geatóirí". Beidh na geatóirí seo faoi réir ag líon oibleagáidí agus toirmisc a chuardaíonn margaí cothroma agus inchoimhlinte a chinntiú san earnáil digiteach. Leagfaidh an DSA amach "rialacha ar aon réim le haghaidh timpeallacht slán, intuatha agus iontaofa ar líne." Tá sé mar aidhm ag na rialacha seo cosaint níos fearr a thabhairt do thomhaltóirí ar líne chun nuálaíocht, fás agus iomaíocht a chothú sa mhargadh aonair.

A 2.57 Tá ComReg ag déanamh monatóireacht ghéar ar na forbairtí seo. Ó tharla go bhfuil gá le comhoibriú láidir in Éirinn, tá ComReg ag dul i dteagmháil leis an Líonra Rialaitheora Eacnamaíoch ('**ERN**'), le comhghleacaithe ón gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí ('**CCPC**') agus an BAI ar leith ar ábhair faoi rialúchán digiteach. Chuir ComReg leis an obair a rinne BEREC ar na ceisteanna seo, le béim ar leith ar an DMA. Tá cosúlachtaí idir mholadh an DMA agus an creat rialála ex-ante atá curtha i bhfeidhm san earnáil ECS. Mar sin, d'fhéadfadh go mbeadh taithí ComReg san earnáil ECS ábhartha de réir mar a thagann na moltaí seo chun cinn.

A 2.58 Táthar ag súil le moladh reachtúil ar AI in 2021. Leanfaidh ComReg ag déanamh monatóireacht ar na forbairtí seo agus beidh sé i dteagmháil leis an ERN agus ranna rialtais ábhartha eile, de réir mar is gá.

Athrú Aeráide, Fuinneamh agus ECS

A 2.59 Tá freagairt d'Athrú Aeráide mar phríomhthosaíocht ar leibhéal Eorpach agus náisiúnta. Tá béim agus ardú feasachta leagtha freisin ar an gcaidreamh idir an

earnáil ECS agus athrú aeráide. Ar lámh amháin, féadfaidh an earnáil ECS a bheith mar chumasóir d'fhonn dícharbónú, d'astú gás ceaptha teasa ('**GRGE**') a laghdú sna hearnálacha den gheilleagar, ó chianobair go talmhaíocht chliste, go méadair chliste, i measc nithe eile. Ar an lámh eile, d'fhéadfadh an digitiú den gheilleagar agus an úsáid níos mó de sheirbhísí ECS an lorg carbóin den earnáil a mhéadú agus dramhthrealamh leictreonach a mhéadú.

A 2.60 Leag an CE béim ar thábhacht na hearnála digitigh inbhuanaithe. Measfar bearta chun an geilleagar ciorclach a fheabhsú san earnáil digiteach mar aon lena éifeachtúlacht fuinnimh, ó líonraí ECS go hionaid sonraí go gléasanna ICT.⁵⁴ Sna deich mbliana amach romhainn, is dócha go mbeadh caidreamh siombóiseach idir ECS/ECN agus margaí fuinnimh ag teacht chun cinn mar go mbeadh bainistíocht éifeachtach den eangach leictreach ag brath ar nascacht le ECS/ECN agus méadair chliste.

A 2.61 Chun measúnú ar an ngá atá le níos mó trédhearcachta ar impleacht timpeallachta ECS mar aon le bearta níos géire agus líonraí nua in úsáid, tá béim leagtha ar thábhacht an nádúir chiorclaigh a bhaineann le Plean Gníomhaíochta um Gheilleagar Ciorclach. Go hidirnáisiúnta, tá líon comhlachtaí rialála san earnáil ECS ag tosú ag gníomhú ar an ábhar seo, lena n-áirítear Arcep⁵⁵ (rialaitheoir ECS na Fraince) agus an Grúpa Beartas um Speictream Raidió⁵⁶ ('**RSPG**'). Tá ComReg ag cur i gcónaí le hobair an ghrúpa saineolaithe Líonra nuachruthaithe ar Inbhuanaitheacht ag BEREC.

A 2.62 Mar gheall ar mhéid na dtionscnamh a chuirfear i gcrích chun díriú ar an lorg carbóin den earnáil ECS agus é a mheas sna blianta amach romhainn, is príomhthreocht é a mbeidh ComReg ag monatóireacht.

⁵⁴ Cumarsáid ón gCoimisiún go dtí Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíochta agus Sóisialta na hEorpa Agus Coiste na Réigiún. Margadh Glas na hEorpa COM/2019/640 Deireadh

⁵⁵ Mar shampla, Arcep (2020), "Networks And The Environment", <https://En.Arcep.Fr/News/Press-Releases/View/N/Networks-And-The-Environment.Html>

⁵⁶ RSPG, (2019), "Clár Oibre do 2020 Agus Ina Dhiadh"

Bosca Mínitheach 5: Glaoch ar Ionchuir - Nascacht agus Dícharbónú

I mí Nollaig 2019, d'fhoilsigh ComReg Glaoch ar Ionchuir maidir le Nascacht agus Dícharbónú.ⁱ Bhí sé mar aidhm ag an nGlaoch ar Ionchuir a chur ar chumas ComReg tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaidreamh san earnáil um chumarsáid teicneolaíochta maidir le hathrú aeráide, lena n-áirítear conas a chabhraíonn an earnáil le dícharbónú sa gheilleagar ar fad, conas is féidir leis an earnáil a lorg carbóin a laghdú agus conas dul i dtraithí ar thimpeallacht atá ag athrú.

Fuair ComReg seacht bhfreagra do Ghlaoch ar Ionchuir a foilsíodh ina dhiaidh sin.ⁱⁱ Chuir an Glaoch ar Ionchuir agus na freagraí béim ar an earnáil ECS gur féidir leis a bheith ina chumasóir do laghduithe GHGE in earnálacha éagsúla den gheilleagar, cosúil le hiompar, leictreachas, tionscail agus talmhaíocht. Go suntasach, leag freagróirí lasmuigh den earnáil ECS (e.g. fuinneamh, talmhaíocht) béim ar an tuilleamaí a chuirfear ar nascacht chun laghduithe in GHGE a chur ar fáil sna blianta amach romhainn.

Ag an am céanna, leag oibritheoirí ECS béim ar a n-iarrachtaí leanúnacha GHGE a mheas agus a laghdú a bhaineann lena n-oibrithe. Rinne roinnt oibritheoirí suntas dá spriocanna a bhfuil bunús leo agus a gcuid pleananna dícharbónú agus leag siad béim ar na buntáistí timpeallachta a bhaineann le hathrú go cábla snáthoptaice, ó líonraí copair.

i ComReg Document 19/126

ii ComReg Document 20/27

An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
Commission for Communications Regulation

1 Lárcheantar na nDugaí, Sráid na nGildeanna, BÁC 1, Éire, D01 E4X0.
One Dockland Central, Guild Street, Dublin 1, Ireland, D01 E4X0.

Teil | Tel +353 1 804 9600

Rphost | Email strategy@comreg.ie

Suíomh | Website www.comreg.ie